

*Pictiúir ar Oileáin:
As Cartlann Chambers,
1929-1938*



*Pictiúir ar Oileáin:
As Cartlann Chambers,
1929-1938*

Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe

‘...cuimhne dhoiciméadach chontae na Gaillimhe a shealbhú, a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana’

Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe

George Chambers was a different man...

He had very early found a way, a philosophy of life, which was in some ways spartan, without excluding pleasure. He did not wish to compromise with the second-rate, whether in the material, the social or the moral sphere. The writings of William Morris coloured much of his social thinking: rank meant nothing to him, the man was everything.

Caint ag sochraid a rinne Ivan, mac George Chambers, lá na sochraide, 1960 (GP9/6)

‘Himself’, George Chambers, Gaillimh, 1931 (GP9/1)

Clár

Arna Fhoilsiú ag:

Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe
2022

© Comhairle Chontae na Gaillimhe agus na hÚdair

ISBN 978-1-3999-3593-7

Eagarthóir: Patria McWalter

Maoiniú:

Ón gclár Éire Ildánach faoi Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2018 - 2022

Clódóireacht: iSupply

Dearadh: Pure Designs

Aistriúchán: Europus

Gach ceart ar cosaint

Rinne na húdair agus an foilsitheoir gach dícheall a chinntiú go raibh an t-eolas cruinn tráth ar cuireadh an saothar seo i gcló; ní ghlacann na húdair ná an foilsitheoir le haon dliteanas i leith páirtí ar bith maidir le caillteanas, damáiste ná clúmhilleadh a tharlódh de bharr earráide ná easnaimh agus séantar aon dliteanas den sórt sin, cibé an de thoradh ar fhaillí, ar thimpiste nó ar aon chúis eile earráid nó easnamh den chineál sin.

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Buíochas	9
Réamhrá	11
George Chambers, Duine Diamhair	17
<i>Patria McWalter</i>	
Éadáil Bhailiúchán Chambers	31
Pictiúir Chontae Chorcaí, 1929	37
<i>Rory Bunce</i>	
Pictiúir Ghleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin, 1929	51
<i>Catherine Wright</i>	
Pictiúir Oileáin Árann Agus Chathair Na Gaillimhe, 1931	59
<i>Dr Jim Higgins</i>	
Albam Na Mblascaodaí, 1931 - 1938	73
<i>Michael Lynch</i>	
Albam Dhún Na Ngall, 1932	85
<i>Dr Niamh Brennan</i>	
Pictiúir Chliara, 1937	101
<i>Patria Mcwalter</i>	
Albam Dhairbhre Agus Na Scealg, 1938	117
<i>Michael Lynch</i>	
Na hÚdair	126



*'A Wayside Well',
Árainn Mhór, Co. Dhún
na nGall, 1932
(GP9/3)*



*'My Host John Lynch',
Dairbhre, Co. Chiarraí,
1938
(GP9/5, p6)*

Buíochas

Is mian le Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe buíochas a ghabháil le húdair aistí an fhoilseacháin seo. Nuair a hiarradh ar na cartlannaithe agus ar na hoibrithe eile i réimse na hoidhreachta, a bhaineann leis na ceantair ar thug Chambers cuairt orthu, ábhar tráchttaireachta a chur ar fáil, ní raibh leisce ná drogall orthu cúnamh a thabhairt. Is fial a bhí siad lena gcuid ama agus lena gcuid saineolais agus tá comhthéacs soiléir le halbaim ghrianghrafadóireachta Chambers anois mar gheall ar a gcuid aistí. Cuireann siad beocht san ábhar cartlainne. Gabhtar buíochas ó chroí le is an Dr Niamh Brennan, Rory Bunce, an Dr Jim Higgins, Michael Lynch agus Catherine Wright.

Táthar buíoch freisin de na forais agus de na cartlanna ar fad a thug deis dúinn ar fhoinsí agus ar ábhar atá faoina gcúram. Táthar go mór faoi chomaoín ag Andrea King, Cartlannaí Ardingly College, Haywards Heath, West Sussex, Sasana, ag Muireann Ní Cheárna agus gach duine d’fhoireann Ionad an Bhlascaoid, agus ag Claire Doochan agus gach duine d’fhoireann Chnuasach Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Gabhtar buíochas freisin le comhghleacaithe i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, go háirithe Aoife O’Kelly as eagarthóireacht, profáil agus comhairle saineolais agus le Bernie Kelly (Leabharlannaí Cúnta an Chontae), Sharleen McAndrew, Aisling Mitchell agus Josephine Vahey as cabhair agus cúnamh leanúnach. Táthar buíoch freisin de lucht foirne Oifig Ealaíne Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de mheitheal Cultúir Éire Ildánach.

Réamhrá



'In the 'Mountains', Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)



'Island Carriers', Oileáin
Árann, Co. na Gaillimhe,
1931 (GP9/1)



'Going to the Mountain
Bog', Clíara, Co. Mhaigh Eo,
1937 (GP9/4)

Tá tuairisc thábhachtach ar shaol na ndaoine ar oileáin na hÉireann idir 1929 agus 1938 le fáil i mbailiúchán albaim grianghraf George Chambers. Cúig cinn d'albaim atá sa bhailiúchán, gach ceann acu dírithe ar oileán amháin nó ar ghrúpa oileán amach ó chósta na hÉireann. Tá d'ádh orainn in Éirinn go bhfuil corpas leitheadach grianghraf de na hoileáin ar fáil le tamall fada anuas agus iad ar coimeád anois i bhforais náisiúnta agus áitiúla, mar shampla, cartlanna, leabharlanna agus iarsmalanna. Is iomaí ceann de na bailiúcháin sin arb é cúis a bhí ag lucht a dtiomsaithe le cuairt a thabhairt ar na hoileáin staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an gcultúr, ar ghnéithe eitneolaíochta nó seandálaíochta; tá tuilleadh a cuireadh le chéile ar bhonn tráchtála. Ní hamhlaidh an cás maidir le grianghraif Chambers, arb é dearcadh báúil an turasóra as Sasana ar an taobh tíre sceirdiúil, ar na daoine agus ar shaol na ndaoine, atá le sonrú iontu, de réir mar a chonacthas dósan iad agus é ag caitheamh laethanta saoire an tsamhraidh.

Ainneoin an réimse fada cósta lena mbaineann na hoileáin, ón gceann is faide ó dheas de chósta an iardheiscirt chomh fada leis an gceann is faide ó thuaidh de chósta an iarthuaiscirt, is léir ó na pictiúir in albam Chambers nach mór an difear a bhí idir modh saoil na ndaoine ar na hoileáin éagsúla ainneoin iad a bheith scoite amach ón tír mór agus scartha óna chéile. Tá téamaí agus radharcanna coitianta ar a bhfud: tithe ceann tuí, ballaí cloiche, tithe solais, aillte, asail, portaigh, curacha, leanaí gealgháireacha cosnócha, mná faoi sheálta dorchá agus fir faoi chaipíní píce. Léirítear i bpictiúir Chambers gnéithe uile shaol na n-oileán ar bhealach faisnéisiúil firinneach, go báúil, tuisceanach, fonnmhar.

Áirítear le bailiúchán Chambers, i seilbh Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chomh maith comhad ábhair (GP9/6) arb é a mhórchuid mhór profa clóscríbhinne, réamhrá le Chambers san áireamh, arb é toradh a bheadh air an leabhar *Letters from the Great Blasket*.¹ Tugtar cuntas tábhachtach ar shaol an oileáin sa rogha sin de na litreacha² ó Eibhlís Ní Shúilleabháin chuig Chambers, ach is fianaise freisin iad ar an gceangal agus ar an gcairdeas dlúth a nascadh idir Eibhlís (nó Lís mar a thugtaí freisin uirthi) agus George agus é ar cuairt ar an oileán den chéad uair sa bhliain 1931. Mheasfaí gur chnuasaigh Chambers na litreacha ó Eibhlís agus gur chuir sé réamhrá leo le rún iad a fhoilsiú. Má rinne, ní fhaca sé féin an leabhar i gcló sular cailleadh é sa bhliain 1960, agus níor foilsíodh an leabhar go dtí an bhliain 1978. B'fhéidir gurb é a mhac, Ivan (a chaith a ré gairme ag obair do shiopa leabhar Bryce i Londain) a rinne

socrú le daoine dá lucht aitheantais i saol na foilsitheoireachta maidir leis an ábhar a chur in eagar agus a fhoilsiú tráth ab fhaide anall, nó d’fhéadfadh gur chuir muintir Chambers na litreacha ar ais chuig muintir Eibhlís agus gurb iadsan a shocraigh go bhfoilseofaí an t-ábhar ina leabhar.³

Sa chomhad (GP9/6) chomh maith, tá téacs aithisc faoin teideal *‘Spoken at the Funeral of George Chambers by his son, Ivan’*. Ba mhór an chabhair sin ó thaobh taighde a dhéanamh maidir le George Chambers agus cérbh é féin, ós beag a bhí ar eolas anuas go dtí an bhliain 2010 faoin duine diamhair seo arbh é ‘fear Londain’ ba mhinice a lua ag tagairt dó.

Saothar grianghrafadóireachta dubh agus bán atá i ngach ceann den cúig albam sa bhailiúchán, lena gcuirtear na huimhreacha tagartha GP9/1 go GP9/5. Níl gach grianghraf ar shárchaighdeán proifisiúnta ach tá siad ar dhea-chaighdeán ina dhiaidh sin féin ag grianghrafadóir amaitéarach. Tá ceannteidil scríofa leis na pictiúir ónar léir meas Chambers ar na daoine agus ar na háiteanna is ábhar do na grianghraif agus gnéithe áirithe den acmhainn grinnta a bhí ann chomh maith. I gcásanna áirithe, ainmnítear daoine atá sa phictiúr. Is minic freisin cártaí poist sna halbaim de na háiteanna a taobhaíodh. Tá athphictiúir freisin ann de ghrianghraif as bailiúcháin eile, go háirithe as Bailiúchán Grianghrafadóireachta Mason⁴ agus roinnt as Bailiúchán Grianghrafadóireachta Valentine.⁵ I gcásanna faoi leith, nuair is ríchósúil ábhar na ngrianghraf lena chéile, is deacair a dhéanamh amach an bunphictiúr a thóg Chambers féin atá ann nó athphictiúr as bailiúchán ghrianghrafadóra eile.

San fhoilseachán seo, *Island Images: From the Chambers Archive*, cnuasaítear aistí le daoine gairmiúla i gcúrsaí cartlainne agus oidhreachta, arna gcur in ord ama de réir mar a chnuasaigh George Chambers ábhar na n-albam. Táthar buíoch de na húdair as a gcuid ama a chaitheamh le heolas faoi na hoileáin éagsúla agus na háiteanna eile a phléitear a chur i láthair ar mhaithe le comhthéacs maidir le láthair na ngrianghraf agus tráth a dtógtha. Cuireann léargas na n-údar maidir leis na pictiúir agus na halbaim go mór le fiúntas an bhailiúcháin. Cuireann léargas na n-údar maidir leis na pictiúir agus na halbaim go mór le fiúntas an bhailiúcháin.

Dírítear i ngach aiste faoi leith ar oileán nó ar cheantar a thaistil Chambers. Féachtar in *Pictiúir ar Oileáin: As Cartlann Chambers*le buneolas staire a chur ar fáil faoi na háiteanna inar chaith sé sealanna agus le tuiscint a thabhairt ar na nithe a mheallfadh go dtí na háiteanna sin é. In imeacht naoi mbliana, anuas go dtí tús

an Dara Cogadh Domhanda, thug Chambers cuairt ar Bheanntraí agus ar an gceantar máguaird i gContae Chorcaí agus ar Ghleann Dá Loch i gContae Chill Mhantáin, ar Oileáin Árann i gContae na Gaillimhe, ar na Blascaodaí, Dairbhre agus na Scealga amach ó chósta Chiarraí, ar Árainn Mhór agus ar oileáin eile i gContae Dhún na nGall agus ar Chliara agus Acaill i gContae Mhaigh Eo. Cuirtear grianghraif as albaim Chambers ar fáil síos tríd an mbailiúchán d’fhonn bunchineál an ábhair a chur in iúl agus béim a leagan ar an tábhacht atá le hábhar dúisitheach an bhailiúcháin grianghrafadóireachta a mheas ina iomláine.

Is féidir bailiúchán Chambers a bhreathnú ar láithreán gréasáin Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe www.galway.ie/archives.

Patria McWalter
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Cartlannaí

Endnotes

- Sa bhliain 1978 a foilsíodh den chéad uair an leabhar arb é príomhábhar atá ann rogha de na litreacha, arna scríobh den chuid is mó ag Eibhlís Ní Shúilleabháin an oileáin chuig George Chambers idir na blianta 1931 agus 1951. Tugtar cuntas suntasach sna litreacha ar shaol an oileáin agus ar an mbuille coscrach a braitheadh nuair a d’fhág Eibhlís agus an líon tí an t-oileán i ndeireadh báire ag dul ina gcónaí ar an mintír sa bhliain 1942
- Tá bailiúchán iomlán de na litreacha i dtaisce i gcartlann Chnuasach Béaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a bhuíochas de Niamh Bean Uí Laoithe, iníon le hEibhlís. Bheadh le tuiscint as sin gur lean caidreamh, tar éis bhás George, idir muintir Chambers agus Eibhlís agus a muintir. Féach Almqvist, B., 1977, ‘Letters from the Great Blasket’ [Léirmheas ar *Letters from the Great Blasket*, le E. Ní Shúilleabháin]. *Béaloideas*, 45/47, ll. 270–272. <https://doi.org/10.2307/20521403>
- Tá Réamhrá le leabhar na bliana 1978, le Seán Ó Coileáin (Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh) agus ní le Chambers. Féach mar shampla Almqvist, B.,1977. ‘Letters from the Great Blasket’ [Léirmheas ar *Letters from the Great Blasket*, le E. Ní Shúilleabháin]. *Béaloideas*, 45/47, ll. 270–272, <https://doi.org/10.2307/20521403>
- Áirítear ar na pictiúir as Bailiúchán Grianghrafadóireachta Mason, atá ar coimeád i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, atá le fáil in albaim Chambers ‘Shipping cattle on Inishmaan’ (GP9/1, l. 3) mar shampla agus, is dócha, ‘Canoes’ (GP9/1, l. 6); ‘Shearing Sheep on the Second Strand’ (GP9/2, l. 26), Tomás Ó Criomhthain (GP9/2, l. 40), chomh maith le pictiúir éagsúla d’Acaill le Mason (GP9/4). Is dócha chomh maith gur pictiúir de chuid Mason ‘Interior of a cottage’ (GP9/2, l. 22) agus ‘A woman of the Island’ (GP9/2, l. 24) cé nach athphictiúir na cinn sin de na bunphictiúir a d’fhoilsigh Mason sa bhliain 1938 ina leabhar *The Islands of Ireland, Their Scenery, People, Life and Antiquities*, An Dara hEagrán, Leasaithe, London, B.T. Batsford Ltd
- Tá Bailiúchán Dairbhre i seilbh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Íomhá don albam Glendalough in Chambers (GP9/1), dar teideal ‘*St. Kevin’s Cross – for luck*’, ón mbailiúchán seo (VAL 84198), mar atá íomhanna Gleann Dá Locha ar fad.

George Chambers, Duine Diamhair,

Patria McWalter

Chambers ag fágáil slán ag Eibhlís agus ag an mBlascaod Mór, 1931 (GP9/2)



He loved the sea, and he was a man who loved islands. His visits...were an enrichment of experience not only for him but also for all of us who were fortunate enough to come within the spell of his enthusiasm’.

(Eulogy, GP9/6)


An tráth ar tharla Comhairle Chontae na Gaillimhe éadail a dhéanamh ar bhailiúchán Chambers sa bhliain 2010, is beag a bhí ar eolas maidir le George seachas an méid a bhí le baint as an leabhar *Letters from the Great Blasket*¹, agus níl ansin ach gurbh as Londain é.

Tá stracléargas ar an bhfear le fáil san aitheasc a thug Ivan Chambers² ag sochraid a athar sa bhliain 1960, téacs atá ar fáil sa bhailiúchán (GP9/6), ach is beag a léirítear ansin faoi shaol George Chambers ná faoina ré gairme. Tugtar le fios san aitheasc anamúil seo gurbh de thréithe George *‘a natural curiosity about things, interesting things over a wide range of subjects’*. Ba mhór an taitneamh a bhaineadh sé as filíocht, as siúlóid, as an bhfarraige agus as oileáin. Luann Ivan na Blascaodaí amach ó chósta Chiarraí agus na hOileáin Thiar amach ó chósta na hAlban agus áitíonn gurbh *‘an enrichment of experience not only for him but also for all of us who we were fortunate enough to come within the spell of his enthusiasm’* na cuairteanna ar na hoileáin. Tugtar le fios freisin gurbh de shliocht Inse Orc George, go ndeachaigh sé ar scoil in Ardingly³, go ndearna sé cónaí i Londain ar feadh 47 bliain agus go raibh sé beagnach 60 bliain pósta.

Ar an mbeagán eolais sin a bunaíodh obair thaighde a thioctadh i bhfad agus i gcógar. Tar éis tochailt a dhéanamh i bhfoinsí éagsúla cartlannaíochta, tá i bhfad níos mó ar eolas anois faoi George agus a theaghlach, agus faoin saol a chaith sé, ná mar a bhí nuair a tháinig na halbaim ghrianghraf i seilbh Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe an chéad lá.

Rugadh George an 29 Eanáir 1873⁴, mac le George agus Mary Ann Chambers. Fuair sé bás an 19 Meán Fómhair 1960 agus é 87 mbliana d’aois. Tá le tuiscint ó scrúdú a dhéanamh ar chlár Ardingly College i West Sussex, ar thaifid daonáirimh agus ar thaifid eile, gurbh Máistircheardaí a athair i mbun saoirseacht Crann agus Bloc do bháid seoil. Fuair an t-athair bás agus George ina ghasúr. I mbun teach lóistín a bhíodh a mháthair Mary Ann (née Jeffery).

I gceantar Lewisham in oirdheisceart Londain a phós a athair agus a mháthair, George agus Mary Ann, sa bhliain 1867. Is léir ó thuairiscí daonáirimh go raibh iníon freisin ag an lánúin, Alice (a rugadh *circa* 1871), maille leis an dara mac, Alexander (a rugadh *circa* 1876). Cailleadh athair George ar an 29 Samhain 1880. Bhí an teaghlach ina gcónaí an t-am sin ag 168 Keeton’s Road, Bermondsey, Surrey. Tamall gairid dár gcionn, luaitear an teaghlach i ndaonáireamh na bliana 1881 i Lewisham, Kent. B’fhéidir gur ar cuairt ag muintir Mary Ann a bhí siad tráth an daonáirimh.



Sliocht as clár Ardingly College (Le caoinchead Ardingly College, Haywards Heath, West Sussex)

CERTIFIED COPY OF AN ENTRY OF BIRTH

GIVEN AT THE GENERAL REGISTER OFFICE

Application Number 8446746-1

REGISTRATION DISTRICT SAINT OLAVE SOUTHWARK

1873 BIRTH in the Sub-district of Saint James in the County of Surrey

Column:-	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
No.	When and where born	Name, if any	Sex	Name and surname of father	Name, surname and maiden surname of mother	Occupation of father	Signature, description and residence of informant	When registered	Signature of registrar	Name entered after registration
186	19th Jan 1873 Worthing	George	Boy	George Chambers	Martha (sister of George)	Builder	Martha (sister of George)	19th Jan 1873	George Chambers	George Chambers

CERTIFIED to be a true copy of an entry in the certified copy of a Register of Births in the District above mentioned.

Given at the GENERAL REGISTER OFFICE, under the Seal of the said Office, the 26th day of July 2017

BXCH 261388

CAUTION: THERE ARE OFFENCES RELATING TO FALSIFYING OR ALTERING A CERTIFICATE AND USING OR POSSESSING A FALSE CERTIFICATE. ©CROWN COPYRIGHT

WARNING: A CERTIFICATE IS NOT EVIDENCE OF IDENTITY.

CMH

Tá tuairisc i dtaifid níos deireanaí ar Mary Anne agus Alice ar ais in Bermondsey sa bhliain 1891. De réir Chlár na dToghthóirí, bhí Mary Ann Chambers sa cheantar sin idir na blianta 1900 agus 1908 ach is cosúil gur athraigh sí teach cónaí ó am go chéile. Ar Rotherhith St. a bhí sí sa bhliain 1899 agus bhí sí ina cónaí ar Rothsay St. sa bhliain 1908.

Phós George agus Ethel Mary (a saolaíodh in Winchelsea, Sussex sa bhliain 1878,) i mí Márta 1901. Ivan Philip Martin (1902 - 1998), Geoffrey (1905 -?) agus Thomas (1908 -?) a bhí ar an gclann mhac agus bhí beirt iníon acu, Mary agus Veronica [1909 - 1991].

Sa chuntas ar Ivan i scéal a bháis, tuigtear go raibh George ‘was working on the financial side of a silk spinning factory’, in Plovdiv na Bulgáire, nuair a tháinig sé ar an saol sa bhliain 1902⁶. Luaitear sa tuairisc chéanna go gcaitheadh Ivan laethanta saoire go minic ag rothaíocht lena athair i dtuaisceart na mór-roinne.

D’fhoilsigh Veronica dhá chnuasach filíochta i rith na 1970idí⁷. Phós sí Laurence Zabel [1907 - 1974] in Hendon, Middlesex sa bhliain 1944. Is léir ón tuairisc probháide ina leith go raibh sí ina cónaí i Highfield House, Castle Cary, Somerset tráth a báis⁸.

Tuigtear ó liostaí dhaonáireamh 1921 na Ríochta Aontaithe go raibh cónaí ar an teaghlach i 54 Addison Way, Hendon, Middlesex, achar gairid as Temple Fortune Lane, fód báis George. Luaitear ar an bhfoirm gur ina Bhainisteoir Díolacháin maidir le pléascóga Nollag a bhí George ag saothrú ag an am do Mansell, Hunt, Catty & Co. Ltd., Cressy Road, Hampstead i Londain.

Feictear ar Chlár na dToghthóirí don bhliain 1929 go raibh Ethel Mary, George-J, Geoffrey, Ivan Philip Martin, Mary agus Veronica Chambers ina gcónaí i 64 Temple Fortune Lane, Middlesex. Mhair George ansin go ceann 30 bliain dár gcionn. Is ann a bhí sé nuair a cailleadh é sa bhliain 1960. De réir thuairisc probháide ina leith, d’fhág sé £4,865.3.1 le huacht.

England & Wales Government
Probate Death Index 1858 - 2019
via FindMyPast⁹

CHAMBERS George of 64 Temple Fortune Lane Golders Green London died 19 September 1960 Probate London 2 December to Veronica Theresa Zabel married woman and Ivan Philip Marten Chambers bookseller. Effects £4865 3s. 1d.

Rinne George Chambers taisteal go fada fairsing. Is óna theach cónaithe i Temple Fortune a thagadh sé ar a chuid turais samhraidh go hÉirinn. Bheadh sé ar an gcuid sin a ndeir an staraí Diarmaid Ferriter maidir leo sa leabhar *On The Edge*¹⁰ gur bhain siad leis an dara maidhm cuairteoirí ar na hoileáin, an dream a tháinig tar éis na 1920idí.

Tá le tuiscint ó na pictiúir sa chéad albam grianghraf (GP9/1) go raibh ar a laghad ochtar sa ghrúpa lena raibh sé ag taisteal (féach an grianghraf a tógadh ag Bá an Tuair Mhóir (in aice leis an Scoil) nuair a thug sé cuairt ar iarthar Chorcaí sa bhliain 1929. D’fhéadfadh gur thug sé cuairt ar Ghleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin ar an turas céanna sin. Rinne sé taisteal ina aonar ar thurais eile de réir cosúlachta, más é sin atá le tuiscint ó ‘T’ agus ‘my’ in úsáid aige sna teidil a chuir sé le ghrianghraif, seachas ‘we’ nó ‘our’.

Sa bhliain 1931, thug sé turas go dtí Oileáin Árann agus go baile mór na Gaillimhe agus go dtí na Blascaodaí amach ó chósta Chiarraí. Tá grianghraif na linne sin ar fáil i dhá albam faoi leith. Sa chéad albam acu sin (GP9/1), cnuasaítear pictiúir na bliana 1929 i gContae Chorcaí agus pictiúir na bliana 1931 i gContae na Gaillimhe. Tá pictiúir sa dara halbam (GP9/2) ó thuras na bliana 1931 go dtí na Blascaodaí agus ó thuras go dtí an áit chéanna sa bhliain 1938. Tá grianghraif éagsúla eile san albam sin¹¹ freisin a tógadh idir an dá linn. Is é is dócha gur pictiúir iad a sheol Eibhlís chuig George. Áirítear ar an tsraith pictiúr sin d'Eibhlís agus dá muintir lena luaitear blianta éagsúla, mar shampla 1933, 1934 agus 1935, na cinn lena bhfuil na teidil *John and Eilish. 1935*, *THOMAS O'CROHAN. (The Islandman.) Eilish's Father-in-law*, agus *John, Eilish, "The Islandman", "Twenty Years A-growing"* (Muiris Ó Súilleabháin). Ní le Chambers atá tógáil na bpictiúr sin le ceapadh ach is cuid iad den bhailiúchán grianghraf a bhí aige.

Tugtar le tuiscint ó na halbaim gur thug George turas go hoileáin éagsúla amach ó chósta Thír Chonaill sa bhliain 1932, Árainn Mhór ina measc (GPL9/3). Bhí sé ar ais in Éirinn roinnt blianta ina dhiaidh sin nuair a thug sé cuairt ar Chliara agus ar Acaill, ar a chuairt trí Mhaigh Eo, agus thug sé cuairt freisin ar na Clocha Liatha i gCill Mhantáin (GP9/4). Is cosúil gur sa bhliain dár gcionn, 1938, a thug sé an turas deireanach go hÉirinn nuair a thug sé athchuairt ar an mBlascaod Mór chomh maith le turas go Dairbhre agus amach ar na Scealga (GP9/5).

An chéad turas a thug sé don Bhlascaod Mór sa bhliain 1932, tráth a raibh sé ag fanacht tigh Pheat Tom ar an Slinneán Bán, casadh bean óg de mhuintir an oileáin air, Eibhlís Ní Shúilleabháin¹³. agus nascadh cairdeas eatarthu. Is léir go raibh George an-tógtha leis an óigbhean chosnochta seo a thugadh dúshlán na síne agus *'one of the most beautiful girls that I had ever seen'*¹⁴ an cur síos a thug sé uirthi sa réamhrá le dréacht den leabhar a bhí rún aige a fhoilsiú.

Lean comhfhreagras idir George agus Eibhlís ar feadh timpeall is 20 bliain ina dhiaidh sin agus foilsíodh na litreacha a scríobh Eibhlís in *Letters from the Great Blasket*¹⁵ tráth ab fhaide anonn.

Déantar trácht sna litreacha, lena luaitear dátaí idir na blianta 1931 agus 1951, ar mhionchúrsaí an tsaoil ar an oileán, ar an lá ar phós Eibhlís agus Seán ¹⁷, ar theacht Niamh ar an saol¹⁸ sa bhliain 1937 agus ar fhágáil an oileáin don teaghlach i mí Iúil 1942 nuair a d'athraigh siad amach ar an mÍntír. Is léir tionchar buan tréan George ar Eibhlís ina cuid litreacha. Tugtar léargas, leis an réimse fairsing de phictiúir éagsúla de shaol an oileáin in albam Chambers de ghrianghraif na mBlascaod (GP9/2), ar an am speisialta sin inar cuireadh tús leis an gcairdeas dlúth eatarthu.



*'Himself and Eilish', ar thuras lae don Tiaracht, siar ón mBlascaod Mór, 1931 (GP9/2), in éineacht le Nóra Ní Shéaghdha agus le Seán Tom Ó Cearnaigh)*¹⁶

Luaitear in alt a foilsíodh ar nuachtán an *Irish Times* sa bhliain 2009¹⁹:

Perhaps the most powerful hymn to the Great Blasket is a work by another woman – Eibhlís Ní Shúilleabháin. Ní Shúilleabháin is chronicling a world and a culture in death’s throes in Letters from the Great Blasket. They’re her correspondence with Londoner George Chambers over a 20-year period, written in blundering yet elegiac English, her second language. “My dear there is no place like home,” Eibhlís wrote in 1931. “The very day I’ll have to leave it won’t be a pleasant day for me. I think my dear heart will break that day”.... Her prose reveals an island encircled by implacable seas that is very different to the summer visitor’s experience. It’s an island that is loved. An island that is feared. An island that ultimately must be abandoned.

Tá oiread sa leabhar a chothaíonn spéis an léitheora i gcónaí agus gur foilsíodh leagan Francise de Letters from the Great Blasket sa bhliain 2011. Hervé Jaouen, a bhfuil leabhair éagsúla maidir le hÉirinn foilsithe aige, a d’aistrigh go Fraincis é²⁰.

Tá pictiúir d’Eibhlís i gCnuasach Bhéaloideas Éireann²¹, ar caomhnú i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus in Ionad an Bhlascaoid Mhóir²² i gContae Chiarraí, atá cosúil leis an gcuid atá in albam grianghraif Chambers ó na Blascaodaí (GP9/2).

Is teist gach ceann den chúig albam grianghraf i mbailiúchán Chambers ar thréithe uaisleachta agus cineáltais sa turasóir fiosrach as Sasana. Tá taisce iontach fágtha aige againn de phictiúir ina léirítear saol na linne, saol níos crua agus saol níos simplí, ina bhfaightear macalla ‘*the last vestiges of the old civilization or culture*’²³, in Éirinn agus ar na hoileáin bhreátha amach ón gcósta sular tharla an Dara Cogadh Domhanda agus sular tháinig saol nua-aimseartha an chaipitleachais chun cinn.

‘The Quay Side Kilronan’ Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe 1931 (GP9/1)



STRICTLY CONFIDENTIAL.

Please read the Instructions and Examples shown on the back, and then fill up the Schedule carefully and in Ink.

To be filled up by the Enumerator.
No. of Schedule. 101

NAME and SURNAME:— of every person who is alive at midnight on the night of Sunday, 24th April, 1921, and who, whether as member of the family or as visitor, boarder or servant in the household or establishment— (1) passes that night in the dwelling of the household or establishment, or (2) arrives and is received into the household or establishment on the morning of Monday, 25th April, not having already been enumerated elsewhere. No one else must be included. (For order of entering names see Examples on back hereof.)	RELATIONSHIP to Head of Household. State whether "Head," or "Wife," "Mother," "Son," "Daughter," "Step-son," or other Relative, "Visitor," "Boarder," or "Servant." (See Instruction No. 1.)	AGE. In years and months. For infants under one month old write "Under one month." (See Examples.)	SEX. If male write "M," if female write "F." (See Examples.)	MARRIAGE or ORPHANHOOD. For persons aged 16 and over, write "Married," "Widowed," or "Single." For children aged under 16 write "Both Alive," "Father Dead," "Mother Dead," "Neither Dead," or "Both Dead," if both parents be dead. (See Examples.)	BIRTHPLACE and NATIONALITY.		OCCUPATION and EMPLOYMENT.			Information required only in respect of Married Men, Widowers and Widows. Number and ages of all living children and step children under 16 years of age, whether enumerated on this Schedule or not, i.e., whether residing as members of this household or elsewhere. Total number under sixteen years of age. If none write "None." For each child place a X in the column corresponding to its age. The number of crosses should be the same as the number shown in Column (e).	
					(1) If born in the United Kingdom, write the name of the County and of the Town or Parish. (2) If born outside the United Kingdom, write the name of the Country, and of the State, Province or District, or (3) If born at Sea, write "At Sea." If not born in the United Kingdom state whether Visitor or Resident in the country, and state also nationality if born in a foreign country, e.g., "British born," "Naturalised British Subject," "French," "German," "Russian," etc.	Personal Occupation. State here the precise branch of Profession, Trade, Manufacture, Service, &c. Where the occupation is connected with Trade or Manufacture, the reply should be sufficient to show the particular kind of Work done, stating, where applicable, the Material worked in, and the Article made or dealt in, if any. (If retired see Instruction 6; see also Instructions 3 to 11 and Examples.)	Employment. (1) If working for an employer state the name and business of present employer (person, firm, company or public body) or, if at present out of work, of last employer, adding "out of work." (2) If employing persons for purposes of business, write "Employer." (3) If working on own account and not employing persons for purposes of business, write "Own Account." (Note.—For Domestic Servants and others in private personal service, write "Private.") (See Instructions 3 to 8, 11, and Examples.)	Place of Work. Give the address of each person's place of work. For a person with no regular place of work write "No fixed place." If the work is carried on mainly at home, write "At home." (No entry is required for any person who is retired or out of work.)			
1 George Chambers	Head	48	M	Married	London	Christmas broaders	770/1	Warrall Hill bathy 16 LD	Bussy Pao 111200	1	Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
2 Ethel Mary Chambers	Wife	43	F	Married	Bermondsey	Salb Manager	1/4	Manf Stationers 439	Hampshire Nvrs		Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
3 Veronica Chambers	Daughter	12	F	Single	Essex	Whole Time					Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
4 Geoffrey Chambers	Son	16	M	Single	London	Whole Time					Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
5 Thomas Ward Chambers	Son	13	M	Single	Essex	Whole Time					Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
6											Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
7											Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
8											Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
9											Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15
10											Under One 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 11 12 13 14 15

To be filled up by the Enumerator.				Enumerator's Initials.
Males.	Females.	Persons.	Rooms.	
3	2	5	5	819

Personal Occupation.

State here the precise branch of Profession, Trade, Manufacture, Service, &c. Where the occupation is connected with Trade or Manufacture, the reply should be sufficient to show the particular kind of Work done, stating, where applicable, the Material worked in, and the Article made or dealt in, if any.
(If retired see Instruction 6; see also Instructions 3 to 11 and Examples.)

(h)

Christmas broaders 770/1
Salb Manager 1/4
Home Duke

I declare that this Schedule is correctly filled up to the best of my knowledge and belief.

Signature George Chambers
(Head of Household, Manager of Establishment or other person responsible for making the return.)

Iarnótaí

1

Ní Shúilleabháin, Eibhlís, 1978, *Letters from the Great Blasket*, Baile Átha Cliath, Mercier Press

2

Ivan Chambers (1902 - 1998), mangaire leabhar: saolaíodh in Philippopolis na Bulgáire; OBE 1970; phós Kathleen Pilsbury sa bhliain 1943 (aon iníon amháin); d'éag Axminster, Devon.
[Obituary: Ivan Chambers | The Independent | The Independent](#)
Féach freisin » [Ivan Chambers – obituary 1998 \(umbrellabooks.com\). Accessed Mar 2022](#)

3

Ardingly College, Haywards Heath, West Sussex, RH17 6SQ, An Ríocht Aontaithe

4

Teastas Beireatais (8446746-1) Saint Olave, Bermondsey, Southwark Registration District

5

Táthar buíoch de Andrea King, Cartlannaí, Ardingly College, West Sussex, as ucht cúnamh a thabhairt go fial

6

Féach [Umbrella Books, https://umbrellabooks.com/ivan-chambers-obituary/ Accessed May 2022](#)

7

Zabel, Veronica, 30 Poems, arna fhoilsiú ag Castle Cary Press, Somerset, An Ríocht Aontaithe, gan dáta, agus 1978, *Another 30 Poems*, arna fhoilsiú ag Castle Cary Press, Somerset

8

Teach altranais atá in Highfield House (féach <https://highfieldhousecastlecary.com/>). Féach freisin England & Wales Government Probate Death Index 1858 - 2019 <https://www.findmypast.ie/transcript?id=GBOR%2FGOVPROBATE%2FC%2F1992-1992%2F00236840>. Ceadaiódh Feabhra 2022

9

Ceadaiódh Feabhra 2022

10

Ferriter, Diarmaid, 2018, *On The Edge, Ireland's Offshore Islands: A Modern History*, London, Profile Books

11

Tá, mar shampla, grianghraf le Mason ann (Tag LNÉ: M20/29/4) de Thomás Ó Criomhthain, ‘The Islandman” (GP9/2, l. 40)

12

Grianghraf le Mason, Tag LNÉ: M20/29/4

13

Ní Shúilleabháin, Eibhlís (1911 - 1978), iníon le Siobhán Ní Dhuinnshléibhe, an ceathrú duine de sheisear clainne, ina measc na deartháireacha, Padraic (Peaidí), Michael (Maidhc) agus Séan, agus deirfiúr, Máire. Timpeall na bliana 1933, phós Eibhlís agus Seán Ó Criomhthain i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí. Bhí aon iníon amháin acu, Niamh (1937 - 2019). Tá Eilbhís agus Seán curtha i gCill Maoilchéadair i gCorca Dhuibhne. Féach freisin Ionad an Bhlascaoid Mhóir @ <https://basket.ie/udair-an-oileain/>

14

Faoin teideal ‘Foreword’ i gcomhad an Bhlascaoid, GP9/6

15

Ní Shúilleabháin, Eibhlís, 1978, *Letters from the Great Blasket*, Baile Átha Cliath, Mercier Press

16

Mionsonraí a bhaintear as comhad atá ar coimeád in Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí

17

Ó Criomhthain, Seán (O’Crohan), (1898? - 1975), mac le Tomás (1856 - 1937), údar *An tOileánach* a críochnaíodh sa bhliain 1923 agus a foilsíodh sa bhliain 1929. Foilsíodh leabhar Sheáin féin, *Lá dár Saol*, sa bhliain 1969 (agus leagan Béarla de, *A Day in Our Life*, arna aistriú ag Robin Flower).

18

Uí Laoithe, Niamh (*née* Ní Chriomhthain) (1937 - 2019), phós sí Tomás Ó Laoithe i mBaile an Lochaigh, Co. Chiarraí. Chaith sí tamall i Stáit Aontaithe Mheiriceá sular phós sí. Cúigear clainne a bhí aici: Catherine, Siobhán, Bríd, Lís agus Tomás. Tá sí curtha sa reilig nua i gCill Maoilchéadair i gCorca Dhuibhne

19

‘Peig’s island of sorrows’, Irish Times, 1 Lúnasa 2009, <https://www.irishtimes.com/life-and-style/travel/peig-s-island-of-sorrows-1.711798>, Accessed Feb 2022

20

The Kerryman, 2 Márta 2011, <http://www.independent.ie/regionals/kerryman/news/blasket-book-translated-into-french-27404611.html>. Accessed Jul 2017

21

Bhí comhfhreagras ríomhphoist idir Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Cnuasach Bhéaloidas Éireann sa bhliain 2017 d’fhonn cúrsaí cóipchirt maidir le pictiúir Chambers a chíoradh. Mar a tharlaíonn, níl aon tagairt d’fhoinsí na bpictiúr atá sa Chnuasach sin. Scrúdaigh an Stiúrthóir, an Dr Críostóir Mac Cárthaigh, na pictiúir sa chnuasach agus bhí sé den tuairim gur athchóipeanna claonchló iad ar fad (grianghraif de na bunchóipeanna) a bhí faighte ag Cnuasach Bhéaloidas Éireann ó Ionad an Bhlascaoid. Dá réir sin, tá an Cnuasach den tuairim gur le hIonad an Bhlascaoid an cóipcheart maidir le 40 grianghraf atá ar coimeád ansin a luaitear le George Chambers

22

Is í Niamh Chriomhthain (iníon le hEibhlís) a bhronn na grianghraif ar Ionad an Bhlascaoid atá ar coimeád ansin. Cé go bhfuil siad cosúil le cuid mhaith atá in albam grianghraf Chambers den Bhlascaod (GP9/2), ní athchóipeanna go díreach iad. Tá Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe buíoch de Mhuireann agus d’fhoireann Ionad an Bhlascaoid (<http://basket.ie/en/scolairi-isteach/>) as an gcóir a cuireadh orainn agus as an gcúnamh a tugadh dúinn ar thuras taighde chuig an Ionad i dtús na bliana 2018

23

Comhad an Bhlascaoid (GP9/6) dréacht de Réamhrá le cur le *Letters from the Great Blasket*



Éadail Bhailiúchán Chambers

Tháinig an t-ábhar i mBailiúchán Chambers go Gaillimh as an mBreatain trí West Vancouver i gCeanada sa bhliain 2010 ar a bhronnadh go fial ar Chartlann Chontae na Gaillimhe do Desmond Anthony Power. Bhí an bailiúchán aigesean ón mbliain 2008 nuair a bhronn clann a dhearthár, Brian St Quentin Power (1918 - 2008), air é. Níorbh eol do Desmond cén chaoi ná cén fáth ar tharla ábhar Chambers a bheith ag Brian ach is dócha gur féidir a cheapadh go mbíodh aithne de chineál éigin ag Brian Power agus ag George Chambers ar a chéile. Bhí suim ag an mbeirt acu i dtír na hÉireann agus go háirithe sna hoileáin amach ón gcósta. B’óige go mór Brian ná George agus d’fhéadfadh dá bhrí sin gurbh de lucht aitheantais Ivan, mac George, é. Tá nithe éagsúla faoin gcás sin nach bhfuil ar eolas agus ní féidir linn, faoi láthair, an ceangal idir an bheirt fhear a dheimhniú. Ach ba mhaith linn a cheapadh go mbíodh aithne acu ar a chéile!

Is teaghlach ríspéisiúil muintir Power agus cé go dtugtar cuntas gairid orthu anseo síos, is fiú tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh mar gheall orthu.

Beirt chlainne le Stephen St Quentin Power (? – 1927), Éireannach, agus le Grace (née d’Arc), de dhúchas na Fraince agus na hÉireann, na deartháireacha Brian agus Desmond. De réir mar a thuairiscítear san *Irish Times*¹ ba é Stephen an ‘12th son of an itinerant thatcher, who was born in Querrin, Co. Clare’. Bhíodh sé ag obair le Seirbhís Custaim Impireacht na Síne. Nuair a bhí sé lonnaithe in Tianjin, i limistéar Hopei i

‘We all go out fishing in the evening’, Dairbhre, Co. Chiarrai, 1938 (GP9/5)





dtuaisceart na Síne, casadh Grace air agus phós siad a chéile. D’éag Stephen gan choinne in Shanghai circa 1927. Ón am sin amach, is iad na searbhóntaí Síneacha is mó a thóg Brian agus Desmond. Bhí Grace an-tugtha don chreideamh agus don cheol, phós sí in athuair agus chuaigh ag obair ina rúnaí sa Hong Kong & Shanghai Bank.

D’fhág Brian an tSín nuair a bhí sé ocht mbliana déag agus bhí sé ina mhac léinn staire i King’s College i Londain i rith na 1930idí. Throid sé le Fiúsailéirí Ríoga na hÉireann sa Dara Cogadh Domhanda agus gortaíodh go dona é. Thraenáil sé ina abhcóide ina dhiaidh sin agus mhúineadh sé ceird na hóráidíochta do pholaiteoirí, do thaidhleoirí agus eile. Phós sé Prunella², (née Stack) i Lewes, Sussex sa bhliain 1964. Níor leag sé cos sa tSín arís go dtí tús na 1970idí.

Bhí Desmond (1923 - 2018) agus an chuid eile den teaghlach sáinnithe nuair a d’ionsaigh an tSeapáin an tSín. Chuir na Seapánaigh i ngéibheann é, mar a rinne le heachtrannaigh eile, sa bhliain 1942. Coinníodh i rith an Dara Cogadh Domhanda é i gcampaí géibhinn éagsúla³, Lunghua ina measc. Ar a fhuascailt sa bhliain 1946, chuaigh sé ina chónaí san Astráil agus as sin go Sasana agus don Nua-Shéalainn sular chuir faoi sa deireadh i gCeanada. Is Sasana a casadh Deborah Vass, as Montréal, air. Phós siad sa bhliain 1955. D’athraigh siad go Ceanada sa bhliain 1960 agus is ansin a thóg siad ceathrar clainne: Karen, Andrea, Timothy agus Jeremy. D’oibrigh Desmond do KPMG ag leagan amach córais ríomhaireachta agus á bhfeistiú. Rinneadh páirtí de sa bhliain.

Is léir go ndeachaigh blianta a luathóige san Áise i gcion go mór ar an mbeirt dearthár, scríobh Brian agus Desmond araon faoin ré réamhchumannachais sa tSín. D’fhoilsigh Brian⁴ an leabhar iomráiteach *The Ford of Heaven* sa bhliain 1984 chomh maith le *The Puppet Emperor*, *The Life of Pu Yi*, *Last Emperor of China* sa bhliain 1986. D’fhoilsigh Desmond *Little Foreign Devil* sa bhliain 1996.



Iarnótaí

- 1

'Barrister who taught 'Advocacy for the Layman'', *Irish Times*, 28 Meitheamh 2008
- 2

Prunella, (1914 - 2010), rugadh san India, iníon leis an gCapt. Edward Hugh Bagot Stack agus Mary Bagot Stack (1883 –1935). Phós sí den chéad uair, ar an 15 Deireadh Fómhair 1938, an Ceannaire Scuadrúin an Tiarna David Douglas-Hamilton (+1944), mac le Alfred Douglas Douglas-Hamilton, an 13ú Diúc Hamilton agus Nina Mary Benita Poore. Bhí beirt mhac acu, Diarmaid Hugh Douglas-Hamilton agus Iain Douglas-Hamilton. Maraíodh a fear i rith an Dara Cogadh Domhanda. Ar an 22 Iúil 1950, phós sí ar an dara duine, Alfred Gustave Albers, mac le N. W. Albers. Fuair seisean bás 9 mí dár gcionn. Ba é Brian St. Quentin Power, mac Stephen St. Quentin Power, an tríú fear a phós sí ar an 15 Bealtaine 1964. Ón dáta sin ba é Power an sloinne pósta aici. Bhí sí ina cónaí sa bhliain 1999 i 14 Gertrude Street, Londain, Sasana. D'iompaigh sí ina Caitliceach. Cheannaigh an lánúin feirm bheag ar Ratharsair, oileán beag cóngarach don Oileán Sgítheanach, agus is ansin a chuaigh siad i mbun scríbhneoireachta. Scríobh seisean tuairisc dírbheathaisnéiseach ar a óige sa tSín agus scríobh sise filíocht agus trí imleabhar de dhírbheathaisnéis. Bhíodh Prunella i gceannas ar an Women's League of Health and Beauty i rith na 1930idí nuair a thugtaí *"Perfect Girl"* na Breataine uirthi; tháinig sí i gceannas ar an League sa bhliain 1934, gan í ach 20 bliain d'aois, nuair a d'éag a máthair, Mary, a bhunaigh an eagraíocht ceithre bliana roimhe sin. (<https://www.geni.com/people/Prunella-Stack-Lady-David-Douglas-Hamilton/6000000010997293699>). Bronnadh gradam OBE uirthi sa bhliain 1980 (https://www.familysearch.org/search/record/results?count=20&query=%2Bgivenname%3A%22Brian%20St%20Quetin%22~-%20%2Bsurname%3APower~-%20%2Bbirth_year%3A1918-2010~ Eanáir 2018)
- 3

'West Vancouver man shares internment story', Laura Anderson, *North Shore News*, 2 Meitheamh, 2013, [West Vancouver man shares internment story - North Shore News \(nsnews.com\)](#) Ceadaiodh Meitheamh 2022
- 4

Tá bailiúchán cáipéisí le Brian (MS 381085), lena n-áirítear comhfhreagras maille le nótaí oibre i ndáil le saothar foilseacháin, *The Ford of Heaven* ina measc, ar coimeád ag an School of Oriental and African Studies (SOAS) i London University

'The Kearney Children', An Blascaod Mór, Co. Chiarraí, 1931 (GP9/2)



'Pat Lynch takes the donkey-cart to Knight's Town. (The tree is not growing in the cart)', Dairbhre, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)





Pictiúir Chontae Chorcaí, 1929

Rory Bunce

GLENGARIFF



NELLIE
BROOKS
THE
LACE-
MAKER



THE
SHORE

TOORMORE BAY



OURSELVES

AGAIN



Co. Cork, 1929 (GP9/1)

Grianghraif a tógadh ar oileáin Árann i gCuan na Gaillimhe is mó atá sa chéad albam (GP9/1) i mBailiúchán Chambers. Chomh maith leis an gcuid sin, tá tuairim is 13 leathanach den albam, 19 pictiúr, a bhaineann le Co. Chorcaí, dhá chárta poist le pictiúir as Luimneach agus pictiúir eile a tógadh i gCill Mhantáin. Dírítear san aiste seo ar Chontae Chorcaí agus ar na grianghraif a bhaineann leis an limistéar sin.

De réir dealraimh, thug Chambers cuairt ar Chorcaigh sa bhliain 1929 agus ar na háiteanna inar tógadh pictiúir atá san albam aige, tá an Gleann Garbh; Oileán an Chuilinn (Garinish Island), Bá an Tuair Mhóir (amach ón Scoil); Guagán Barra (gar do Bhéal Átha an Ghaorthaidh i Múscraí); Carn Uí Néid (an ceann tíre is faide ó dheas ar mhórthír na hÉireann); agus Bá Bheanntaí. Tá an chuma ar mhórchuid an ábhair sa chuid seo den albam gur cártaí poist atá iontu, nó athphictiúir de ghrianghraif as bailiúcháin eile nach bhfuil a dtuairisc go beacht againn.

I mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta, tá albam de chuid Dorothy Stokes dar teideal *'A souvenir of a visit to Glengarriff, with Maudie Davies, July 1929'*, (ALB224). Tá pictiúir áille ann d'áiteanna éagsúla i gCiarraí agus de chuid mhór de na háiteanna céanna i gCorcaigh atá san albam seo ag Chambers. D'fhéadfadh gur casadh Stokes agus Chambers ar a chéile i mbun a gcuid taistil dóibh!

An Gleann Garbh

As I passed along from east to west of the county of Cork, everyone expressed the hope that I should not leave the county until I had seen Glengarriff. I would as soon have gone through Italy, and passed by Rome: – and now I was there – had it all under my eye – and was I disappointed? Not in the least. Nothing in Ireland is equal to it, or can be brought into comparison; it is singular, it is unique¹.

Ainmnítear an baile as an ngleann ina bhfuil sé suite agus mar a mhíneofaí do Bhéarlóir nó do Shasanach de leithéid Chambers *'name in Irish Gleann Garbh, means rough or bitter glen'*². Tháinig beirt scríbhneoirí aitheanta ón mbaile: Pádraig agus Mortimer Ó Séaghdha³, athair agus mac. Scríobh Pádraig Ó Séaghdha trí cinn de dhrámaí agus é ag múineadh scoile sa bhunscoil ann; d'fhoilsigh Mortimer gearrscéalta agus cineálacha eile saothair⁴.

Is léir ó eagrán na bliana 1933 de *Guy’s Cork Almanac and County and City Directory* gur baile turasóireachta a bhí ann le hocht gcinn d’óstáin á n-áireamh ar liostaí na ngnólachtaí⁵. Ba é an Dr Cotter an tOifigeach Leighis agus an Cláraitheoir le cúnamh ó Bhean O’Sullivan, an Bhanaltra Dúiche⁶. Bhí scoil náisiúnta amháin ar an mbaile féin agus trí cinn eile sa cheantar máguaird⁷; an Sairsint Boylan a bhí i gceannas ar bheairic áitiúil an Gharda Síochána⁸. Droichead Chromail a thugtar ar dhroichead atá leath-thithe ach a mbíodh bealach trasna na habhann air tráth; ba é Cromail féin a d’ordaigh an droichead a thógáil de réir sheanchas na háite⁹.

Tá scéimhe faoi leith ag baint go nádúrtha le Gleann Garbh, rud nach léirítear sa ghrianghraf seo. B’fhéidir gur bhraith an grianghrafadóir nach bhféadfaí áille na háite a léiriú le grianghrafadóireacht dubh agus bán agus gur leag béim ina ionad sin ar sceirdiúlacht an cheantair máguaird agus ar an suíomh cois na farraige.

‘Glengarriff’, Co. Chorcaí,
1929 (GP9/1)



Oileán an Chuilinn

*Located in the sheltered harbour of Glengarriff in Bantry Bay, in southwest Ireland, Ilnacullin is a small island of 15 hectares (37 acres) known to horticulturists and lovers of trees and shrubs all around the world as an island garden of rare beauty*¹⁰.

Is beag eolas atá ar fáil faoin oileán sular tógadh túr Martello ann i dtús an naoú céad déag¹¹. Is beag cónaí a bhí ar an oileán an chuid eile den chéad sin cé go luaitear sa cháipéisíocht maidir le Luacháil Uí Ghríofa sa bhliain 1852 go raibh teach, oifig agus talamh ar léas ó Iarla Bheanntraí ag Edmund Power¹².

Cheannaigh John Annan Bryce¹³ an t-oileán sa bhliain 1911 ó War Office na Breataine¹⁴. *‘Keenly interested in horticulture and architecture, he planned to build a mansion on the island and to lay out a “dream garden” – to convert the barren rock into a garden paradise*¹⁵. Faoin am a bhfuair Bryce bás sa bhliain 1924 bhí cuid mhaith oibre déanta maidir le haisling an ghairdín, agus choinnigh an bhaintreach, Violet *née* L’Estrange (1863 - 1939) leis an obair sin ar dtús, mar a rinne Rowland, mac na beirte (1899 - 1953)¹⁶. tar éis dise bás a fháil. Ar bhás Rowland sa bhliain 1953, fágadh an t-oileán le huacht ag an Stát. Turas gairid báid as an nGleann Garbh, 1 km ó láthair, atá isteach ar an oileán. Tharraing áille agus scéimhe an oileáin scríbhneoirí éagsúla ann, George Bernard Shaw (1856 - 1950) ina measc, is ann a scríobh seisean *St. Joan*¹⁷.

Tá an chuma ar an ngrianghraf lena luaitear an teideal *‘The Old Tower’* go bhféadfadh gur le scannán a bhaineann sé, scannán de chineál na mbuachaillí bó b’fhéidir, nó ceann de na hiarrachtaí sin, nach rómhaith a d’éirigh leo, scannán a dhéanamh den úrscéal *Don Quixote*¹⁸. Nuair nach bhfuil leide ar fáil ó dhathanna, is deacair a rá cén tír nó cén dúiche atá i gceist. Is beag duine sa lá atá inniu ann a déarfadh ar an gcéad fhéachaint gur ar Oileán an Chuilinn a tógadh é.



'The Old Tower', Ilnacullin
- Oileán an Chuilinn, Co.
Chorcaí, 1929 (GP9/1)



'Goughane Barra',
Co. Chorcaí, 1929 (GP9/1)

Guagán Barra

The Lake of Gouganebarra is a deep tarn almost a mile long and nearly a quarter of a mile across and it is surrounded on every side, except the east, by great cliffs that rise directly from the water and cast deep shadows upon it to add to the solemnity with which this sacred spot has been invested ever since Saint Finbarr, patron saint of Cork, set up his oratory here in the sixth century¹⁹.

Cé nach bhfuil lorg ar bith den chéad aireagal sin ar fáil anois tá tobar beannaithe lena gcuirtear an tuairisc ‘*still used as part of pilgrimage to the site*²⁰ slán. Tá fothracha díthreibhe ó dheireadh an ochtú céad déag ar fáil, cillíní, séipéal agus árais eile. An tAthair Ó Mhathghamhna a thóg²¹. Rinneadh a chorpsan a adhlacadh ar an mórhír i dtuama atá imeallach le reilig an naoú céad déag²².

Ar cheann de leaca na reilige sin, tá ‘*Tadhg Ó Buachalla, an Táilliúr, 1860 – 1945, agus Ainsti a Bhainchéile*’,²³ greanta. Gar do láthair a chónaíodh an bheirt ar ar bhunaigh ²⁴ an leabhar faoi shaol an táilliúra agus na scríbhneora as Éirinn, *The Tailor and Ansty* (1942). Tá ‘*free standing gabled-fronted single-cell Celtic Revival style Roman Catholic church built in 1903*’²⁵ ar an oileán chomh maith. Chuir clár athfhoraoiseachta i rith na 1930idí le háille nádúrtha an cheantair. Fágann sin, agus cuma bhreá an tséipéil, gur minic a thoghann lánúineacha pósadh i nGuagán Barra.

Is iomaí grianghraf de chuid na linne seo ina ndírítear ar an séipéal i nGuagán Barra nó ar an suíomh álainn a mheallann oiread lánúineacha ann ar lá a bpósta. Is dócha gur ó chárta poist an grianghraf seo ar pháipéar éadrom cairte agus dírítear ann ina ionad sin ar uaigneas, ar an iargúil agus ar an gcúlraíd - na gnéithe is dócha a mheall Fionnbarra Naofa le haireagal a bhunú ann.

Carn Uí Néid

*Mizen Head, a cape in the parish of Kilnoe, barony of West Carbery, Co. Cork, Munster. It forms the extremity of the peninsula which extends between Dunmanus bay and Ballydevlin bay; and is situated 5 ¼ miles south of Sheep Head, and 11 miles west north-west of Cape Clear*²⁶ .

Cé go bhfuil Carn Uí Néid suite i gceantar álainn scéimhiúil, tá an stáisiún comharthaíochta a tógadh ann sa bhliain 1909 ar an ngné is mó a ndírítear uirthi faoin tráth seo²⁷. D’fhág longa a bhriseadh go minic sna réimsí farraige siar ón gceann, mar shampla an *Stephen Whitney* sa bhliain 1847²⁸, an *Providence* sa bhliain 1813 agus *L’Impatiente* sa bhliain 1796²⁹, gur tugadh faoin stáisiún a thógáil agus, chuige sin, faoi dhroichead a chur amach chuig an gceann. Is iad Thorne & Sons as Westminster a thóg an droichead ar chostas £1,272³⁰. Cuireadh solas loingseoireachta ar an suíomh sa bhliain 1959, ‘*to ensure greater safety for tankers and other ships*³¹. Cuireadh córas uathoibríoch i bhfeidhm i Stáisiún Comharthaíochta Charn Uí Néid sa bhliain 1993³². Osclaíodh ionad cuairteoirí Charn Uí Néid ina dhiaidh sin, sa seanstáisiún comharthaíochta agus sna foirgnimh a ghabhadh leis. Cuireann an long sa phictiúr seo, ag teannadh chun neamhléire, i gcuimhne an bhreathnóra gur réimse cósta seo ina dtarlaíodh longbhriseadh go minic. B’fhéidir gur ar an gcúis sin a chuir an grianghrafadóir an droichead sa phictiúr mar chomhartha ar iarrachtaí an duine antosca nádúrtha a shárú.



‘Mizen Head’, Co. Chorcaí, 1929 (GP9/1)

Bá Bheanntraí

*The scenery of Bantry bay is unexcelled by any in the kingdom, and bids defiance to the efforts of either pen or pencil*³³.

Taoscann an Mhíolach, Abha Mheáin agus Abha Chom Sheola i mBá Bheanntraí atá tuairim is sé mhíle is fiche ar fhaid³⁴. Tá oileáin éagsúla sa Bhá, Faoide, an ceann is mó, Oileán na gCapall, Oileán Craoibhín, Oileán na Muc, Oileán an tSéipéil agus Oileán an Choinicéir ina measc. D’fhéach na Francaigh, le Wolfe Tone³⁵ ar bord an *Indomptable*, le theacht i dtír i mBá Bheanntraí sa bhliain 1796 ach tháinig an drochaimsir rompu. Tá ceann d’fhaichí an bhaile ainmnithe in onóir Tone. Tá roinnt dúnta cinn tíre le cósta an Bhá amhail in Drom Cloch, sna Gabhla Dubha agus i gCill Damhéanóg³⁶. Luaitear in eagrán na bliana 1933 de *Guy’s Cork Almanac and County and City Directory* go mbíodh dhá bhád gaile ag treabhadh Bhá Bheanntraí; ceann go Baile Chaisleáin Bhéarra gach uile lá i rith an tsamhraidh agus gach re lá an chuid eile den bhliain, agus bád eile go dtí an Gleann Garbh trí thuras in aghaidh na seachtaine.³⁷ Sa phictiúr taitneamhach seo³⁸ feictear daoine ar a suaimhneas i mbun caitheamh aimsire. Fágann a laghad den trealamh a thugtar ar an trá sa lá atá inniu ann, agus cuma na foirmeáltachta ar dhaoine cois farraige, codarsnacht ghlé idir tráth an phictiúir agus ár linn féin.





'A Holiday Crowd', An Gleann Garbh, Co. Chorcaí, 1929 (GP9/1)

Tá an chuma ar an scéal gur in óstán The Golf Links Hotel a d'fhan Chambers agus a chomhlúadar

Iarnótaí

1

The Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1845, Baile Átha Cliath, Londain & Dún Éideann, A. Fullarton & Co., l. 271

2

Jennet, Seán, 1967, *Munster*, Londain, Faber and Faber Limited, l. 104

3

Cadogan, Tim, and Falvey, Jeremiah, 2006, *A Biographical Dictionary of Cork*, Baile Átha Cliath, Four Courts Press, l. 270

4

Ibid.

5

Guy's Cork Almanac and County and City Directory, 1933, Cork, Guy and Co. Ltd, l.318

6

Ibid.

7

Ibid.

8

Ibid.

9

The Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1845, Baile Átha Cliath, Londain & Dún Éideann, A. Fullarton & Co., l. 270

10

Oifig na nOibreacha Poiblí, 1982, *Ilnacullin*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, l. 2

11

Oifig na nOibreacha Poiblí, *Oilean Na Cuileann (Garinish)*, Baile Átha Cliath, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla

12

Griffith, Richard, 1852, General Valuation of Rateable Property in Ireland, County of Cork, Barony of Bear, Luacháil Griffith, Baile Átha Cliath, l. 9

13

Bryce, John Annan (1843- 1923), fear tráchtála, polaitíochta agus garaíodóireachta as an mBreatain. Tá eolas breise faoi Bryce ar fáil ar láithreán gréasáin Oifig na noibreacha Poiblí maidir le hOileán an Chuilinn <https://garinishisland.ie/the-family/> Ceadaiodh Lúnasa 2022

14

Oifig na nOibreacha Poiblí, 1982, *Ilnacullin*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, l. 25

15

Ibid.

16

Ibid.

17

Ibid.

18

Is úrscéal Spáinnise le Miguel de Cervantes é *Don Quixote* a foilsíodh in dhá imleabhar sna blianta 1605 agus 1615

19

Hayward, Richard, 1964, *Munster and the City of Cork*, Londain, Phoenix House, l. 67

20

Power, Denis; Byrne, Elizabeth; Egan, Ursula; Lane, Sheila; & Sleeman, Mary, *Archaeological Inventory of County Cork, Vol.III – Mid Cork*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, l. 323

21

Smith, Charles, 1893, *The Ancient and Present State of the City and County of Cork*, Iml. I, Corcaigh, Guy & Co. Ltd, l. 167

22

Power, Denis; Byrne, Elizabeth; Egan, Ursula; Lane, Sheila; & Sleeman, Mary, *Archaeological Inventory of County Cork, Vol. III – Mid Cork*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, l. 384

23

Jennet, Seán, 1967, *Munster*, London, Faber and Faber Limited, l. 108

24

Cross, Eric (1903/1905 - 1980), scríbhneoir agus craoltóir

25

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Náisiúnta, Uimh. Chlár. 20908001 <https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/20908001/st-finbarrs-oratory-derreenacusha-cork> Ceadaiodh Lúnasa 2022

26

The Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1845, Baile Átha Cliath, Londain & Dún Éideann, A. Fullarton & Co., l. 777

27

Cork Weekly Examiner and Holly Bough, 1970, Thomas Crosbie and Co., Ltd, l. 5

28

Lankford, Éamon, 2007, *Mizen Journal*, An Sciobairín, Mizen Archaeological and Historical Society, l. 17

29

Cadogan, Tim, & O'Mahony, Colman, 1999, *Mizen Journal*, An Sciobairín, Mizen Archaeological and Historical Society, ll. 74-87

30

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Náisiúnta, Uimh. Chlár. 20915203 <https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/20915203/mizen-head-signal-station-mizen-head-cloghane-cork> Ceadaiodh Lúnasa 2022

31

Cork Weekly Examiner and Holly Bough, 1970, Thomas Crosbie and Co., Ltd, p5

32

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Náisiúnta, Uimh. Chlár. 20915203 <https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/20915203/mizen-head-signal-station-mizen-head-cloghane-cork> Ceadaiodh Lúnasa 2022

33

The Parliamentary Gazetteer of Ireland Vol I. A-C, 1845, Baile Átha Cliath, Londain & Dún Éideann, A. Fullarton & Co., l. 220

34

Smith, Charles, 1893, *The Ancient and Present State of the City and County of Cork*, , Iml. I, Corcaigh, Guy & Co. Ltd, l. 273

35

Tone, Theobald Wolfe (1763 - 1798), duine de na hÉireannaigh Aontaithe, feachtaisí polaitíochta, fear cín lae agus oifigeach in Arm na Fraince

36

Power, Denis; Byrne, Elizabeth; Egan, Ursula; Lane, Sheila & Sleeman, Mary, *Archaeological Inventory of County Cork*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, ll. 126 -128

37

Guy's Cork Almanac and County and City Directory, 1933, Corcaigh, Guy & Co. Ltd, l. 234

38

D'fhéadfadh gur athphictiúr an ceann seo de phictiúr atá i mBailiúchán Grianghraf Valentine atá ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta

Pictiúir
Ghleann Dá Loch,
Co. Chill Mhantáin,
1929

Catherine Wright

Sa chéad albam grianghraf (GP9/1) i mbailiúchán Chambers, tá pictiúir shonraíonta éagsúla de Ghleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin arna gcur ar fáil ag an gcomhlacht tráchtála grianghráfadóireachta Valentine & Sons¹. Bhíodh na pictiúir seo ar díol i bpacáiste dhá ghrianghraf déag agus d'fhéadfadh gur ceannaíodh iad ag bothán i nGleann Dá Loch féin. Tá gnéithe de thimpeallacht agus de scéal na seanmhainistreach ar feiceáil iontu, seanbhallaí roinnt de na séipéil san áireamh.

Feictear sa phictiúr sainsiúil seo den ghleann in albam Chambers an cloigtheach agus seanbhallaí mainistreach Ghleann Dá Loch, an Loch Uachtair agus an Loch Íochtair siar isteach sa phictiúr agus óstán an Royal Hotel² chun tosaigh. Is féidir a áiteamh go bhfuil gnéithe éagsúla cultúir ina shnáitheanna trí dhreach na tíre mar a fheictear i nGleann Dá Loch. Baineann le saíocht na hÉireann go mbíonn dlúthbhaint ag gnéithe aiceanta sa timpeallacht le suíomh beannaithe, mar shampla toibreacha beannaithe agus go mbíonn suíomhanna ársa, mar shampla seantuamaí de leithéid Bhrú na Bóinne i gContae na Mí, ceangailte le scéalta agus le gnéithe de chreideamh ársa³. Ba mhór ag lucht ársaíochta agus rómánsaíochta an 18^ú agus an 19^ú céad ábhar léaráidíochta agus tuairiscithe maidir le huaisleacht agus breáthacht seanbhallaí agus réimsí scéimhiúla tíre.



**'Glendalough', Co. Chill
Mhantáin (GP9/1)
(Foinse cartlannaíochta an
bhunphictiúir: Bailiúchán
Valentine, LNÉ)**

Fógraí Óstáin , Porter's Post Office
Guide & Directory for County Wicklow,
1910 (Cartlann Chontae Chill Mhantáin,
Bailiúchán Seán Leonard (Pp/3))

Liosta Shuirbhé Chumann Turasóireachta
na hÉireann d'áiseanna lóistín do
thurasóirí sa bhliain 1942 (Seirbhís
Leabharlannaíochta Chill Mhantáin,
Bailiúchán Léann na hÁite, Suirbhé
Chumann Turasóireachta na hÉireann 1942)

Ré órga an léinn agus na cruthaitheachta i stair na hÉireann a bhí i gceist leis an láthair mainistreach ag cuid mhór, an bunús le *‘the land of saints and scholars’* a thabhairt de cháil ar Éirinn. Go deimhin bhí tarraingt na n-oilithreach ar Ghleann Dá Loch leis na cianta, ón tráth ar bhunaigh Naomh Caoimhín an mhainistir ann sa 6ú céad. D’fhéadfadh go raibh téamaí éagsúla den sórt sin ina ábhar machnaimh ag Chambers agus a chuid compánach nuair a thug siad féin cuairt ar Ghleann Dá Loch agus is dócha go raibh scéalta faoi Naomh Caoimhín á n-insint dóibh ag treoraithe na háite.

Is cinnte go bhfuil suíomh na mainistreach agus an gleann ar cheann de na hionaid turasóireachta is tábhachtaí in Éirinn faoin tráth seo, le tuairim is 750,000 cuairteoir ag tarraingt ar an áit gach bliain. Tháinig an turasóireacht chun cinn dá réir sin ar cheann de na bearta tionsclaíochta ba thábhachtaí i nGleann Dá Loch, an bonn faoi óstáin agus tithe lóistín, seomraí tae, botháin ábhar cuimhneacháin, seirbhísí treorach agus gnóthais eile. Bheadh láthair tréan turasóireachta feicthe ag Chambers agus a chomhluadar nuair a tháinig siad ar a gcuart le heagar maith ar chórais lena aghaidh. Luaitear in Porter's *Post Office Guide & Directory for County Wicklow* a foilsíodh sa bhliain 1910: '*There is excellent trout fishing in both lakes, shooting, fishing, etc. The hotels are quite up to date and the charges extremely moderate. Car hire is also reasonable*'⁴. Sa bhliain 1942, bhí ceithre cinn d'óstáin, ocht gcinn de thithe lóistín agus trí cinn de sheomraí tae sa cheantar de réir liostaí Shuirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann (ITA)⁵.




Sa phictiúr lena gcuirtear an teideal *‘The Round Tower’* feictear an cloigtheach i nGleann Dá Loch agus an tseanreilig in íochtar. Réimse uaigneach tíre, gan tarraingt ag daoine air, a chuirtear in iúl leis an bpictiúr, ach is é a mhalairt de scéal go hiondúil é agus is dócha gurbh amhlaidh an cás nuair a tháinig Chambers i láthair. Tá airde 103 troithe sa túr agus leithead 16 troithe san áit is leithne, cúngaíonn sé de réir mar a théitear in airde⁶. Rinneadh an díon cónúil a atógáil sa bhliain 1876 leis na clocha a bhí tithe anuas isteach sa túr féin, deirtear gur mar gheall ar splancacha tintrí sa bhliain 1804 a tharla sin. Is iondúil gur ar fhearann séipéil agus mainistreach in Éirinn a bhíonn túr den chineál seo ar fáil in Éirinn agus is ábhar díospóireachta an úsáid a bhíodh astu – is é is dócha gur chloigthishe a bhíodh iontu agus go raibh buntáiste astu ó thaobh cosanta nuair a tharlaíodh ionsaí ag Lochlannaigh nó ag dreamanna eile.

‘The Round Tower’, Co. Chill Mhantáin (GP9/1)
(Foinse cartlannaíochta an bhunphictiúir: Bailiúchán Valentine, LNÉ)

Sna híomhánna lena gcuirtear na ceannteidil *‘Ferry to St Kevin’s Bed’* agus *‘Temple-na-Skellig’* ar bhruach theas an Loch Uachtair, feictear seanbhallaí shéipéal Rómhánúil ón 12^ú céad ar a dtugtar Teampall na Sceilge ar gá bád chun dul chomh fada leis. Feictear freisin na bádóirí a thugadh cuairteoirí amach chuig an seanséipéal agus chuig an bpluais in aice láimhe ar a dtugtar Leaba Chaoimhín. Tá sin tuairim is seacht dtroithe is fiche os cionn an uisce agus deirtear gur ann a bhíodh cillín ag Naomh Caoimhín agus é ar díseart anseo. Is furasta a bheadh seanchas na háite curtha in iúl ag na bádóirí do Chambers, an scéal san áireamh faoi Chaoimhín a bhí ag iarraidh, Caitlín, bean a bhí tógtha leis a chur uaidh agus gurb é bealach a bhí aige chuige sin í a chaitheamh sa loch go mbáifí í. Ceanglaítear Michael Dwyer⁷ duine de cheannairí Éirí Amach 1798, le Leabha Chaoimhín freisin, deirtear go raibh sé ar a choimhead anseo agus gur ar éigean a thug sé na sála leis ó na fórsaí a bhí sa tóir air.

(GP9/1)



Tá grianghraf gleoite de chuid Valentine, atá curtha isteach i mbailiúchán Chambers de phictiúir as Gleann Dá Loch, ina bhfeictear treoraí de chuid na háite ag cuidiú le bean na lámha a chur timpeall ar chros ard sa reilig ag mainistir Ghleann Dá Locha. Thuigfí ó éadach na mná gur leis na 1920idí nó leis na 1930idí an pictiúr agus déantar amach cóta, léine le bóna nó scaif, agus hata ar an treoraí. I dtuairiscí thurasóirí ón 18^ú agus ón 19^ú céad, is minic tagairt do thréithe barrúla na dtreoraithe agus do ghnás éide a chaitheamh a chuirfeadh leis an ábhar siamsaíochta agus, bhí súil

acu, leis an táille a thabharfaí dóibh. Ag teannadh le deireadh an 19^ú céad, bhí Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí ag éirí míshásta leis an nós seo agus ordaíodh do na treoraithe casóg eireabaill a chaitheamh, bóna nó cába ard agus caipín píce⁸. Feictear freisin séipéal ar a dtugtar Cró Chaoimhín nó *‘Kevin’s Kitchen’* i gcúl an phictiúir. De réir sheanchas na háite, má thagann an dá lámh le chéile timpeall ar Chros Chaoimhín Naofa, tarlóidh an rud is mian leat. Ní hiontas má tá líon mór grianghraif ar fud an domhain de chuairteoirí ag féachaint le barróg a bhreith ar an gcrois seo.

Tá na mílte cuairteoirí á mealladh ag scéimhiúlacht láthair mainistreach Ghleann Dá Loch agus an ghleanna féin leis na glúnta. Cé go gcuireann sin borradh faoi bhonneagar turasóireachta, tá pobal tuaithe i nGleann Dá Loch freisin i mbun tionscail de chineálacha éagsúla. San am a raibh Chambers san áit, taobh amuigh den turasóireacht agus de bheartaíocht ghaolmhar, b'iad na príomhfhoinsí ioncaim ag muintir na háite obair foraoiseachta, feirmeoireacht caorach, talmhaíocht agus mianadóireacht luaidhe. Tá lorg gach cineál éagsúil saothair le feiceáil sa cheantar agus oidhreacht shaibhir cultúir á chothú dá réir a chuireann le scéal Naomh Caoimhín agus láthair mainistreach Ghleann Dá Loch.



‘St Kevin’s Cross – for Luck’, Gleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin, (GP9/1) (Foinse cartlannaíochta an bhunphictiúir: Bailiúchán Valentine, c. 1930, (VAL 84198) LNÉ)

Tuilleadh léitheoireachta

Barrow, Lennox, 1984, *Glendalough and St Kevin, Dún Dealgan*

Corlett, C Christiaan, & Medlycott, John, 2000, *The Ordnance Survey Letters Wicklow, Cill Mhantáin*

Kavanagh, Joan, (Ed.), 2003, *Glendalough – A Pictorial History*, Glendalough Book Committee

Fóram Oidhreachta Ghleann Dá Loch, <https://glendalough.wicklowheritage.org/>, Ceadaiódh an 8 Meán Fómhair 2022

Iarnótaí

- Tá Bailiúchán Grianghraf Valentine ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta
- Tugadh an Royal Hotel ar an óstán tar éis do Phrionsa na Breataine Bige - an Rí Edward VII tráth ab fhaide anonn - cuairt a thabhairt ar an áit sa bhliain 1871
- Bhíodh cáil ar lá pátrúin Naomh Caoimhín ar an 3 Meitheamh go dtí gur chuir an Cairdinéal Cullen deireadh leis sa bhliain 1862 mar gheall nach ró-eaglasta ná ró-shuaimhneach a bhíodh an ceiliúradh. Díol spéise comparáid a dhéanamh idir saothar péintéireachta bríomhar le Peacock den lá pátrúin i nGleann Dá Loch sa bhliain 1813 (Músaeim Náisiúnta Thuaisceart Éireann) agus léiriú níos deabhóidí i saothar Spilsbury, *circa* 1816 (Dánlann Náisiúnta na hÉireann)
- Porter’s Post Office Guide & Directory for County Wicklow*, 1910, Bailiúchán Seán Leonard (Pp/3), Cartlann Chomhairle Chontae Chill Mhantáin
- Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann 1942, Bailiúchán Léann na hÁite, Seirbhís Leabharlainne Chill Mhantáin
- National Monuments of Ireland Annual Report, 1911 - 1912, (leasaithe 1925, 1937)
- Dwyer, Michael (1772–1825), captaein i bhfórsaí na nÉireannach Aontaithe a bhí ina cheannaire in eachtraí trodaíochta i rith Éirí Amach 1798 i Loch Garman agus i gCill Mhantáin
- Kavanagh, Joan (Ed.), 2003, *Glendalough – A Pictorial History*, Glendalough Book Committee, l. 55

Pictiúir Oileáin Árann agus Chathair na Gaillimhe, 1931

Dr Jim Higgins



I gceann de na cúig albam taitneamhach grianghraf de chuid Chambers, tá pictiúir d'Oileáin Árann agus de Chathair na Gaillimhe. Is álainn an lón cuimhne é agus is léir gurbh ábhar sásaimh don té a thóg iad na daoine, na háiteanna, na hainmhithe agus na nithe a bhí ina thimpeall. Tá dúnta, séipéil agus aillte le feiceáil, mar atá an éagsúlacht a bhain le gnáthshaol na ndaoine. Tá pictiúir san albam freisin de Ghleann Dá Loch i gContae Chill Mhantáin ach is le pictiúir na Gaillimhe amháin a dhírítear san aiste seo.

Ní le Chambers gach grianghraf san albam. Thomas H. Mason (1877 - 1958), nó duine dá chlann mhac, a thóg roinnt de na pictiúir agus tá cuid acu sin a d'fhoilsigh Mason¹ féin sa leabhar aoibhinn *The Islands of Ireland*, a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 1933. Rinneadh sin a athfhoilsiú i bhfoirmeacha éagsúla ó shin, leis na grianghraif uaireanta agus dá uireasa amanna eile.

Sa chuid de albam Chambers a bhaineann le Cathair na Gaillimhe, tá cártaí poist chomh maith le grianghraif. Dhá bhunphictiúr atá le háireamh ar na grianghraif sin agus i Sráid Doiminic a tógadh an péire acu. Baineann na cártaí poist leis an bPóirse Caoch agus le Margadh an Éisc², le Caisleán Mhionlaigh³, le Caisleán an Linsigh⁴, le Fuinneog Cuimhneacháin an Linsigh⁵, leis an gcuid den Chladach is gaire do Dhroichead Wolfe Tone⁶ agus le ceann de shráideanna an Chladaigh⁷. Cuirtear dátaí idir na 1890idí agus na 1920idí le bunleaganacha na gcártaí poist seo ach is iomaí leagan díobh a bhíodh ar díol ag amanna éagsúla, dubh agus bán nó le dathadóireacht breise.

Is beag tionscal a bhí i mbaile mór na Gaillimhe i rith na 1930idí, bhí an daonra íseal agus ba ghnáthrud an imirce. Mar is léir ón bpictiúr de Shráid Dhoiminic, bhí an meascán tréithe ó dheireadh an ochtú céad déag agus tréithe ón naoú céad déag ar fáil go fóill ann. Cóngarach do Dhroichead Shráid Dhoiminic a tógadh dhá ghrianghraf spéisiúla. I gceann acu sin, lena bhfuil *'Himself'*⁸, mar theideal, (féach an pictiúr i dtús an leabhair) feictear grianghrafadóir féasógach i gculaith éadaigh, ligthe siar in aghaidh ráille an droichid agus Canáil Eglinton ar a chúla. Tá ceamara aige. Athleagan coincreíte den droichead a fheictear sa ghrianghraf an ceann a tógadh i rith na 1950idí atá ar fáil faoi láthair. San fhoirgneamh ar thaobh na láimhe deise den phictiúr atá ceardlann ag an Tobar Nua sa lá atá inniu ann.

*'Penelope and Katrina'*⁹ andan teideal atá leis an dara grianghraf as Cathair na Gaillimhe. Feictear beirt bhan óg le rothair ag siúl trasna Dhroichead Shráid Dhoiminic. Tá amharc

maith ar an tsráid sa ghrianghraf leathanscóipiúil seo agus feictear dhá charr tarraingthe le taobh na sráide siar isteach sa phictiúr. Mar a tharlaíonn le roinnt de na pictiúir as Oileáin Árann, is léir go bhfuil aithne ag an ngrianghrafadóir ar na daoine seo. Bhíodh an droichead i Sráid Dhoiminic ar cheann de thrí cinn de dhroichid lúdracha trasna Chanáil Eglinton. D'fhéadfaí iad sin a oscailt agus báid a ligean suas agus anuas Canáil Eglinton idir Loch Coirib agus an Cladach, agus amach Cuan na Gaillimhe. Idir 1847 agus 1852 a rinneadh an obair thógála maidir le Canáil Eglinton. D'oscail William Montgomerie, Iarla Eglinton, Fear Ionaid an Rí, an Chanáil ar an 28 Lúnasa 1852. Bhíodh dhá loc ar feadh an bhealaigh chomh maith le droichid. Faoi thús na 1950idí, bhí contúirt á bhraith maidir leis na droichid lúdracha agus cuireadh droichid bhuanseasmhacha ina n-áit¹⁰.

*'Penelope & Katrina',
Sráid Doiminic, Gaillimh,
1931 (GP9/1)*



Tá grúpa trí cinn d'oileáin i gceist le hOileáin Árann, Árainn (Inis Mór), Inis Meáin agus Inis Oírr, iad 30 míle nó 47 km amach ó Chathair na Gaillimhe.

Sa bhliain 1841, bhí daonra 3,531 ar na hoileáin. Bhí sin íslithe go dtí 2,845 faoin mbliain 1901 agus go dtí 2,668 faoin mbliain 1911. Sa bhliain 1926, tráth a raibh labhairt na Gaeilge ag 93.4% den daonra, b'ionann líon na ndaoine ar na hoileáin agus 2,152 agus faoin mbliain 1936, tamall gairid tar éis chuairt Chambers, bhí sin íslithe arís go dtí 2,106. Lean an t-íslíú anall go dtí an bhliain 2011, nuair a bhí ardú beag i gceist le daonra 1,251. Sa bhliain 2016, 1,226 duine an daonra a tuairiscíodh maidir leis an trí oileán agus Gaeilge á labhairt ag formhór na ndaoine go fóill.

Tá ardcháil ar na hoileáin maidir le gnéithe seandálaíochta¹¹ agus is fada tarraingt orthu ag lucht seandálaíochta, ársaíochta, béaloidis, eitneagrafaíochta¹², teangeolaíochta, fileolaíochta, luibheolaíochta agus geolaíochta, leis na céadta bliain anuas faoin tráth seo. Ó dheireadh an 19ú céad i leith, bhí ábhar spreagtha á fháil ar na hoileáin ag lucht athbheochana agus lucht ealaíne, ag scríbhneoirí agus ag grianghrafadóirí. Is ábhar spreagtha ag daoine na hoileáin i gcónaí agus tá tábhacht leis an turasóireacht maidir le cúrsaí eacnamaíochta na linne seo.

Bhí páirt shuntasach ag na hoileáin san Athbheochan Litríochta, gluaiseacht i ndeireadh an 19^ú agus i dtús an 20^ú aois trínar féachadh le sainiúlacht na hÉireann a chur chun cinn go mór mór maidir le cúrsaí teanga, béaloidis, ealaíne, litríochta agus oidhreacht. W.B. Yeats (1865 - 1939) a bhí á mholadh do John Millington Synge (1871 - 1909) nuair a thug seisean an chéad chuairt ar Oileáin Árann sa bhliain 1896. Na tréimhsí a chaith sé ar na hoileáin a spreag sé cinn de dhrámaí Synge. Chaith an Bantiarna Gregory (1852 - 1932) tamall ag foghlaim Ghaeilge ann, mar a chaith cuid mhór le bhaill thábhachtacha Chonradh na Gaeilge agus tuilleadh de lucht na réabhlóide. Tá Pádraig Mac Piarais (1879 - 1916) agus Seán MacDiarmada (1883 - 1916) le háireamh ar na ceannairí in Éirí Amach 1916 a raibh tamall caite acu ar Oileáin Árann.

Ón mbliain 1908, chaitheadh Harry Clarke (1889 - 1931), an t-ealaíontóir clúiteach gloine dhaite, an samhradh ann, mar a chaitheadh an bhean a phósadh sé tráth ab fhaide anonn, Margaret Clarke. Bhí lón inspioráide ag Seán Keating (1889 - 1977) agus ag cuid mhór ealaíontóirí eile ar na hoileáin i rith na mblianta. Tugtar léiriú in *Man of Aran*, an scannán faisnéise le Robert J. Flaherty (1884 - 1951), ón mbliain 1934, ar áille lom na n-oileán agus chuir le líon na gcuairteoirí a tharraing orthu. De na hoileáin a fáisceadh scríbhneoirí éagsúla, Liam Ó Flaithearta (1896 - 1984) as Gort na gCapall in Inis Mór agus Máirtín Ó Direáin (1910 - 1988), as Inis Mór freisin, ar an mbeirt ba cháiliúla.

Tá na hoileáin le feiceáil i ngrianghraif i gcuid mhór de na bailiúcháin thráchtála agus phríobháideacha atá ar coimeád i leabharlanna agus i gcartlanna in Éirinn. Ó lár an 19ú céad anall, tá siad ar bhailiúcháin de shleamhnáin laindéir agus de ghrianghrafanna a bhfuil clú náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Chuir na céadta grianghrafadóir pictiúir d'oileáin Árann ar fáil agus foilsíodh bailiúcháin faoi leith ar an téama sin, mar shampla pictiúir Synge ó thús an 20^ú céad agus saothar leis an ngrianghrafadóir proifisiúnta, Bill Doyle, le tamall beag anuas.

Tá Oileáin Árann i gceist le mórchuid na ngrianghraf in albam Chambers ón mbliain 1931. Tá ceannteidil curtha leis na grianghraif atá ar thomhaisí éagsúla agus de na cineálacha ba ghnáth le turasóir ar na hoileáin a chur le chéile. Cé go bhfuil cuid mhaith cártaí poist, ní hionann agus grianghraif, de bhaile mór na Gaillimhe sa bhailiúchán, níl oiread agus cárta poist amháin sa chuid den albam a bhaineann le hOileáin Árann. D'fhéadfadh nárbh fhurasta teacht ar chártaí poist nó nach raibh siad ar díol an t-am a raibh Chambers ar cuairt. Ina ionad sin, tá beagnach trí scór grianghraf san albam de ghnáthshaol na n-oileánach agus d'oidhreacht foirgníochta agus dúlra na n-oileán.

Tá pictiúir san albam le grianghrafadóirí eile seachas Chambers agus luaitear sleachta as saothar scríbhneoirí éagsúla anonn is anall sa leabhar. As leabhair le Donn Byrne cuid mhaith acu sin. Tá siad clóscríofa ar bhileoga éadroma arna n-idirdhuilliú san áit a mbaineann ábhar na sleachta le hábhar na bpictiúr. Tá sliocht maidir leis an scannán faisnéise *Man of Aran* (1934) bunaithe ar shaol Pat Mullen san albam freisin. Gearrtha as páipéar nuachta an sliocht sin ach ní heol cén páipéar é.

Tá réimse leathan ábhair i gceist leis na grianghraif. Feictear gnéithe den obair a bhain le hiompar earraí agus beithíoch, daoine ag fanacht go dtagann bád an phoist nó an Stímeor agus daoine ar an margadh ag céibh Chill Rónáin, fir ag iascach, ag fosaíocht, ag spealadóireacht agus ag baint cheilpe, agus mná ag bleán. Tá báid mhóna le feiceáil, tagtha as Conamara is dócha, agus curacha. Áirítear carranna asail nó capaill, carranna cliathánacha agus báid ar mhodhanna taistil na ndaoine agus modhanna iompair earraí. Tá na capaill coitianta sna pictiúir chomh maith. Feictear goirt chlochacha, asail agus gnéithe nádúrtha, mar shampla aillte agus Poll na bPéist. Grianghraif neamhfhoirmeálta roinnt acu agus tá cinn eile ann de dhuine amháin nó de ghrúpaí daoine a sheasann go speisialta don ghriangrafadóir. Is léir go raibh aithne phearsanta ag an ngrianghrafadóir ar chuid de mhuintir an oileáin agus luann sé a n-ainmneacha sna ceannteidil san albam.

THE SEVEN CHURCHES



'The Seven Churches', Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe, 1931 (GP9/1)



'The Ghost Stones', Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe, 1931 (GP9/1)

Tá líon maith grianghraf san albam de na láithreacha seandálaíochta agus staire. Tá trí cinn ina bhfeictear Dún Aonghasa, na ballaí daingne cloiche réamhstairiúla, ceann amháin acu sin de thaobh na haille den Dún; d'fhéadfadh gur saothar le grianghrafadóir seachas Chambers an ceann sin. Feictear *'Dun Chathair'* (Dún Dúchathair) agus *'The Runes'* istigh sa dún chomh maith (fothrach, *sic. ruins?*).

Ar na grianghraif ina bhfeictear seanséipéil, tá na teidil *'The Church of the Four Beauties'* (a bhfuil buachaill de mhuintir na háite ann freisin), *'St Kiron's'*, *'The Graveyard'*, *'One of the Seven Churches'*, *'The Seven Churches'* (dhá phictiúr) agus *'St Benignus Church'* (Teampall Bheanáin).

Luaitear *'Well of the Saints'*, *'The Well of the Holy Ghost'*, agus *'The Bed of the Holy Ghost'* (faoi bhun iarsma seanchroise) le pictiúir éagsúla agus *'St Columkille's Well'* (Tobar Cholm Cille) le ceann ina bhfeictear seisear gasúr agus duine fásta, iad ar na glúine ag guí¹⁷. Tá tábhacht leis na pictiúir sin mar gheall ar a bhfuil d'athrú tagtha ar ghnéithe seandálaíochta ó na 1930idí i leith, ach níl siad ar dhea-chaighdeán.

Maidir le hiarsmaí nach bhfuil chomh hársa céanna, feictear *'The Field of Ghosts'* agus *'The Ghost Stones'* in Árainn (Inis Mór). Leachtanna cuimhneacháin atá i gceist leis an teideal deireanach sin, na piléir cloiche ar thaobh an bhealaigh a bhfuil leac le hinscríbhinn i gcuimhne na marbh, i mBéarla den chuid is mó, curtha iontu agus cros shimplí in uachtar. Tá isteach is amach le 30 leacht den sórt sin ar Árainn (Inis Mór). lena luaitear dátaí ón mbliain 1811 go tús na 1890idí.

An ní a dtugann an grianghrafadóir *'Drinking Trough'* air sa teideal le ceann de na grianghraif, is ceann é de na taiscumair uisce atá coitianta ar Oileáin Árann agus arbh díol spéise iad ag dream tíreolaíochta as Meiriceá i rith na 1930idí mar shampla¹⁸.

I bpictiúr amháin lena gcuirtear an teideal *'Aran More, Aran Is., Pat Mullen gathering sea-weed'*, feictear Pat ag carnadh feamainne. Mheasfaí go raibh aithne ag an ngrianghrafadóir, a nglactar leis gurbh é George Chambers é, ar Pat Mullen féin. I bpictiúr eile ar aon leathanach leis an gceann sin, faoin teideal *'Sea-weed for kelp'* feictear an fheamainn ag triomú sula lasfaí an tornóg ag déanamh na ceilpe do thionscal an iaidín agus a tabhairt chun bealaigh go Gaillimh. Ba ghné shuntasach de chúrsaí eacnamaíochta déanamh na ceilpe agus daoine ag soláthar a gcoda ar Oileáin Árann. Bhí tábhacht leis an teacht isteach a ghnóthaítí ón obair bailiúcháin, ón dó agus ón tráchtáil dá bharr¹⁹.

An tráth céanna a raibh na grianghraif seo á dtógáil ag Chambers, thug Tomas H. Mason cuntas in *The Islands of Ireland* ar theaghlaigh ar an oileán ag dó ceilpe ar feadh roinnt laethanta agus oícheanta as a chéile. Tugann John Millington Synge cuntas, arna

fhoilsiú sa bhliain 1907, ar thornóga in Inis Meáin, ar an saothar lena linn sin agus roimh ré, agus ar an tábhacht a bhí leis an gceilp maidir le saol eacnamaíochta an oileáin:

The people have taken advantage of this dry moment to begin the burning of kelp, and all the islands are lying in a volume of grey smoke.... The work needed to form a ton of kelp is considerable. The seaweed is collected from the rocks after the storms of autumn and winter, dried on fine days, and then made up into a rick, where it is left until the beginning of June. It is then burnt in low kilns on the shore, an affair that takes from twelve to twenty-four hours of continuous hard work. The kiln holds about two tons of molten kelp, and when full it is loosely covered with stones and left to cool. In a few days the substance is as hard as the limestone and has to be broken with crowbars before it can be placed in currachs for transport to Kilronan, where it is tested to determine the amount of iodine it contains, and paid for accordingly. In former years good kelp would bring seven pounds a ton, now four pounds are not always reached²⁰.



‘Pigs to Market – Michael Hernon; Árainn (GP9/1)

Ní hiad Synge agus Mason amháin a luann nach bhféadfaí an praghas a gheofaí ar an gceilp a thuar roimh ré. San 1893 *Baseline Report of the District of Aran Islands*²¹ sa bhliain 1893, meastar go mbíodh dhá thrían de mhuintir Oileáin Árann ag déanamh ceilpe. De réir mar a thuairiscítear foinsí ioncaim na dteaghlach ag an am, shaothraítí dhá thrían ó bheostoc, an ceathrú cuid ó shaothrú ceilpe agus feamainne agus seacht faoin gcéad ón iascach.



*‘Sea-weed for kelp’,
Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe,1931 (GP9/1)*



*‘Bed of the Holy Ghost’,
Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe,1931 (GP9/1)*



*‘Bridget Mannin and Friends’,
Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe,1931 (GP9/1)*

Tá an pictiúr lena gcuirtear an teideal *‘Pigs to Market – Michael Hernon’* ar cheann acu sin san albam ina luaitear ainm duine sa cheannteideal. Cé nach bhfuil caighdeán an phictiúir rómhaith, is mór is fiú an grianghraf a bheith ar fáil. Feictear ann trí cinn de mhuca beathaithe á seoladh an bóthar garbh, ag triall ar an margadh ba dhóigh le duine. Is lom an dreach atá ar an réimse talún siar ón Iarnánach sa phictiúr. Feictear sa ghrianghraf freisin cineál na mballaí cloiche le taobh an bhóthair.

Feictear sa phictiúr dar teideal *‘Bed of the Holy Ghost’* ceann de na gnéithe nach bhfuil ar fáil níos mó, cuid de chros aolchloiche ó dheireadh an 12ú céad nó thart ar an mbliain 1200 féin, ceann amháin de chrosa den sórt sin atá ar fáil ar Oileáin Árann agus i gContae an Chláir, go líonmhar mar shampla i gCill Fhionnúrach²².

Tá caoi agus cuma ó thaobh ceapadóireachta ar an bpictiúr lena gcuirtear an ceannteideal *‘Bridget Mannin and Friends’* agus ina bhfeictear triúr d’ógmhna Árann agus aon bhuachaill amháin. Tugann Synge, in *The Aran Islands*²³, agus Mason, in *The Islands of Ireland*,²⁴ cur síos mion go maith ar éadach gléasta na n-oileánach agus tuairisc ar athruithe faisin.

Sa ghrianghraf lena gcuirtear an teideal simplí *‘Kilronan’*, arb é an capall agus carr, le fear ina shuí leataobhach sa charr, is túisce a tharraingíonn an tsúil, feictear roinnt d’fhoirgnimh an bhaile faoi cheann tuí, cineál nach coitianta orthu sa lá atá inniu ann.



‘Kilronan’, Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe, 1931 (GP9/1)




‘The Island Steed’, Árainn (Inis Mór), Co. na Gaillimhe, 1931 (GP9/1)

(GP9/1)

Is iomaí grianghraf a tógadh de na hasail ar Oileáin Árann, cuireann gach turasóir suim iontu. Luann Mason in *Islands of Ireland* gur leo ba mhinice earraí de chineálacha go leor a tharraingt. Déanann sé clamhsán freisin faoina líon ar na hoileáin ó *‘the ass travels best at night’* agus tháinig siad idir é agus codladh na hoíche²⁵.

Tá dhá ghrianghraf curtha ar aon leathanach lena chéile in albam na bliana 1931 lena luaitear na teidil *‘Inishmaan Shipping Cattle’* agus *‘Inisheer Unloading’*. Feictear iontu seo beithígh á dtabhairt i gcurach amach agus isteach ó bhád níos mó, bád na Gaillimhe is dócha. Ba mhinic le cuairteoirí pictiúr a thógáil de mhuintir na n-oileán i mbun an chúraim seo, a raibh oiread tábhachta léi maidir le saol eacnamaíochta na n-oileán a choinneáil ar bun, le hamharc anuas ar an gcurach tarraingthe le taobh an bháid ar a raibh an grianghrafadóir.

Tá tábhacht le grianghraif Chambers a théann i bhfad níos faide ná caighdeán an íomhá agus ná feabhas nó ealaín na ceapadóireachta. Is féidir léargas a fháil ó ghrianghraif dhuine ar a réimsí spéise, ar a dhearcadh agus ar a mheon, chomh maith lena chumas ag láimhseáil ‘meaisín’ na grianghrafadóireachta. Is é is glinne maidir le grianghraif Chambers, fairsinge na réimsí ábhair, an taitneamh a thugtar don taobh tíre agus don tslí mhaireachtála ann, agus an spéis dáiríre agus an caidreamh nádúrtha a bhí aige le muintir na háite. Faightear leide anseo agus ansiúd de chairdeas croíúil idir é féin agus roinnt de na daoine sna pictiúir, go háirithe iadsan a luaitear ainm leo sna ceannteidil. Ní hamháin gur ábhar cuimhneacháin ar thuras agus aide-mémoire maidir le háiteanna a siúladh na halbaim, is minic freisin a léiríonn na daoine go m’ábhar gliondair ag Chambers an turas a thug sé.



Iarnótaí

1	Mason, Thomas H., 1933, <i>The Islands of Ireland, Their Scenery, People, Life and Antiquities</i> , London, New York, Toronto and Sydney, B.T. Batsford Ltd	12	Féach Haddon, A.C., & Browne, C.R., 1891-93, 'The Ethnography of Aran Islands, County Galway', <i>Proceedings of the Royal Irish Academy</i> , 2, ll. 765-803; O'Connell, M. et al., 1992, 'Ecological Studies of Littoral Fauna and Flora on Inishmore, Aran Island, Co. Galway', <i>Proceedings of the Royal Irish Academy</i> , 92 B, ll. 19-131; Messenger, John, 1964, 'Literary vs Scientific Interpretations of the Cultural Reality in the Aran Islands of Eire', <i>Ethnohistory</i> , 11, ll. 41-55; Messenger, John C, 1966, 'Man of Aran Revisited, An Anthropological Critique', <i>University Review</i> , 3(9), ll. 15-47
2	Luaitear ceannnteideal <i>The Spanish Arch, Galway</i> leis an gcárta poist ina bhfeictear teach ósta mhuintir Greene, an Póirse Caoch, céibh an Chladaigh agus an Halla, is dócha gur i rith na 1920idí a cuireadh ar fáil é	13	Maidir le gnéithe den teangeolaíocht agus den fhileolaíocht i ndáil le hÁrainn, féach mar shampla, Ó Direáin, Séamas, 2015, <i>Suirbhé de Ghaeilge Labhartha in Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe</i>
3	Luaitear <i>Menlo Castle, Galway</i> mar cheannnteideal leis an gcárta ina bhfeictear an foirgneamh ar bhruach an locha, tráth éigin roimh an mbliain 1910 nuair a loisceadh an Caisleán	14	Maidir le luibheolaíocht Árann, féach Andrews, William, 1848, 'Observation on Botany of Great Arran Islands, Galway Bay', London, <i>J. of Botany</i> , 4(48), ll. 569-70; Web D. A., 1980, 'The Flora of the Aran Islands' <i>J. Life Sciences</i> , Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, 2(i), ll. 1-83
4	<i>Lynch's Castle, Galway</i> an teideal atá leis an gcárta ina bhfeictear an caisleán sular cheannaigh an Munster & Leinster Bank é i ndeireadh na 1920idí	15	Áirítear ar na bailiúcháin a foilsíodh ina ndírítear ar Oileáin Árann an chuid seo a leanas: Watson, Henry Cecil, 1999, <i>Inis Meáin Images, Ten Days in August 1912</i> , Baile Átha Cliath, Wolfhound Press, Athchló 2000 etc.; Synge, John Millington, 1971, <i>My Wallet of Photographs: The Collected Photographs of J.M. Synge. Arranged and Introduced by Lilo Stephens</i> , Baile Átha Cliath, Dolmen Press & Humanities Press; Scully, Sean & Tóibín, Colm, 2007, <i>Walls of Aran, Introduced by Colm Tóibín</i> , Thames & Hudson; Doyle, Bill, 1999, <i>The Aran Islands Another World</i> , Lilliput Press; agus Doyle, Bill, 2000, <i>Island Funeral, Photography by Bill Doyle, with a text by Muiris Mac Conghail</i> , Veritas Publications
5	<i>Lynch Memorial Stone, Galway</i> an ceannnteideal a chuirtear leis an bpictiúr ina bhfeictear an Teampall Mór siar ón bhfuinneog. Tá gnéithe den obair chóirithe a cuireadh ar an séipéal i rith na 1880idí le tabhairt faoi deara agus is dócha gur ó thús an 20ú céad an pictiúr	16	Donn, Brian Oswald Byrne (1889 - 1928), scríbhneoir bisiúil de chuid na hÉireann a raibh cáil mhaith air maidir lena chuid úrscéalta staire, a chuid gearrscéalta agus a chuid filíochta. Bhíodh an-tóir in Éirinn agus i Meiriceá ar na húrscéalta, <i>Ireland: The Rock Whence I Was Hewn</i> go mór mór
6	Sa chárta poist lena bhfuil an teideal <i>The Claddagh, Galway</i> , feictear cuid de thithe ceann tuí bhaile an Chladaigh agus roinnt de bháid an Chladaigh	17	D'fhéadfadh gur grianghraf de chuid Mason an ceann sin
7	<i>The Claddagh, Galway</i> an teideal leis an gcárta seo freisin ina bhfeictear tithe phríomhshráid an bhaile faoi dhath aoil agus ceann tuí	18	Féach Kilmm, L., 1939, 'The Rain Tanks of Aran. A Recent Solution to an Old Problem', <i>Bulletin of the Geographical Society of Philadelphia</i> , ll. 73-84
8	Sa ghrianghraf lena gcuirtear an teideal ' <i>Himself</i> ', feictear Chambers agus culaith geal éadaigh á chaitheamh aige. Tá grianghraif eile ar fud Bhailiúchán Chambers, grianghraif de ghrúpaí daoine san áireamh, lena gcuirtear ' <i>Himself</i> ' mar thagairt don ghrianghrafadóir	19	Féach mar shampla, Cliff, Brian & Grene, Nicolas (eagg.), 2012, <i>Synge and Edwardian Ireland</i> , Oxford University Press; Fitzpatrick, David, 2012, "Synge and Modernity" in Cliff & Grene (eagg.) 2012, ll. 121-158; Allen, Nicholas, 2012, "Synge Reading and Archipelago", in Cliff & Grene (eagg.) 2012, ll. 59-171; agus Markey, Anne, 2012, "The Price of Kelp in Connemara: Synge, Pearse, and the Idealisation of Folk Culture" in Cliff & Grene (eagg.) 2012, ll. 208-224
9	Is é an trua nach bhfuil aon eolas níos fearr ná sin againn ar na mná a fheictear sa phictiúr seo, Penelope agus Katrina	20	Synge, John Millington, 1907, <i>The Aran Islands</i> , World Classics Edition 1962, ll. 194-5
10	Tá Sonraíocht agus Coinníollacha Ginearálta an Chonartha ón mbliain 1953 i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le trí cinn de dhroichid déanta as coincreít threisithe a dhéanamh trasna Chanáil Eglinton, Gaillimh, ag F. S. Rishworth, Innealtóir Comhairleach, Gaillimh i gcomhar le Ed Ralph Ryan, Innealtóir Comhairleach, Gaillimh (GC/CS/004)	21	Ruttledge-Fair, Major Robert, 1893, <i>Base Line Report for the Congested Districts Report</i> Macasamhail ar fáil in O'Sullivan, Paul (Leas., Godwin, Nora), 1977, <i>A World of Stone</i> , Baile Átha Cliath, O'Brien Educational, ll. 71-5
11	Is fada fairsing an liosta léitheoireachta is féidir a lua le seandálaíocht Árann. Chomh luath leis an 17ú aois, bhí cuntas á thabhairt ar roinnt de na séadchomhathaí agus léaráidí á ndéanamh. Sa bhliain 1684 a scríobh Ruairí Ó Flaithbheartaigh, <i>A Chorographical Description of West or H-Iar Connaught</i> (in eagar ag Séamus Ó hArgadáin do Chumann Seandálaíochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath sa bhliain1864); tá suirbhéireacht thábhachtach ar na seaniarsmaí mar a bhí sa bhliain 1839 ar fáil in <i>The Ordnance Survey Letters</i> le Seán Ó Donnabháin. Spreagann ailt le Thomas Johnson Westropp (1860 – 1922) faoi na hoileáin cuid mhór daoine le cuairt a thabhairt orthu agus na gnéithe suntasacha seandálaíochta a fheiceáil dóibh féin, agus rinneadh athfhoilsiú ar an alt a chuir sé in iris Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann (Imleabhar 25, 1895, ll. 250-278) in éineacht le saothar daoine eile den lucht ársaíochta agus den aos seandálaíochta i saothar arna fhoilsiú ag Cumann Ríoga Lucht Ársaíochta na hÉireann sa bhliain 1905, <i>Illustrated Guide to the Northern, Western and Southern Islands and Coasts of Ireland, Antiquarian Handbook Series</i> , VI, Baile Átha Cliath, Hodges & Figgis. Maidir le liosta iomlán d'fhoilseacháin Westropp, féach Kavanagh, Mary A., <i>Galway-Gaillimh: Bibliography of the City and County</i> , 2000, l. 182; Wilde, William R., 1858, <i>A Short Description of the Western Islands of Aran, County of Galway, chiefly extracted from the Programme of the Ethnological Excursion of the British Association to these interesting Islands in the Autumn of 1857, under the Direction of W. R. Wilde, MRIA</i> , 1st August 1858; Tugtar cuntas achoimre ar an saothar seandálaíochta le tamall anuas in Waddell, John et al. (eagg.), 1994, <i>The Book of Aran: The Aran Islands County Galway</i> , Cinn Mhara, Tír Eolas	22	Maidir le crosa ar Oileáin Árann, féach Waddell, John, 1981, 'An Unpublished High Cross in Aran, Co. Galway', <i>Journal of Royal Social of Antiquarians</i> , 3, Éire, ll. 29-35; Macalister, Robert A. S., 1913, 'Crosses at Kilbreacan Aran', <i>Journal of Royal Social of Antiquarians</i> , 6 (3), Éire, l. 344
		23	Synge, John Millington, 1907, <i>The Aran Islands</i> , World Classics Edition 1962
		24	Mason, Thomas H., 1933, <i>The Islands of Ireland, Their Scenery, People, Life and Antiquities</i> , Londain, B.T. Batsford Ltd
		25	Mason, Thomas H., 1938, <i>The Islands of Ireland</i> , An Dara hEagrán, Leasaithe, l. 61



Albam na mBlascaodaí, 1931 – 1938

Michael Lynch

'The Cow (underneath) All Together!'; an Blascaod Mór, 1931 (GP9/2)

Baineann na Blascaodaí le seanpharóiste dlí Dhún Chaoin i gContae Chiarraí agus is orthu atá an chuid is faide siar de thalamh na hÉireann. Ó rinn an Dúna Mhóir ar tír mór, tá an Blascaod Mór 80 slabhra (aon mhíle amháin) siar ó dheas. Is féidir turas báid a dhéanamh amach ar na Blascaodaí as Cé Dhún Chaoin.

Sa leabhar a scríobh Charles Smith faoi stair Chiarraí, deirtear:

*About a mile and a half from this promontory [Dunmore Head] stands the largest of the Blasket or Ferriter’s Islands, called also the Blasques, probably from Blaosc or Blaosg, in Irish, a scale or shell, being supposed to have scaled off the continent in Ireland. These islands were twelve in number, but four of them are only rocks.*¹

Ba le hIarla Dheasumhan na Blascaodaí tráth, gur thug ar láimh do na Feirtéaraigh iad. Nuair a bhí páirt ag na Feirtéaraigh le hÉirí Amach Dheasumhan ina dhiaidh sin, ghabh an Choróin a gcuid tailte i ngeallbhroid sa bhliain 1580. Faoi litreacha paitinne dar dáta 1586, géilleadh na tailte do George Stone (Kingston, Surrey) agus do Cornelius Champion. Dhíol siadsan gach leas sna tailte le Henry Billingsley agus tharla le himeacht aimsire na hoileáin le háireamh le heastát Iarla Chorcaí agus Orbhraí.

Tá fad tuairim is 3 mhíle agus leithead 1 mhíle amháin sa Bhlascaod Mór (an tOileán Mór mar a bhíodh ag muintir na háite agus *Inishmore* ag Smith). Achar tuairim is 1,020 acra atá ann agus bhí cónaí cúig nó sé de theaghlaigh ar an oileán le linn Smith. Go deimhin, luann seisean:

*The inhabitants are strong, lusty and healthy, and, what is very surprising, neither man, woman, or child died on it for the space of forty five years before I was there.*²

Os a choinne sin, tá d’aguisín aige leis an tuairisc sin ar dhream folláin gur ar tír mór a d’éag an chuid ar bhuail drochshláinte iad. B’ionann daonra an Bhlascaoid Mhóir sa bhliain 1841 agus 153 ach bhí íslithe go 95 deich mbliana dár gcionn. Tháinig ardú arís i ndeireadh an naoú céad déag go 136 (1881), 132 (1891), 145 (1901) agus 160 (1911). Ar iniúchadh a dhéanamh ar an bhfigiúr is deireanaí acu sin, feictear go raibh 47% cúig bhliana déag nó níos óige agus 31% eile idir sé bliana déag agus dhá fhichead. Mheasfaí gur pobal óg bríomhar a bhí ann.

Tá Inis Mhic Aoibhleáin, an dara hoileán is fairsinge de na Blascaodaí, tuairim is dhá mhíle siar ó dheas ón mBlascaod Mór. Áitíonn Smith maidir le suíomh an oileáin - ‘*too far out in the great western ocean, and the lands being low, and too bleak to afford shelter to inhabitants*³ - gur fhág sin nach raibh aon chónaí air le tamall de bhlianta an tráth a raibh sé féin ag scríobh sna 1750idí. Malairt tuairisce atá ar an gcás faoi lár an naoú céad déag le líon beag daoine le lua leis an mbliain 1841 (3) agus leis an mbliain 1851 (8). Dá ainneoin sin, is léir ó thorthaí daonáirimh as sin amach gur tharla ísliú de réir a chéile go dtí gurb é a fheictear sa bhliain 1911 arís go raibh Inis Mhic Aoibhleáin gan chónaí. Cheannaigh Cathal Ó hEochaidh Inis Mhic Aoibhleáin i rith na 1970idí agus tógadh teach saoire ann le muileann gaoithe i mbun giniúint leictreachais.

Is annamh a bhíodh cónaí ar an gcuid eile den oileánra, murar go séasúrach é ag iascairí nó (ar an Tiaracht) ag feighlithe an tí solais.

Maidir le teanga na ndaoine, feictear ó thorthaí dhaonáireamh na bliana 1911, mar shampla, gur luaigh 72 as 160 duine ar an oileán gur Gaeilge amháin a bhí acu; 77 gur labhair siad Gaeilge agus Béarla. Tuairiscítear nach raibh ceachtar teanga ag deichniúr (naíonáin) agus aon duine amháin a thuairiscigh go raibh sé taobh leis an mBéarla. B’eisean John Corcoran, fear as Maigh Eo a bhí ina shaoiste ag Bord na gCeantar Cúng.

Iascaireacht an tslí bheatha ba choitianta ag muintir an oileáin, bhí talamh curadóireachta gann. Bhí féarach réasúnta ar an oileán mór, rud a d’fhág go bhféadfaí feirmeoireacht caorach agus déiríochta a dhéanamh maidir le cothú an líon tí féin.

B’fhurasta a cheapadh ó lámhscríbhinní Bhailiúchán na Scol Choimisiún Béaloideasa Éireann i lár na 1930idí go raibh dream bríomhar daltaí ar an scoil náisiúnta san oileán i gcónaí. Bailíodh níos mó ná 450 leathanach d’ábhar. Dá ainneoin sin, bheadh dá cheilt le tuiscint róshimplí, gurbh iad na leanaí ba shine sa scoil a cuireadh ag bailiú an ábhair. Sa bhliain 1941, luaitear ar *The Kerryman* go raibh an scoil dúnta ar ordú ón Roinn Oideachais . Faoin gceannteideal mór ‘*What is the Islanders’ Future Fate?*’, tuairiscítear ar *The Kerryman* go mbíodh 50 ar rollaí na scoile i rith na 1890idí ach go raibh siad íslithe chomh mór agus gur triúr a bhí le cur ar an rolla i rith scoilbhliain 1940/41. Leantar ar aghaidh go luaitear go raibh daonra 130 duine ar an oileán sa bhliain 1925 ach go raibh an t-iascach ag dul ar gcúl agus an t-oileán á bhánú dá réir:

*But fishing along our seaboard has sadly deteriorated of late years. No longer does the sea yield its treasure on the former scale. As the Red Man has gone with the buffalo, so has the Basket Man gone with the fish*⁶.

De réir tuairisc roinnt blianta roimhe sin sa *The Kerryman* (i mí Márta 1937) ‘a number of Basket Islanders intend leaving their island homes, where their fathers had lived for generations, to seek a better existence on the mainland next Autumn’⁷.

Bhí agallamh san alt céanna le Seán Ó Criomhthain a d’áitigh nach bhféadfadh muintir an oileáin ag an am cruatan a sheasamh mar a bhíodh ar a sinsir a dhéanamh. Ba ‘a rank failure’ a luaigh sé le gnó na hiascaireachta agus dúirt go mbeadh idir cúig cinn agus seacht gcinn de thithe á mbánú faoi gheimhreadh na bliana 1937. Ní raibh an chéad ghlúin eile ag teacht ach oiread, gan mórán daltaí á gcur ar rollaí na scoile, agus níor tharla oiread is pósadh amháin ar an oileán le ceithre bliana anuas.

Ceileann an fómhar fairsing a cruinníodh do Bhailiúchán na Scol gur beag dalta a bhí á gcur ar na rollaí sna ranganna ab ísle ná Rang a 5 agus Rang a 6 ag am an bhailiúcháin sin. Is mar gheall ar a laghad sin daltaí nua ag teacht isteach nárbh aon ionadh mór dúnadh na scoile nuair a tháinig an t-am. Aistríodh cartlann scoil náisiúnta an Bhlascaoid go dtí an Chartlann Náisiúnta ó shin i leith.

Luaitear suíomhanna ar na ceithre oileán is mó de chuid na mBlascaod ar Thaifead Suíomhanna agus Séadchomharthaí Oifig na nOibreacha Poiblí, lena n-áirítear fianaise ar chóras páirceanna agus iomaire curadóireachta ar Inis na Bró; seaniarsmaí eaglasta agus leacht cuimhne (carn) ar Inis Tuaisceart; agus córais pháirceanna, aireagal, dún ceann tíre, leacht cuimhne, leac croise agus cloch Oghaim ar Inis Mhic Aoibhleáin. Áirítear ar na gnéithe seandálaíochta ar an mBlascaod Mór, suíomh ina gceaptar go raibh caisleán, ionad adhlaetha leanaí, seanchórais tithíochta agus clochán.⁸ Is é an teach solais ar an taobh thiar den oileán an t-aon ghné suntasach amháin ar an Tiaracht.

Bíonn an fharraige amach ó na Blascaodaí fealltach agus luaitear cuid mhaith eachtraí sa tsraith trí cinn d’imleabhair *Shipwrecks of the Irish Coast* le Edward J. Bourke. I gceann amháin acu sin ar an 8 Feabhra 1809, tháinig an Mary (ag déanamh ar Poole as Luimneach) agus an Sarah (ag déanamh ar Portsmouth as Luimneach) salach ar a chéile agus chuaigh an dá bhád síos⁹. Mar sin féin, is é an longbhriseadh is mó le rá a tharla

amach ó chósta an Bhlascaoid, an *Santa Maria de la Rosa* a bhain le Armada na Spáinne, dul ar charraig an 11 Meán Fómhair 1588 i mBealach an Bhlascaoid idir an Dún Mór agus an Blascaod Mór. Tháinig gunna práis ar a raibh armas greanta, íomhá de chrann sractha ó fhréamh, i dtír ar na Blascaodaí thart ar an mbliain 1840. Tugadh ó láthair go Caisleán Chluain Sceach é agus ní heol cá bhfuil sé sa lá atá inniu ann¹⁰.

Le Ceantar Íoclainne Cheann Trá a bhaineadh na hoileáin, rud a d’fhágfadh gur ghá don oileánach dul go tír móir maidir le cóir leighis. Thugadh an sagart paróiste cuairt go rialta – murar go minic – ar an oileán agus is i séipéal paróiste Dhún Chaoin, ar an míntír, a bhíodh gach searmanas baiste, pósta nó sochraide.

Ba réamhchomhartha dúnadh na scoile ar fhadhb níos ginearálta ná sin maidir le pobal daoine a bhí ag dul in aois agus le himeacht aimsire ba léir nach bhféadfadh an pobal sin teacht slán ná maireachtáil mar a dhéanadh leis na céadta bliain. Tháinig deireadh ré i mí na Nollag 1953 nuair a d’athraigh an chuid deiridh de na hoileánaigh amach go tír mór. Faoin tráth sin, ba le muintir an Bhlascaoid Mhóir an talamh ar fad agus na tithe ar fad ar an oileán sin. Níorbh amhlaidh an scéal maidir leis na hoileáin eile (Inis na Bró, Inis Tuaisceart agus Inis Mhic Aoibhleáin) a bhí faoi úinéireacht Iarla Chorcaí agus Orbhraí.

Cé gur chuir tréigean an oileáin mhóir deireadh le ré fada cónaí ar na Blascaodaí, bhí roinnt d’oidhreacht shaoithiúil shaol na n-oileánach curtha síos le linn ré órga i litríocht an Bhlascaoid idir na blianta 1929 agus 1935. Bhí an scoláire as Sasana, Robin Flower (a mbíodh *Bláithín* de leasainm ceana air ag muintir an Bhlascaoid) ina chrann seasta ag canúint an Bhlascaoid agus chuidigh sé le scríbhinní agus cuntais saoil dhaoine de leithéid Thomáis Uí Chríomhthain, Mhuiris Uí Shúilleabháin agus Pheig Sayers a fhoilsiú. *An tOileánach* a bhí ar an gcéad leabhar sa bhliain 1929 agus ba ghairid go dtáinig *Fiche Bliain Ag Fás* le Múiris Ó Súilleabháin (1933) agus Peig (1935). Bhí i ndán go dtiocfadh an tuar faoi thairngreacht Uí Chríomhthain nuair a chuir sé ‘Ní bheidh ár leithéidí ann arís’ ina leabhar agus is maith a thuig sé féin go raibh deireadh ag teacht leis an seanmhodh saoil. Shaothraigh Ó Criomhthain roimhe sin sraith agallamh (*Allagar na hInise*) leis an Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha) agus chuaigh an stíl chomh mór i bhfeidhm ar Flower gur chuidigh seisean le Tomás An *tOileánach* a thabhairt ar an bhfód. Bhí comrádaí ag an Seabhac i mbun thús na hoibre sin ó fhear eitneolaíochta agus béaloidis as an tSualainn, an tOllamh Carl Wilhelm Von Sydow, a mbeadh cáil ina aisteoir ar mhac leis, Max von Sydow, tráth ab fhaide anonn.

Fuair Tomás bás i mí Márta 1937 agus é 80 bliain d’aois. D’éag Peig i mí Feabhra 1958 agus í 90 bliain d’aois. Bádh Muiris Ó Súilleabháin agus é ag snámh amach ó Chnoc na Cathrach i mí Meitheamh 1950. Bhí sé ina Gharda agus sealanna caite aige in áiteanna éagsúla i nGaillimh. 47 bliain d’aois a bhí sé.

Tá roinnt de na pointí is airde ar an oileán mór le feiceáil ar leathanach amháin in albam na mBlascaod i mbailiúchán George Chambers (GP9/2). Luaitear ‘*Cromwell’s Tower*’ leis an bpointe is airde ar fad. Díol spéise sin ó tharla nach eol aon cheangal ag ainm Chromail leis an oileán. Go deimhin níl aon tuairisc ar Thúr seo Chromail i gCartlann Logainmneacha Chiarraí. Ar chuma an phictiúir seo a thabhairt san áireamh leis an gcuid eile a tógadh in áiteanna crochta ar an oileán, is é is dócha gur ó mhíthuiscint ar ainm an Stáisiúin Triantánachta, an Cró Mór, a síleadh go raibh Cromail i gceist. Tá sin ar an áit is airde ar an oileán (981 troigh).



(GP9/2)

Is cuimsitheach an slám pictiúir san albam atá dírithe ar an tús i rith ré na mainistreach le cónaí ar an oileán ach díritear chomh maith ar shaol agus ar ghnóthaí an oileáin tráth a dtógtha. Tá pictiúir iontacha ann de chaladh an oileáin agus sraith de phictiúir bhreátha¹¹ ina léirítear an dua a bhain le hainmhithe a láimhseáil. Is deacair don té nach ndeachaigh ina bhun an chontúirt a ghabhadh le beithíoch a thabhairt isteach agus amach den oileán i naomhóg a mheas, ach is ábhar iontais scil agus misneach na n-oileánach ina bhun a fheiceáil sa tsraith pictiúr.

Tá baint agus sábháil na móna le feiceáil ar bun freisin sna pictiúir a thóg Chambers. An t-ábhar a chuirtear i láthair ar chuma a oireann do ‘thurasóirí’ ar na cártaí poist, tá cuma níos dáiríre air agus níos mó den dua ag baint leis, fiú acu siúd ar a dtugann Chambers ‘*Modernised Island Girls*’.



‘*Cromwell’s Tower*’, an Blascaod Mór, 1931 (GP9/2)




‘*Modernised Island Girls bringing Turf Home*’, an Blascaod Mór, 1931 (GP9/2)

Tá fianaise i roinnt de na pictiúir ar an deacracht a bhain le hearraí a sholáthar d’fheighlithe an tí solais ar an Tiaracht. Is ar éigean is a rá go raibh cé sa chaladh ach ba ghá ina dhiaidh sin dul i dtír ann. Cuireann na pictiúir ar na leathanaigh sin trasna ar lucht a mbreathnaithe a raibh d’éacht ag baint le teicneolaíocht den sórt sin a bheith in áit chomh hiargúlta (‘the most westerly point of the Tearacht and of the OLD WORLD’).

Cuirtear i gcuimhne gur chráite an fhadhb ar an oileán líon na ndaoine a bheith ag íslíú. Sa cheannteideal a chuirtear le pictiúr de dhaltaí na scoile sa bhliain 1931, luaitear go raibh 35 dalta ar an scoil an bhliain sin agus nach raibh ann ach triúr faoin mbliain 1939.

Dírítear in albam Chambers freisin ar oidhreacht litríochta an oileáin. Baineann an t-albam leis an tréimhse céanna a raibh cuid mhór scríbhneoireachta ar bun maidir saol an oileáin. Mheasfaí gurbh í Eibhlís Ní Shúilleabháin is mó a spreag machnamh Chambers ar an mBlascaod agus d’fhág an ceangal le Tomás Ó Criomhthain agus le Muiris Ó Súilleabháin go raibh dlúthbhaint aici le laochra litríochta an oileáin. Is léir gur mhaith a thuig Chambers an léiriú a bhí ar oileán na linne óna chuid cuairteanna ann sa bhliain 1931 agus sa bhliain 1938.


Tá bailiúcháin éagsúla ar coimeád i gCartlann Chiarraí óna bhfaightear léargas ar radharcanna an Bhlascoid ach is doimhne a théann albam Chambers i ngnéithe de ghnáthshaol na ndaoine – san iascaireacht, san fheirmeoireacht agus i saothrú na móna – nach minic a fheiceáil i mbailiúcháin eile. Tá níos mó ná ainmneacha na



(GP9/2)



‘The School in 1931, when there were 35 scholars. There were 3 in 1939’, an Blascaod Mór (GP9/2) ¹²



(GP9/2)

‘Eilish, Nora and Island Fishermen outside the house of the “Fairy Music”’, Inis Mhic Aoibhleáin, Na Blascaodaí (GP9/2)



ndaoine agus na n-áiteanna sna teidil a chuireann sé leis na pictiúir. Tarlaíonn uaireanta go spreagann siad breis smaointeoireachta agus fiosrúcháin maidir lena bhfuil scríofa aige. Níl in ‘*Cromwell’s Tower*’ (dá dtagraítear thuas) ach aon sampla amháin den chineál sin. D’fhéadfadh ábhar taighde níos doimhne a bheith i gceist le tagairtí do ‘*The Crow*’ agus ‘the house of the “*Fairy Music*”’ ar Inis Mhic Aoibhleáin chomh maith.

Fágann na gnéithe sin ar fad gur ríthábhachtach an tuairisc atá ar fáil in albam Chambers de ghrianghraif na mBlascaod ar shaol an oileáin tráth a raibh deireadh ré ag teacht ach oiread beocht agus brí ann i gcónaí gur cuireadh roinnt de leabhair mhóra litríocht na Gaeilge i rith an fichiú aois ar fáil.

Endnotes

1

Smith, Charles, 1756, *The Ancient and Present State of the County of Kerry*, l. 182

2

Ibid., p183

3

Ibid., p183

4

Ó hEochaidh, Cathal (1925 – 2006) Polaiteoir de chuid Fhianna Fáil agus Taoiseach. Toghadh chun Dáil Éireann den chéad uair é sa bhliain 1957 agus rinne sé fónamh ina Thaoiseach faoi thrí – 1979-1981, Márta-Nollaig 1982 agus 1987-1992

5

The Kerryman, 1 Márta 1941, p1

6

Ibid., 1 Márta 1941, p1

7

Ibid., 20 Márta 1937, p1

8

Taifead na Suíomhanna & na Séadchomharthaí, Co. Chiarraí, Bileoga OS 51 & 61

9

Bourke, Edward J, *Shipwrecks of the Irish Coast*, Imleabhar 2 (1998), l. 122

10

Ibid., Imleabhar 1 (1994), l. 157

11


Tá roinnt acu le ceapadh le Bailiúchán Grianghraf Mason atá ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta

12

Tá an pictiúr seo agus pictiúr eile de na daltaí scoile atá ar aon leathanach leis ar fáil i bhfoilseacháin eile chomh maith, mar shampla The Blaskets, People and Literature, A Kerry Island Library, Muiris Mac Conghail, Town House, Baile Átha Cliath, 1978 l. 66. Tugtar le fios sa cheannteideal leis an bpictiúr ansin gurbh í Nóra Ní Shéaghdha (1905 - 1975) as Chill Chuáin, Co. Chiarraí an t-oide scoile agus gur scríobh sise dhá úrscéal Gaeilge. Féach <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=221&AspxAutoDetectCookieSupport=1>

Albam Dhún na nGall, 1932

An Dr Niamh Brennan



'Sketch from Chambers' Donegal Album, 1932 (GP9/3)

'The Western Cliffs', Arranmore, Co. Donegal, 1932 (GP9/3)

I ngrianghraf de chuid George Chambers de mhuintir Dhuibhir i nGabhla, Co. Dhún na nGall sa bhliain 1932, feictear ligthe in aghaidh bhalla cloiche iad, gealgháireach agus ar a gcompond, leis an teach cónaí agus taobh tíre lom an oileáin ar a gcúla. Is mór an chodarsnacht idir íomhá mar sin de phobal oileáin ina bheatha agus grianghraf as bailiúchán Cartlainne eile, ceann le Ann Doherty, grianghrafadóir faisnéise, arb é tréigean agus bánú an oileáin is túisce atá le ceapadh lena grianghraf ón mbliain 1994 de theach mhuintir Uí Domhnaill taobh istigh¹.



nGall (GP9/3). In Árainn Mhór, an ceann is fairsinge d’oileáin Thír Chonaill, mórchuid na ngrianghraif san albam. Tá grianghraif ar fáil ann freisin as Inis Fraoigh, Inis Caorach, Uaigh, Inis Mhic an Doirn, Gabhla, an tÍochtar, an tOileán Glas, Inis Cú, Eadarinis, an Charraig Fhinn agus Inis Sionnaigh chomh maith le cárta poist den Chruit.

Mar a tharlaíonn, cé gur lú go mór líon na ndaoine a dhéanann cónaí buan ar na hoileáin amach ó chósta Dhún na nGall sa lá atá inniu ann, níl na hoileáin féin chomh scoite amach agus chomh mór ar an iargúil agus a bhíodh tráth agus is dlúithe an ceangal leis an gcontae ná mar bhain le haon réim roimhe seo.

Is dócha go mbeadh Toraigh ar an gceann is iomráití de na hoileáin farraige amach ó chósta Thír Chonaill, ach ní thagann sin i gceist le halbam ghrianghraif Chambers as Dún na

‘The Diver Family’, Gabhla, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

Tigh Nóra Uí Dhónaill i nGabhla, 1994. (Ann Doherty, Bailiúchán an Ghrianghrafadóir Faisnéise (Cartlann Contae Dhún na nGall))

Tá Árainn Mhór, cúpla ciliméadar amach as Ailt an Chorráin, ar an oileán is mó amach ó chósta thiar Thír Chonaill agus is air is mó atá cónaí chomh maith. Oileán fiáin iargúlta a fheictear i saothar dubh agus bán Chambers. Feictear fairsinge na farraige móire amach go léas, an teach solais ina staic sa taobh tíre lom garbh agus maidhmeanna ag réabadh na gcarraigeacha géara agus an staighre garbh ag bun na haille.



‘The Lighthouse Steps (from the cliff)’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

‘The Western Cliffs’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

Is iontach an grianghraf an ceann lena gcuirtear an teideal ‘*The Lighthouse Steps (from the cliff)*’ ina bhfeictear an staighre casta atá fite idir carraigeacha aníos ón gcladach go dtí an teach solais. Tá pictiúir éagsúla san albam, an ceann dar teideal ‘*The Western Cliffs*’ ina measc, ina bhfeictear radharcanna ó áiteanna éagsúla ar an dá phointe is airde agus ar na haille ollmhóra cloch eibhir. Cuirtear an fiántas agus an t-uaigneas in iúl, chomh maith le sceirdiúlacht chósta an oileáin, ar breátha é ar a fheiceáil ag éirí as an bhfarraige agus radharc anseo agus ansiúd ar na pluaisianna dorchá diamhracha le bun na n-aillte.

I ngrianghraif eile, tá na haille crochta os cionn na farraige agus radharc anuas ar an bhfarraige fhiáin nó ar thránna folmha. Níl ní ná neach sna grianghraif sin a chuirfeadh dáta leis an radharc, faoi mar a bheadh oileán tréigthe iargúlta ann, taobh tíre gan cónaí ná saothrú ag an duine. Ina ainneoin sin, ar amharc ar phictiúir eile de chuid Chambers, is léir gurb í Árainn Mhór i rith 30idí na fichiú aoise atá le feiceáil, le pobal bríomhar, caladh agus bád farantóireachta, tionscal iascaireachta, tithe ar fud na n-ísleán agus na n-ardán, ainmhithe agus plandaí agus gnéithe suntasacha sa taobh tíre, mar shampla an teach solais ón 18^ú céad.

Tá Árainn Mhór i nGaeltacht na Rosann in iarthar Chontae Dhún na nGall, ceantar inarb í an Ghaeilge teanga mórchuid na ndaoine. Tar éis Phlandáil Uladh sa 17^ú céad, tháinig Árainn Mhór agus oileáin eile i dTír Chonaill i seilbh William Burton Conyngham, úinéir saibhir talún². Feictear ó dhaonáireamh na bliana 1841 gurbh ionann daonra an oileáin agus 1,431. Cé gur tháinig íslíú go leanúnach ar líon na ndaoine ar an oileán ó aimsir an Ghorta Mhóir ar aghaidh, níor tharla go dtí na 1960idí agus ó shin gur thosaigh íslíú níos géire agus níos tubaistí.

Is gné bhuntábhachtach an t-iascach de chúrsaí eacnamaíochta in iarthar Thír Chonaill le fada an lá agus meastar go mbíodh suas le 7,000 duine sáite sa tionscal sin roimh bhlianta an chéad Chogaidh Dhomhanda. Bhí cuid mhór acu sin i mbun feirmeoireachta freisin. Bhí tábhacht faoi leith leis an scadán agus ba chuid den ghnáthaiste bia ag muintir na háite é. San 18^ú céad, chuir William Conyngham stáisiún iascaireachta ar bun ar Inis Mhic an Doirn d’fhonn freastal d’iascaireacht ar mhórscála ar scadáin an Atlantaigh. Gnéithe eile dá chuid iarrachtaí cruth na tionsclaíochta a chur ar shaol na n-oileán, sráideanna a leagan amach agus tithe agus oifig an phoist a thógáil in Árainn Mhór agus in Inis Mhic an Doirn idir na blianta 1785 agus 1788. Ar an drochuair, níor éirigh i ndeireadh báire leis an dícheall tionscal buan bisiúil a bhunú ar iascach scadán agus bhí cuid mhór de na foirgnimh a bhain leis an tionscal sin gan úsáid faoi lár an 19^ú céad; lean tábhacht le tionscal na hiascaireachta féin ina ainneoin sin.




‘Getting Ready for the Sea’,
Árainn Mhór, Co. Dhún na
nGall, 1932 (GP9/3)

Sliocht as Suirbhé Chumann
Turasóireachta na hÉireann,
Co. Dhún na nGall, 1942 -
1945 (Cartlann Contae Dhún
na nGall)

Is léir ón ngrianghraf de chuid Chambers d’fhir in Árainn Mhór lena gcuirtear an ceannteideal ‘*Getting Ready for the Sea*’, a raibh de shuntas i gcónaí leis an iascaireacht ar na hoileáin sna 1930idí cé go mbíodh bealaí eile á dtapú faoin tráth sin chun teacht isteach a shaothrú, séasúr a chaitheamh ag baint phrátaí in Albain san áireamh chomh maith le feirmeoireacht ag baile.

I Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann (ITA), arna dhéanamh deich mbliana dár gcionn (1942 - 1945), luaitear in athuair an tábhacht a bhí leis an iascach in Árainn Mhór. Scríobhann tuairisceoir amháin:

Fishing, especially herring and lobster, is an important industry here. A large part of the male population engage in it and visitors can make their own arrangements [to travel to the island] with the fishermen³.



‘Sea-weed (Manure)’,
Árainn Mhór, Co. Dhún na
nGall, 1932 (GP9/3)

‘Burning Seaweed for
Kelp,’ Inis Caorach Island,
Co. Donegal, 1932
(GP9/3)





I rith an 19ú céad, tháinig tábhacht le saothrú na feamainne ar na hoileáin ar mhaithe le leasú na talún, le cothú stoic agus eile. I gceann de ghrianghraif Chambers in Árainn Mhór, feictear fear óg ag cruinniú ceilpe agus i gceann as Inis Caorach, feictear fear níos sine ‘*Burning Seaweed for Kelp.*’

De réir mar a lean an Gorta i dtús na 1850idí, tugadh deis faoin Encumbered Estates Act d’úinéirí talún a bhí dócmhainneach tailte agus eastáit neamhbhrabúsacha a dhíol. Dhíol muintir Conyngham an t-oileán le John Stoupe Charley⁴ as Contae Aontroma. Sa ghrianghraf de Glen House, feictear maorgacht an tí a thóg Charley. Feictear teach breá sa phictiúr, suite i measc na gcrann lánfhásta le capall bán ag innilt.

Cé go ndearna Charley, ní ab annamh le húinéirí talún eile, cónaí ar an oileán, ní tiarna talún é a raibh gean ag muintir na háite air. Tharla daoine a chur as a gcuid tithe ó am go chéile agus is iomaí duine ar tugadh bóthar dóibh, a mbéigean dóibh an t-oileán nó an tír a fhágáil nó tréimhse a chaitheamh i dteach na mbocht sna Gleannta. Cé go raibh sin tuairim is 36 ciliméadar ó láthair, is ann a bhí teach na mbocht maidir le mórchuid na n-oileán⁵.

Díoladh Glen House le muintir Uí Bhaoill i dtús an 20ú céad agus chuir siadsan óstán ar bun ann. Tá ainmneacha Anna agus John, a fear céile, le feiceáil ar chlár na dtoghthóirí in Iarthar Dhún na nGall, 1929 – 1930⁶.

Ar cheann de na cúiseanna a bhí le hísliú leanúnach an daonra ó aimsir an Ghorta anall, bhí na scéimeanna éagsúla imirce, á gcur chun cinn ag an rialtas agus ag tiarnaí



‘An English Memory. Glen House’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

‘Anna Boyle and John (Philip) [mac léi] of Glen House, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

talún chomh maith. Faoi cheann amháin de na scéimeanna sin, rinne oileánaigh imirce go Meiriceá agus chuaigh ina gcónaí ar Beaver Island i Lake Michigan. Tá ceangal tréan i gcónaí idir muintir na n-oileán sin sa lá atá inniu ann.

Cheannaigh Bord na gCeantar Cúng Árainn Mhór sna 1890idí. Rinne an Bord dícheall mór feabhas a chur ar shaol na n-oileánach, roinneadh an talamh, tógadh tithe, feabhsaíodh modhanna feirmeoireachta agus cuireadh leis an stoc. Eagraíodh cúrsaí oiliúna maidir le gnóthaí talmhaíochta agus tháinig an chéad bhanaltra ina cónaí agus ag obair in Árainn Mhór i dtús an fichiú aois⁷. Bhí Árainn Mhór freisin ar an gcéad oileán ar cuireadh córas leictreachais ar fáil ann faoi scéim leictreachais an stáit sa bhliain 1956.

Feictear cruas agus gairbhe an tsaoil ar oileán in iarthuaisceart na hÉireann anall go dtí na 1930idí i dhá ghrianghraf den obair níocháin. Bridget Boyle an t-ainm a luaitear le pictiúr de bhean i mbun níocháin, í cosnochta is cosúil, ar bhruach an tsrutháin i réimse tíre lom garbh portaigh. Tá a cuid giuirléidí aici le haghaidh na ceirde, buicéad agus clár níocháin, agus feictear baill éadaigh agus braillíní scartha ar na clocha móra á dtriomú lá gréine.

‘Bridget Boyle Washing’
Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)



Tá pictiúir san albam freisin ag Chambers de ghnáthlá ar oileáin an iarthair nuair a thugtaí móin as an bportach i gcléibh ar asal.

Bíonn tagairt, mar shampla le *‘type’* do leanaí i gcuid de na ceannteidil a chuirtear le grianghraif - *‘Spanish type’, ‘Island Child’* - ar iarsma é de ghnás atá ligthe i léig le fada



‘Work in the Bog’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)



‘An Island Child (Spanish Type)’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

‘Confirmation (The Schoolmaster’s Children)’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

faoin tráth seo. Ar na pictiúir a bhreathnú dúinne sa lá atá inniu ann, ní ina *‘types’* a fheictear dúinn iad ach ina leanaí sona ag dul i mbun ghnóthaí an lae. Feictear rachmas seachas sin i grianghraf éagsúil leis an gcineál sin de bheirt ghirseacha óga, iníonacha an mháistir scoile de réir na tuairisce, iad gléasta in éadach bán ar an lá dul faoi lámh easpaig.

Meabhraítear don té a bhreathnaíonn grianghraf Chambers den bhád tarrthála in Árainn Mhór an chontúirt a bhaineann le farraigí an Atlantaigh agus an baol ina ndeachaigh daoine gach uair dá dtéidís chun farraige, go mór na hiascairí. Tar éis do mhuintir na háite sin a impí air, d’aontaigh Charley⁸, sa bhliain 1883 bád tarrthála agus sleamhnán a dhéanamh. Tógadh teach báid nua sa bhliain 1903⁹. Ní fhéadfaí áibhéil a dhéanamh maidir le tábhacht an bhád tarrthála. Dá ainneoin sin, níorbh fhéidir naoi dhuine dhéag de mhuintir Árainn Mhór a shábháil, fir agus mná óga, seachtar as aon teaghlach amháin, nuair a chuaigh an geál ina raibh siad ar charraig i mí na Samhna 1935. Bhí siad ar a mbealach abhaile tar éis séasúr a chaitheamh ag saothrú na bprátaí in Albain. Rinneadh roinnt de na coirp a tugadh i dtír a leagan amach i dteach báid na Reannaí in Árainn Mhór. Maireann grianghraif choscracha de thórraimh agus de shochraidí, den aon duine amháin a tháinig slán, de na cónraí agus de theaghlaigh faoi mhéala. Is deacair a chreidiúint gur trí bliana gairide tar éis do Chambers a bheith ar an oileán a tógadh na pictiúir uafásacha sin¹⁰. Ba dheacair codarsnacht níos géire a cheapadh idir na pictiúir de ghnáthchúrsaí an lae sa bhliain 1932 agus uafás na bpictiúr truamhéileach tar éis tubaiste na bliana 1935¹¹.



Blianta beaga ina dhiaidh sin arís, tuairiscítear i Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann sa bhliain 1943 go raibh gá gear le seirbhís farantóireachta go hÁrainn Mhór. Luaitear go raibh obair atógála ar bun ar an gcéibh agus go mbeadh sí, ar an obair a thabhairt chun críche, ina ‘*provide a safe anchorage for boats and allow them to land at all stages of the tide*’¹².

Fiú agus daonra an oileáin íslithe go dtí 469 duine faoin mbliain 2016, tá pobal bríomhar i gcónaí in Árainn Mhór sa lá atá inniu ann, ceann de sheoda iarthar Thír Chonaill. Is furasta bealach a dhéanamh ann ar an mbád farantóireachta as Ailt an Chorráin agus cé gurbh ón iascach agus ón bhfeirmeoireacht ba ghnách le muintir an oileáin ioncam a shaothrú, tá tábhacht níos mó leis an turasóireacht le roinnt mhaith blianta anuas. Tagann dubailt ar an daonra uaireanta i rith shéasúr na turasóireachta agus tá fairsingiú mór tagtha ar ghnó na turasóireachta le blianta beaga anuas agus tá tithe saoire, óstáin, tithe lóistín agus brú óige ar an oileán anois. Cuireann scoileanna samhraidh Gaeilge leis an ardú séasúrach ar an daonra chomh maith.

Rutland Island an Béarla a cuireadh ar Inis Mhic an Doirn. Bhain pleananna Conygham maidir le forbairt na n-oileán le hInis Mhic an Doirn freisin agus tógadh sráid bheag tithíochta, scoil agus monarcha próiseála éisc sa bhliain 1789. Tugadh Tarent Street agus Duck Street ina dhiaidh sin ar an ardán tithe. Is den tsráid sin an



‘A Poor Man’s House’, Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)


‘Rutland Island (Burtonport in distance), Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

Sliocht as Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, Co. Dhún na nGall, 1942 – 1945 (Cartlann Contae Dhún na nGall)

t-aon phictiúr amháin d’Inis Mhic an Doirn atá in albam Chambers. Feictear geata ag ceann amháin den ardán, féar ag fás ina lár, an fharraige agus Ailt an Chorráin go doiléir i bhfad isteach sa phictiúr. Tá na tithe, atá ar fáil go fóill agus ar feiceáil i ngrianghraif de chuid na linne seo ar líne, i gcodarsnacht leis na pictiúir de thithe ceann tuí den seandéanamh ar Inis Caorach (féach an pictiúr ar leathanach 98), agus ar oileáin eile. Is é an pictiúr is suntasaí den chineál sin an ceann de theach in Árainn Mhór lena gcuireann Chambers an tuairisc ‘*A Poor Man’s House*’.

Tá iomrá ar Inis Mhic an Doirn mar gheall ar cheangal spéisiúil, más fánach, le héirí amach na bliana 1798. Sheol Napper Tandy (1739 - 1803), an fear réabhlóidíochta a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus roinnt eile de na hÉireannaigh Aontaithe ina chuideachta, chomh maith le cúnamh ó na Francaigh, go hÉirinn le haim agus tháinig siad go hÁrainn Mhór ar an 16 Meán Fómhair. Le linn na cuairte sin, chuaigh Tandy i dtír freisin in Inis Mhic an Doirn agus is cosúil gur ardaigh sé bratach na hÉireann ann. Lagaigh an misneach air nuair a fuair sé tuairisc ar an éirí amach a chur faoi chois i gceantair eile agus d’fhill ar an mór-roinn. Ní éalódh sé óna chur chun báis murach gur chuir Napoleon Bonaparte (1769 - 1821) a ladar sa scéal.

Luaitear cuntas ar eachtra Tandy in Inis Mhic an Doirn sna freagraí ar Shuirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann¹³.



Gabhla Tá Gabhla tuairim is míle amach as Gaoth Dobhair. Tuairim is míle cearnach achar an oileáin. Bhí cónaí ar 107 duine ann sa bhliain 1881. Luaitear 169 duine a bheith ina gcónaí ann i ndaonáireamh na bliana 1911, ardú mar gheall ar bhorradh faoi thionscal na hiascaireachta. Is léir a raibh d’athrú ar an daonra, fiú in imeacht 60 bliain, ó chlár na dtoghthóirí maidir leis na blianta 1902, 1937 agus 1964 i gCartlann Contae Dhún na nGall.

Cé gur oileán beag Gabhla, tá iomrá air i gcéin is i gcógar mar gheall ar a lua san amhrán ‘Báidín Fhéilimí’, maidir le bád iascaigh, a d’fhoghlaim cuid mhór de leanaí na hÉireann ar scoil. Tá cáil Ghabhla ceangailte freisin le turas a thug beirt de mhuintir an oileáin, Páidí Mac Fhionnghaile agus Séarlas Ó Dúgáin, ar an *Asgard*, ag tabhairt airm isteach go Beann Éadair sa i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1914, cuid den ullmhúchán maidir le hÉirí Amach na Cásca 1916.

An t-iomrá sin, na radharcanna agus fiántas an oileáin a tharraingíonn cuairteoirí sa lá atá inniu ann.

An Chruit Tá an Chruit suite sa cheantar sin in iarthar Thír Chonaill ar a dtugtar na Rosa. Tá droichead amach ar an oileán agus clú ar an ngalfchúrsa 9 bpoll ann chomh maith leis na tránna, na hainmhithe agus na plandaí fiáine.



‘Glacial Boulders (Inishfree)’, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

Inis Fraoigh Achar tuairim is aon mhíle cearnach atá in Inis Fraoigh. Creidtear go coitianta go raibh sé faoi cheannas an taoisigh, Niall Noígíallach, sa seanreacht. I mblianta tosaigh an 20ú céad, bhí suas le 36 teaghlach ag maireachtáil ann i gclocháin. Bhí Peadar O’Donnell, an t-údar agus an poblachtánach iomráiteach, agus Séamus Ó Grianna, údar, ina múinteoirí i scoil náisiúnta an oileáin (agus ar oileáin eile sa cheantar.) Tá dhá ghrianghraf ag Chambers den oileán ina bhfeictear gnéithe ársa geolaíochta, na bolláin oighreacha, agus lorg an duine tráth ab fhaide anall, na seantithe.

Na hOileáin sa lá atá inniu ann Tugtar cuntas mion i Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann sna 1940idí ar radharcanna iontacha na n-oileán agus ar an deis a bhainfeadh go fadtéarmach leis an turasóireacht:

Most of the islands, Rutland, Cruit, Inishcoo, . . . are low lying and unimposing with low sandy shores. Owey Island rises sharply from the ocean floor and it is bold and rocky, but Arranmore will easily be the most attractive to the Tourist.

Luann an suirbhéir maidir le háiteanna éagsúla in Árainn Mhór:

The view that unfolds itself is unbelievably lovely, an amazing succession of towering cliffs, sand beaches, bolds promontories, island freckled bays, rocky coastline, inlets and creeks, the cottages–strewn coastal strip, silver lakes and the wonderful background of the highlands, every range and every peak¹⁴.

Trí scór bliain go leith dár gcionn, tar éis breis agus fiche bliain den 21ú céad, bheadh an turasóireacht le háireamh ar na tionscail is tábhachtaí d’iarthar Thír Chonaill agus do na hoileáin. Fágann cora nua teicneolaíochta go bhfuil oileánaigh anois nach móide gur gá dóibh an contae, ná fiú amháin an t-oileán, a fhágáil chun obair a fháil. Tá feabhas curtha ar an gceangal idirlín in Árainn Mhór agus ainneoin líon na ndaoine a bheith ag íslíú i gcónaí, feictear fógraíocht le blianta beaga anuas maidir lena bheith ina láthair tharraingteach cónaí agus oibre.

Mar is léir, is cinnte go bhfuil tábhacht lárnach leis an turasóireacht maidir lena bhfuil i ndán d’oileáin Thír Chonaill. Tá buntábhacht ag na hoileánaigh agus ag na daoine atá freagrach as caomhnú na n-oileán, ar an gcaomhantas, ar dhreach na tíre, ar flóra agus ar fhiadhúlra na n-oileán agus ar ghnéithe suimiúla den stair. Tá suntas le bailiúchán grianghraif Chambers agus le bailiúcháin eile i gcartlanna maidir le tuairisc ar na hoileáin mar a bhíodh. Cothaíonn siad, an tráth céanna, suim agus díograis leanúnach maidir le hinfheistíocht don am atá i ndán.



‘The Village’, Inisheeragh Island, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

‘On Owey’, Co. Dhún na nGall, 1932 (GP9/3)

Léitheoireacht Breise

Ferriter, Diarmaid, 2018, *On the Edge, Ireland’s Off-Shore Islands: A Modern History*, London

Harvey, Ross, and Clark, Wallace, 2003, *Donegal Islands*, Domhnach Daoi

Donegal Annual, Iris Chumann Staire Chontae Dhún na nGall

Endnotes

- 1 Bailiúchán Ann Doherty (Ph/10), Cartlann Contae Dhún na nGall
- 2 Conyngham, William Burton (1733 - 1796), fear polaitíochta agus ársaíochta, úinéir talún. Tá seancháipéisí Conyngham 1614 - 1935 ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta (tag: Liosta Bailiúchán LSS. 53 agus LSS. 35,339-35, 434 (a bhaineann leis an teaghlach agus leis na heastáit i gContae an Chláir, i gContae Dhún na nGall agus i gContae na Mí. Tá cáipéisí sa bhailiúchán freisin le teaghlaigh gaolmhara Burton i gContae an Chláir agus McCausland i gContae Dhún na nGall
- 3 Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, 1942 - 1945, SY/2/1/1, Cartlann Contae Dhún na nGall
- 4 Charley, John Stouppe (1825 - 1878), bhí isteach is amach le 6,498 acra i nDún na nGall ina sheilbh
- 5 Tá bailiúchán leitheadach i gCartlann Contae Dhún na nGall d’ábhar a bhaineann le hAontas Dhlí na mBocht nó le Bord Bardachta agus áirítear Clár Theach na mBocht sna Gleannta, maidir le daoine ag teacht isteach agus ag fágáil, i rith na mblianta 1850 - 1866 ar an ábhar atá ar fáil
- 6 Clár na dToghthóirí, Iarthar Dhún na nGall, 1929, CC/14/2/4/3, Cartlann Contae Dhún na nGall
- 7 Hargreaves, Clifford, 1962, ‘Economic and Social Conditions on Arranmore in the 19th and 20th Centuries’, *Donegal Annual*, Iml. 4, Uimh. 2
- 8 Charley, Major John Francis William (1857 – 1899) (mac John Stouppe Charley), maraíodh sa troid é agus é i gceannas ar 1ú Cathlán Fhiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann i rith Chath Colenso i gCogadh na hAfraice Theas
- 9 Tá breis eolais faoi stair Institiúid Ríoga Náisiúnta na mBád Tarrthála ar fáil @ www.rnli.org
- 10 Féach mar shampla Bailiúchán an Independent Newspaper (Éire), 1935, (tag.: INDH3048, NDH3053 agus INDH3060), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- 11 Ríomhann Paddy Gallagher, an t-aon duine a tháinig slán ó thubaiste Árainn Mhór, an scéal mar chuid de thuairisc ar Nuacht RTÉ arna chraoladh an 7 Samhain 1985. Ar fáil ar <https://www.rte.ie/archives/2015/1106/740058-arranmore-boat-disaster/>
- 12 Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, 1942 – 1945, SY/2/1/1(6), Cartlann Contae Dhún na nGall
- 13 Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, 1942 – 1945, SY/2/1/1, Cartlann Contae Dhún na nGall
- 14 Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, 1942 – 1945, SY/2/1/1, Cartlann Contae Dhún na nGall

Pictiúir Chliara, 1937

Patria Mcwalter

'An Island Porter', Cliara, Co. Mhaigh Eo, 1937 (GP9/4)

Tá radharcanna scéimhiúla dá gcuid féin i gCliara agus in Acaill amach ó chósta thiar Mhaigh Eo mar atá ábhar spéise ó thaobh na seandálaíochta agus na staire. Dá ainneoin sin, ní cosúil go ndearnadh oiread grianghrafadóireachta ar na hoileáin sin agus a rinneadh sna Blascaodaí i gCiarraí ná ar Oileáin Árann amach ó chósta na Gaillimhe, áiteanna a raibh tarraingt roinnt mhaith cuairteoirí orthu ó lár an naoú céad déag amach.

Bíodh sin mar atá, tá bailiúcháin éagsúla grianghrafadóireachta ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta ina bhfuil ábhar breá ó thús an fichiú céad anall go dtí na 1930idí agus tá pictiúir as láithreacha éagsúla i gContae Mhaigh Eo i gcuid mhaith de na cnuasaigh sin, pictiúir a tógadh i gCliara agus in Acaill ina measc. Tá Bailiúchán Grianghrafadóireachta Lawrence, c. 1865 - 1914 (LCAB), Albam Edward King Tenison ón mbliain 1858 (TEN18), albam Thomas Wynne, c. 1880idí (WYN142), Albam Westropp de Sheaniarsmaí na hÉireann Imleabhar IV, c. 1902 - 1911 (ALB264), Bailiúchán Grianghrafadóireachta Mason, c. 1890 - 1910, agus Albam G. H. Orpen, c. 1893 - 1910 (ALB100) le háireamh ar bhailiúcháin bhreátha LNE. Tá pictiúir iontacha de shaol na n-oileán i rith an tréimhse sin le fáil chomh maith in albaim grianghrafadóireachta le Charles R. Browne, c. 1890idí (IE TCD MS 10961) atá ar coimeád i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.¹ Baineann, ar an mórgóir, ábhar na ngrianghraf sna bailiúcháin sin le gnéithe seandálaíochta agus topagrafaíochta, le béim go minic ar iarsmaí ón seanrecht, mar shampla séipéil, mainistreacha agus caisleáin, agus ar radharcanna scéimhiúla sceirdiúla den chósta, de shléibhte, d'aillte agus mar sin de. Is coitianta i gcás bhailiúchán Lawrence go bhfuil béim ar phictiúir de bhailte ionas go gcuirtear i láthair an saol mar a bhí sna háiteanna iomadúla lena mbaineann siad.

Sa cheathrú albam i mBailiúchán Chambers (GP9/4), tá pictiúir as Cliara agus as Acaill chomh maith le dhá phictiúr ina bhfuil radharcanna, gan aon róshuntas ag baint leo, de na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin. Ní cosúil gur chaith Chambers mórán ama ar chor ar bith in Acaill agus ní dócha go raibh aon chaidreamh mór aige le muintir an oileáin. Tá le rá faoi na trí phictiúr déag nó mar sin as Acaill san albam gur cosúil iad leis na pictiúir a thógfadh turasóir ar bith de na radharcanna is mó mbítí ag tarraingt chucu, mar shampla Cuan na Coime, Ceann Acla, Dumha Goirt, chomh maith le pictiúir de na haillte agus de réimsí portaigh. Ós é is cosúil gur athphictiúir an chuid is mó acu de ghrianghraif le Mason² tis ar Chliara amháin a dhíreofar san aiste seo.


Luann Chambers féin an 26 Meitheamh 1937 mar dháta tosaigh leis an albam. Ar cheann de na tréithe is tréine atá ag rith leis an ábhar as Cliara, tá an léargas iontach iontu ar na daoine

i mbun a gcuid oibre agus a gcuid caitheamh aimsire. Is léir go raibh sé tógtha le muintir an oileáin agus leis an saol a chaith siad. Mheasfaí ar na daoine sna pictiúir nár chuir an ceamara isteach orthu agus iad ag iascach, ag sábháil na móna nó ag beathú ainmhithe.

Oileán sceirdiúil i gCuan Mó, 5 chiliméadar amach ó chósta thiar Mhaigh Eo, atá i gCliara. Tá sé i mBarúnacht Bhuiríos Umhaill agus tá amharc air as Acaill. 24.2 km² achar an oileáin, tuairim is 4,500 acra. Téann bád farantóireacht don oileán amach as Cé Rú an Átha. siar as Cluain Cearbháin. Dhá shliabh na gnéithe aiceanta is suntasaí ar an oileán, an Cnoc Mór (462 méadar) agus Barr an Ghleanna (220 méadar). Tá aillte sceirdiúla le cuid mhór de chósta an oileáin. Bogach cuid mhór den talamh agus de réir Thomas H. Mason, a bhí ar an oileán i mblianta luatha na 1930idí ‘...*crops such as oats and barley are sown on broad ridges, between each of which there is a deep cutting for drainage*’³. Bhí muintir an oileán neamhspleách den chuid is mó, prátaí agus glasraí á gcur acu, caoirigh agus beithígh á dtógáil agus iascach á dhéanamh i rith an tsamhraidh.

Tuairim is 1,700 duine (1841) a bhí ina gcónaí ar an oileán blianta roimh an nGorta Mór. Is léir ó thaifid áirithe go raibh íslíú ar an daonra sin go dtí 592 faoin mbliain 1911. An tráth sin, bhí Gaeilge ag 36.1% de mhuintir an oileáin. Faoin mbliain 1926, nuair a bhí an daonra cothrom le 479, bhí an céatadán sin íslithe go dtí 25.3%⁴. De réir tuairisc ar an daonra 10 mbliana dár gcionn, aon bhliain amháin sular tháinig Chambers ar cuairt sa bhliain 1937, 408 duine a bhí ar an oileán, 240 fireann agus 228 baineann⁵. Tuairiscítear gur tuairim is 150 duine a bhí ina gcónaí ar Chliara sa bhliain 2016, agus gur Béarla a bhí ag mórchuid mhór acu.

(GP9/4)



Tá tábhacht le hoidhreacht eaglasta agus seandálaíochta an oileáin. Tá fianaise le fáil ar chóras páirceanna réamhstairiúil, ballaí cloiche ar fadó riamh anois a thit siad agus tithe ó Ré an Iarainn, chomh maith le breis is 100 *fulacht fiadh* (áiteanna cócarála faoin aer), comharthaí go maireadh dream feirmeoirí ar an oileán ó 3,500 R.C. amach.

Tá fianaise ar láthair eaglaise roimh ré na meánaoise mar a bhfuil gallán mór a bhfuil cros ghreanta ann i reilig na mainistreach; cheapfaí go bhféadfadh gur ó ré na Luath-Chríostaíochta sin. Meastar gur bunaíodh clochar anseo sa bhliain 1224 do mhná rialta in ord na gCairmilíteach. Tháinig sé ina dhiaidh sin faoi cheannas ord na gCistéirseach i Mainistir Chnoc Muaidhe i gContae na Gaillimhe. Bhí ceangal láidir ag muintir Uí Mháille leis an Mainistir, is ann a bhídís á n-adhlacadh agus iad ina bpátrúin ar feadh roinnt céadta bliain. Tá saothar múrealaíne ón 15ú céad le feiceáil sa mhainistir mar atá plaic spéisiúil ón 17ú céad le harmas mhuintir Uí Mháille feistithe i gcuasán thuama sa bhalla atá sármhaisithe le fíochán faoi fhorscáth.

Is ábhar spéise stair an oileáin, cuid mhór di bunaithe ar mhuintir Uí Mháille. Tá Caisleáin Ghráinne Uí Mháille ar na nithe is suntasaí a fheictear don chuairteoir ag déanamh ar an gcaladh. Túrtheach maorga de chuid na Máilleach seo a tógadh i rith an chéad leath den 16ú céad, crochta os cionn an chalaídh ar an gceann thoir theas den oileán. Tá sé ina fhothrach ó thús an 19ú céad. Bhí an Caisleán ina dhúnáras ag Gráinne Ní Mháille⁷ (c. 1530 - 1603), a mbíodh de cháil ag lucht an Bhéarla go fada fairsing uirthi gurbh í *the Pirate Queen* í, agus is sa chaladh a d’fheistíodh sí a cuid loingis. De réir na dtuairiscí ar fad, ba do-iongabhála an bhean í ag gearradh cánach agus ardhíosa ar aon long a ghabh cósta thiar na hÉireann. Nuair a tháinig athrú saoil, d’éiligh sí athbhunú a cuid tailte ar an mBanríon Eilís I sa bhliain 1593 tar éis do Sir Richard Bingham, uachtarán cúige Chonnacht iad a chreachadh agus a ghabháil.

Ceaptar go ndearnadh obair feabhsúcháin ar an tseanchéibh idir na blianta 1824 - 1829 faoi stiúir Alexander Nimmo (1783 - 1832), an t-innealtóir as Albain, agus sin de réir mar a d’iarr Sir Samuel O’Malley. I gcomhad atá ar coimeád sa Chartlann Náisiúnta, tá cóip de litir, dar dáta an 9 Meán Fómhair 1823, ó Henry Goulburn, An Príomh-Rúnaí, Caisleán Bhaile Átha Cliath chuig an Máilleach á chur in iúl dó go bhfuil tugtha d’údarás ag an rialtas do na Coimisinéirí Iascaigh tús a chur leis an obair ar an gcéibh in aice leis an seanchaisleán i gCliara⁹.



‘The O’Malley Arms’, Cliara, 1937 (GP9/4) Ar a bhfeictear an mana ‘Terra Marique Potens’ (Neart ar Talamh agus ar Muir)

‘View from my window (Harbour and Grace O’Malley Castle)’; Cliara, 1397 (GP9/4)

‘Grace O’Malley’s Castle and the Hotel’, Cliara, 1937 (GP9/4) Tá óstán an Granuaile House, an teach dhá stóir siar isteach sa phictiúr, taobh na láimhe clé den Chaisleán, á rith ag muintir Mhic Cába ón mbliain 1909 i leith.

Is cosúil ó chomhad eile sa Chartlann Náisiúnta, comhad de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, go ndearnadh tuilleadh oibre ar an gcéibh idir na blianta 1834 - 1847. Tá conradh le Thomas Flynn ar an gcomhad sin maidir le hobair dheisiúcháin ar an gcéibh ar £15, sonraíocht oibre (1834), iarratas ó Oifig Choimisiún an Rilíf ag fiosrú an tráth a dtosófaí ar an mbóthar ón gcéibh, agus litir ó Sir Samuel O’Malley maidir le deontas¹⁰ Rinneadh obair feabhsúcháin ar an gcaladh arís sa bhliain 1937 nuair a cheadaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo caiteachas £200 maidir le hobair dheisiúcháin¹¹.

Sa bhliain 1837, thug Samuel Lewis le tuiscint gur le ‘*the property of Sir Samuel O’ Malley, Bart., a descendant of the ancient sept*’¹² an t-oileán. Bhí an Máilleach i gcruachás airgid faoi dheireadh aimsir an Drochshaoil i dtús na 1850idí agus díoladh an eastáit ar Chliara leis an Law Life Assurance Society. Sa bhliain 1895 dhíol an Society sin an eastáit, lenar bhain isteach is amach le 4,000 acra, le Bord na gCeantar Cúng¹³.

Níos lú ná 10 mbliana dár gcionn, i mí Márta 1902, tráth a raibh díospóireacht ar siúl i dTeach na Parlaiminte i Londain faoi obair Bhord na gCeantar Cúng, d’áitigh an tUasal Thomas O’Donnell (Feisire Parlaiminte Chiarraí Thiar) ‘*excellent work had been done by the Board in many parts of Ireland... Clare Island, whose people were almost on the verge of starvation and unable to pay their rents, had been changed into a comparative paradise...*’. Ar



an gcuma chéanna, d’agair an tUasal Hayden, Feisire Parlaiminte Ros Comáin Theas, gur tháinig de thoradh ar cheannach Eastáit Chliara ag an mBord “...*people on Clare Island had been lifted out of the direst poverty and had been put into a comparatively prosperous condition. They had met every obligation which they had incurred to the Congested Districts Board in a manner which redounded to their credit...*”¹⁴.

Thart ar an mbliain 1818 a tharla an Teach Solais ar an mBaile Thuaidh Mór, a thógáil ‘...*by the Corporation for Improving the Port of Dublin*’ (Lewis 1837 I, 336), and to a design attributable to George Halpin Senior (1776 – 1854), Inspector of Works and Lighthouses for the Ballast Board (appointed 1810). It was repurposed from a slightly earlier lighthouse built in 1806 – 17, by John Denis Browne (1756 – 1809), first Marquess of Sligo¹⁵. Tháinig deireadh sa bhliain 1965 lena úsáid mar Theach Solais agus is áras cónaithe príobháideach atá ann ón mbliain 2008 i leith.

De réir Jackie O’Grady: ‘*closure of the lighthouse had a huge effect, both psychologically and financially, on Clare Island, as it had been part of Island life for more than a century and a half*’¹⁶.

Láthair thábhachtach eile an Túr Comharthaíochta ar Cheann Sibéal ar chósta thiar an oileáin. Túr comharthaíochtaí dhá chéim a bhíodh anseo a tógadh i dtús an naoú céad déag. Tá sé ina fhothrach faoi seo¹⁷. Le stoirm mhór sa bhliain 1989, thit cuid mhór den fhoirgneamh agus is breá an rud pictiúr Chambers dá bhrí sin ina bhfeictear airde iomlán an Túir.

Ba é Suirbhéireacht Chliara (1909 - 11) an chéad bheart suirbhéireachta bitheolaíochta agus oidhreachta ar cheantar faoi leith in aon áit ar fud an domhain ar fad. I measc nithe eile, rinneadh scrúdú maidir le scaipeadh agus dlús tíreolaíochta speicis plandaí agus ainmhithe agus le gnéithe éiceolaíochta ina leith chomh maith le seaniarsmaí seandálaíochta, logainmneacha agus sloinnnte, gnéithe geolaíochta agus aeráide, cúrsaí talmhaíochta agus aimsire ar Chliara agus sna ceantair máguaird. Robert Lloyd Praeger, nádúraí de chuid na hÉireann¹⁸, a d’eagraigh an obair agus chuir Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) airgead ar fáil lena aghaidh. Foilsíodh torthaí na suirbhéireachta in 67 páirt faoi leith in *Proceedings of the Royal Irish Academy*, idir na blianta 1911 - 1915. Céad bliain dár gcionn, chuir an tAcadamh cistí ar fáil do shuirbhéireacht eile arís ar Chliara, leis na torthaí á bhfoilsíú faoin teideal *New Survey of Clare Island*¹⁹, d’fhonn saothar fiúntach taighde a chur ar fáil mar lón eolais ar mhaithe le caomhnú oidhreacht dúlra agus oidhreacht foirgníochta na hÉireann agus na hEorpa san am atá romhainn.



‘The Lighthouse’, Cliara, 1937 (GP9/4)

‘An Old Watch Tower’, Cliara, 1937 (GP9/4)

I rith na 1930idí, tráth ar tháinig Chambers chun an oileáin, bhí dhá bhunscoil ann: an scoil thiar, scoil beirt oidí le tuairim is 35 dalta, agus an scoil thoir, scoil aon oide ina raibh 19 dalta²⁰. (Sa lá atá inniu ann, aon scoil amháin atá ar an oileán, le beirt mhúinteoirí agus isteach is amach le 20 dalta.) Bhí siopa amháin agus óstán amháin ar an oileán freisin.

Bhí tábhacht le sailleadh éisc ar an oileán ó thús na 1890idí go deireadh na 1930idí. Bhí an scadán le fáil go fairsing agus an-ghlaoch air. Bhíodh scadáin saillte²¹ á gcur díreach don Ghearmáin as Cliara i rith na 1930idí²². Tuigtear ó Shuirbhé Topagrafaíochta agus Ginearálta Chumann Turasóireachta na hÉireann (ITA)²³, arna dhéanamh ar an oileán sa bhliain 1944, go raibh áiteanna éagsúla ar fud an oileáin a bhí thar cionn maidir le hiascaireacht slaite. Bhí réimse leathan cineálacha éisc le fáil, mangach, scolabard, leathóg, sól, cadóg, bréan chomh maith le deoraí, ronnach, lannach, breac agus bradán. Bhí an breac rua le fáil i Loch an Mhuilinn. Is cosúil, faoi na 1940idí, nach raibh na réimsí farraige thart ar Chliara á dtaobhú níos mó ag an scadán²⁴.

Pictiúr spéisiúil in albam Chambers an ceann lena gcuireann sé an tuairisc ‘*Election Officials Return*’. Léirítear ann gné de phróiseas an toghcháin mar a bhain leis an oileán. Tá na hoifigigh ag teacht ar ais i dtír chun boscaí vótaí an oileáin a bhailiú. Ba iad sin na boscaí a bhain leis an olltoghchán a bhí ar siúl ar tír mór an 1 Iúil 1937. Eagraíodh pobalbhreith suntasach an lá céanna maidir leis an dréacht de Bhunreacht na hÉireann. Vótáil tromlach ar son an Bhunreachta sin a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1938²⁵.

Luaitear i dtuairisc ar *Scéala Éireann*, dar dáta an 6 Iúil 1937, gur rugadh i stoirm ar na hoifigigh, an Garda Seavers as Cathair na Mart ina measc, agus ar chriú an bháid nuair a bhí na boscaí á dtabhairt as Cluain Cearbháin amach ar an oileán roinnt laethanta roimh ré;

*Midway between the Black Rock and Caber Island a fierce storm broke. The mast had to be held in position by McCabe [Clare Island seaman]. After passing the Black Rock a board in the bottom of the boat was crushed in. In this condition the party eventually succeeded in making the island in the teeth of the gale*²⁶.

Thart ar an áit chéanna a chuaigh an Cardigan Castle, trálacir gaile as Swansea na Breataine Bige, ar charraig i mí Feabhra 1926. Bádh aon duine dhéag den chriú agus triúr iascairí as Cliara a thug an t-aon duine a mhair, Henry Batchelor²⁷, slán go Cliara i gcurach.

Díol spéise freisin trí cinn de ghrianghraif in albam Chambers ina bhfeictear an ‘coal train’²⁸ (mar a thugann sé air), fir agus na capaill a thugann an gual trasna an oileáin ón gcéibh go dtí an Teach Solais, trí mhíle bealaigh.

Faoin teideal atá aige leis an gcéad phictiúr, ríomhann Chambers eolas spéisiúil óna



‘The Election Officials Return’,
Cliara, 1937 (GP9/4)

dtuigtear gur lucht 16 tonna guail a bhí i gceist agus gur 1/8 tonna a bheadh á iompar i dhá mhála. Nuair a bhí 6 mhíle chuig an Teach Solais agus ar ais, rinne an ‘train’ 768 míle ar fad. D’fhágfadh sin go raibh 256 míle déanta ag gach capall leis an ngual a fhágáil thiar.

Luann O’Grady san alt ‘Clare Island Memories and the Lighthouse Service’ gurbh ag a athair a bhíodh an conradh maidir le bád an phoist chuig an oileán agus go raibh conradh aige freisin maidir le daoine a thabhairt chuig an teach solais agus le hábhar a tharraingt ann²⁹; an bhféadfadh mar sin gurbh eisean an fear a bhfuil na lámha ina phóca aige ar thaobh na láimhe clé sa ghrianghraf? Níl an chosúlacht ar an scéal ar aon chuma go mbeidh sé siar agus aniar leis an ‘train’!

Sraith eile de ghrianghraif a bhfuil ceangal acu lena chéile san albam is ea na ceithre phictiúr de lá spóirt a eagraíodh idir muintir Acla agus muintir Chliara.

Sa chéad phictiúr, feictear ar a laghad sé cinn de bháid feistithe le balla na céibhe. Tá fir fós ar phéire de na báid, iad ag réiteach, ba dhóigh le duine, le dhul i dtír. Tá dream eile, tuairim is fiche fear, culaith éadaigh agus caipín á chaitheamh ag an gcuid is mó acu, ag comhrá go réidh ar an gcéibh. Tá scáil na mbád le feiceáil ar an uisce sa chaladh.

Sa dara pictiúr, lena ngabhann an teideal ‘An Achill Picnic’, feictear dream daoine – fir, mná agus gasúir óga – ag cruinniú, timpeall ar dhaoine eile atá suite ar an talamh cheana féin, ar thulán féir crochta os cionn an chuain. Tá roinnt mhaith de na gasúir, na buachaillí go háirithe, cosnóchta. Ba dhóigh le duine go bhfuil na mná dea-chóirithe, gléasta ina gcuid hataí agus cótaí le haghaidh na hócáide. Tá báid le feiceáil ar ancaire sa chuan.

Sa tríú pictiúr den tsraith, arna thógáil ó áit crochta os cionn na farraige, feictear ceithre bhád le seolta crochta, iad in aon líne amháin lena n-aghaidh amach ar an bhfarraige. Tuigtear ón teideal gur rás atá ar siúl eatarthu. Tá bád eile ar ancaire taobh na láimhe clé den phictiúr.

Tógadh an pictiúr deireanach sa tsraith, dar teideal ‘Watching the Race’, ionas go bhfeictear an slua, b’fhéidir suas le céad duine. Tá siad cruinnithe ar ardáin réidh ag breathnú anuas ar an gcuan atá beagnach ceilte uile ar an gceamara. Tá a n-aghaidh ag mórchuid na ndaoine ar an bhfarraige, roinnt acu ina seasamh i grúpaí i mbun comhrá agus tuilleadh ina suí ar an bhféar. Is cosúil go bhfuil seálta casta ag roinnt de na mná aniar thar na guaillí nó ar a gcloigeann.

Feictear sa tsraith álainn grianghraif seo muintir na n-oileán ag teacht le chéile do lá speisialta iomaíochta agus comhludair. Bí cinnte gur ócáid faoi leith a bhí ann gach bliain agus is dócha gurbh iontach an rud do Chambers a bheith i láthair ag an am.

(GP9/4)



LOADING THE COAL TRAIN
16 TONS. 3 MILES TO LIGHTHOUSE. 2 BAGS HOLD
280 lbs (1/8 TON) 3 MILES THERE. 3 BACK
16 X 8 X 3 X 2 = 768 MILES.



THE COAL-TRAIN
ON WAY TO
LIGHTHOUSE



'Achill Islanders Arrive for Sports', Cliara, 1937 (GP9/4)

'An Achill Picnic', Cliara, 1937 (GP9/4)

'The Sailing Match', Cliara, 1937 (GP9/4)

'Watching the Race', Cliara, 1937 (GP9/4)

'Geese', Cliara, 1937 (GP9/4)



Dá bhfanadh Chambers ar an oileán go dtí an 15 Lúnasa, is dócha go mbeadh an lá pátrúin feicthe aige agus an turas bliantúil go Tobar Bríde³⁰.

Is cosúil go mbeadh radharc iontach lá breá ar an oileán agus amach ar an bhfarraige ón áit ar tógadh an pictiúr lena gcuirtear 'Geese' de theideal.

Tugann Mason le fios sa leabhar *Islands of Ireland* go mbíodh na géanna ar féarach leis na caoirigh amuigh ar an sliabh agus gur inis duine de mhuintir an oileáin dó

'...the geese were all "tokened" by holes punched into the web between the claws of the feet, so that the

owners could easily identify their own birds³¹. Ba ghnáth le teaghlaigh ar an oileán gé a mharú agus a réiteach lá féile nó laethanta ceiliúrtha eile³².

Is iomaí grianghraf iontach eile san albam óna bhfaightear tuiscint ar an gcaoi a ndeachaigh an t-oileán i bhfeidhm ar Chambers. Tá pictiúir ann de radharcanna ginearálta, mar shampla den chladach, de phortaigh agus d'aillte. Tá grianghraif freisin ann de dhaoine i mbun oibre, ag deisiú eangacha agus potaí gliomaigh, ag baint fhéir, ag cur caoi ar bhallaí cloiche, ag baint mhóna agus ag beathú laonna mar shampla. Ní hionann agus an nós atá aige le grianghraif den chineál céanna sna halbaim maidir le hOileáin Árann (GP9/1), na Blascaodaí (GP9/2) agus Árainn Mhór (GP9/3), ní ainmníonn Chambers na daoine atá sna pictiúir seo. D'fhéadfaí a cheapadh dá réir sin nár chuir sé aithne phearsanta ar dhaoine i gCliara mar is cosúil a rinne ar na hoileáin eile; go deimhin cothaíodh cairdeas buan idir é féin agus daoine i gcásanna áirithe ar na hoileáin sin. D'fhéadfadh, ar ndóigh, nach raibh peann agus páipéar aige an tráth ar thóg sé na grianghraif agus nár fhan cuimhne aige ar ainmneacha na ndaoine, ní féidir a rá anois; gné eile den éiginnteacht maidir le Chambers agus a chuid albam! Bíodh sin mar atá, is deas an t-albam seo (GP9/4) agus is suntasach an tuairisc cartlainne atá ann ar chuairt go Cliara agus ar shaol mhuintir an oileáin i rith shéasúr an tsamhraidh sa bhliain 1937.

Endnotes

1

Rinneadh na grianghraif a chur i sraith albam, sé cinn acu atá ar fáil go fóill agus atá ar coimeád i Leabharlann Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is bailiúchán faoi leith bailiúchán Brown ó thaobh léargas a thabhairt ar an saol in iarthar na hÉireann i rith na 1890idí

2

Féach mar shampla Mason, Thomas H., 1938, The Islands of Ireland, Their Scenery, People, Life and Antiquities, An Dara hEagrán, Leasaithe, Londain, B.T. Batsford Ltd, léaráidí 55 & 61

3

Ibid., l. 44

4

An Lár-Oifig Staidrimh, Tuairiscí Stairiúla, 1926, [C 1926 VOL 8 T13 \(cso.ie\)](#) Ceadaiódh Iúil 2022

5

An Lár-Oifig Staidrimh, Tuairiscí Stairiúla, 1936, [C 1936 Vol 1 T11 \(cso.ie\)](#) Ceadaiódh Lúnasa 2022

6

Seirbhís Seandálaíochta na hÉireann, Taifead MA085-013001, <https://maps.archaeology.ie/HistoricEnvironment/> Ceadaiódh Márta 2022

7

Féach mar shampla, Chambers, Anne, 2018, *Grace O'Malley: the Biography of Ireland's Pirate Queen 1530 - 1603*, Baile Átha Cliath, Gill Books

8

Wilkins, Noel, P., 2009, *'Alexander Nimmo, Master Engineer, 1783 – 1832: Public Works and Civil Surveys'*, Baile Átha Cliath, Irish Academic Press, l. 352

9

An Chartlann Náisiúnta, Oifig an Phríomh-Rúnaí, Comhad cáipéisí a bhaineann le hiarratas a rinne Sir Samuel O'Malley, giúistís, maidir le céibh nua i gCliara, Co. Mhaigh Eo, 1823, CSO/RP/1823/1246

10

An Chartlann Náisiúnta, comhaid Oifig na nOibreacha Poiblí, Caladh an tSeanchaisleáin, Cliara, Co. Mhaigh Eo, 1822 - 1828, OPW/8/271, agus Céibh i gCliara, Co. Mhaigh Eo, 1834 – 1847, OPW/8/80

11

'Relief for Clare Island. Improving the Harbour', *Western People*, 11 Nollaig 1937, l. 8

12

Lewis, Samuel, 1837, *A Topographical Dictionary of Ireland*, London, S. Lewis & Co.

13

Féach mar shampla, 'A Remarkable Story, of the Conditions of Living in Clare Island, Related at the Commission', *Irish Independent*, 14 M.F. 1906, l. 5

14

íospóireacht i bParlaimint na Ríochta Aontaithe an 14 Márta 1902, lml. 105 ll. 55-111 <https://api.parliament.uk/historic-hansard/commons/1902/mar/14/irish-congested-districts-board>. Accessed Jun 2022

15

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, Uimh. Chlár.: 31307502

16

O'Grady, Jackie, 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, l. 238 <http://www.jstor.org/stable/20520926>. Ba é seanathair údar an ailt sin a bhí i bhfeighil theach solais Chliara i rith na 1930idí agus na 1940idí

17

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, Uimh. Chlár.: 31308401

18

Praeger, Robert Lloyd (1865 - 1953), nádúraí, údar agus leabharlannaí as Ard Mhic Nasca, Co. an Dúin. Cuireadh oideachas air in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus bronnadh céimeanna BA (1885) agus B.Eng. (1886) air. Mar gheall ar a chuid oibre i ndáil le stair an dúlra, toghadh ina Chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann é sa bhliain 1891). Rinne sé fónamh i bpoist éagsúla i rith a ré gairme, ina leabharlannaí cúnta sa Leabharlann Náisiúnta idir na blianta 1893 agus 1923 san áireamh. Féach freisin mar shampla, Collins, Timothy, 1993, 'Praeger in the West: Naturalists and Antiquarians in Connemara and the Islands 1894 - 1914', Journal of the Galway Archaeological and Historical Society, 45, ll. 124–154 <http://www.jstor.org/stable/25535616>

19

Féach mar shampla, Feehan, John, 2019, Clare Island, Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, agus New Survey of Clare Island, Vol. 1-8, 2008 - 2012, Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann

20

O'Grady, Jackie, 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, ll. 170–249, <http://www.jstor.org/stable/20520926>

21

Féach mar shampla, 'Achill Herring for Germany', *Connaught Telegraph*, 24 Bealtaine 1930, l. 6, agus 'Clare Island Curing Stations', *Connaught Telegraph*, 22 Nollaig 1923, l. 2

22

O'Grady, Jackie, 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, ll. 170–249, <http://www.jstor.org/stable/20520926>

23

Ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Mhaigh Eo <https://www.mayo.ie/irish-tourist-association-survey>

24

Féach O'Grady, Jackie, 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, l. 238, <http://www.jstor.org/stable/20520926>

25

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2019, *Referendum Results 1937 - 2019*, Baile Átha Cliath, l. 18

26

'In the Teeth of the Gale', *Scéala Éireann*, 6 Iul, 1937, p9, Irish News Archive, Ceadaiódh Meitheamh 2022

27

'Mid-Atlantic Dramas', Belfast Newsletter, 22 Feabhra 1926, l. 10, Irish News Archive, Ceadaiódh Meitheamh 2022: Féach freisin 'Brothers Reunion', Irish Independent, 22 Feabhra 1926, l. 7

28

Tá pictiúr ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta de lucht guail á tharraingt le capaill i gCliara (NPA CIL198) i mBailiúchán Grianghraif Choimisinéirí Soilse na hÉireann, c. 1900-1909

29

O'Grady, J., 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, l. 177, <http://www.jstor.org/stable/20520926>

30

Suirbhé Chumann Turasóireachta na hÉireann, 1944, 'Customs, Patterns, etc', <https://www.mayo.ie/getattachment/8ee3efc1-d7b3-4d03-b90b-dfcaf35b42a8/attachment.aspx>. Ceadaiódh Meitheamh 2022. Féach freisin, 'Bailiúchán na Scol, Imleabhar 0098, Leathanach 69' ó Dúchas © Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD agus faoi cheadúna [CC BY-NC 4.0](#), <https://www.duchas.ie/en/cbes/4427851/4350556/4451180>

31

Mason, Thomas H, 1938, *The Islands of Ireland*, An Dara hEagrán, Leasaithe, Londain, B.T. Batsford Ltd, l. 44

32

O'Grady, Jackie, 2007, 'Clare Island Memories and the Lighthouse Service', *Béaloideas*, 75, ll. 170–249, <http://www.jstor.org/stable/20520926>

Albam Dhairbhre agus na Scealg, 1938

Michael Lynch



Trí cinn d'oileáin atá sna Scealga amach ó chósta Uíbh Ráthaigh i gContae Chiarraí. Sceilg Mhichíl atá ar an gceann is mó acu, ainmnithe i ndiaidh phátrún na mainistreach, Naomh Micheál. Tá Sceilg Mhichíl 8 míle siar siar ó thuaidh ó Cheann Bhólais, nó beagán faoi bhun 8 míle siar siar ó dheas ó Cheann Bhreagha i nDairbhre. Carraig Lomáin a thugtar ar an gceann is gaire don mhíntír de na Scealga, carraig bheag (níos lú ná aon acra amháin), beagnach ciorclach, tuairim is 3 mhíle siar ó dheas ó Oileán na gCánóg. Trí mhíle níos faide amach, tá an Sceilg Bheag, áit a mbíonn cuid mhór gainéad agus cineálacha eile éin farraige. Tá Sceilg Mhichíl dhá mhíle eile níos faide ón tír mór siar ó dheas ón Sceilg Bheag. Is é cuntas a thugann Samuel Lewis ar an oileán: ‘*a stupendous mass of slate rock rising majestically from the sea, and at the height of 50 or 60 yards dividing into two pyramidal summits, the taller of which has an elevation of 1500 feet above high-water mark*¹.

Tá achar tuairim is 3 acra i lár an oileáin a shaothraíodh na manaí nuair a bhíodh mainistir ar an oileán. Is maith mar a roghnaíodh an áit mar dhíseart ar an iargúil i rith ré na luath-Chríostaíochta. Tá iarsmaí ghnéithe foirgníochta na linne sin le feiceáil go fóill. In Annála na gCeithre Máistrí, luaitear gur chreach gintlí (mar a luaití le págánaigh nó Lochlannaigh) Sceilg Mhichíl sa bhliain 823², gur ghabh siad Eitgal, an tAb, agus gur thug siad a bhás den ocras. Fuair na manaigh ar fad an bás céanna nuair nárbh fhéidir lón cothaithe a thabhairt chomh fada leo ar an oileán.

Ón am i rith ré na luathstaire a ndearna manaigh cónaí ar an oileán, ní bhíodh de dhaoine ag trácht ar Sceilg Mhichíl ach lucht oilithreachta agus daoine a théadh ar deoraíocht chun peiríocha a chur díobh. Ó bhí sé chomh mór sin ar an iargúil, d'fhás an tuiscint go mbíodh an Cháisc seachtain níos deireanaí ar Sceilg Mhichíl, rud a d'fhágfadh seachtain sa bhreis san Inid chomh maith acu siúd ar mhian leo dul i mbun lánúnachais roimh thús an Charghais. As sin a d'eascair an nós liostaí a ríomh agus a scaipeadh de dhaoine neamhphósta agus caint de leithéid ‘*don't miss the boat* [to the Skelligs]’ a chaitheamh leo le teann masla. Ba mhinic liostaí den chineál sin d'fhir agus de mhná neamhphósta ar fud an pharóiste/réimse tíre a chló agus a scaipeadh ar fud an cheantair, maille le cuntas maslach nó tarcaisniúil go minic ar an uile dhuine acu. Ar ndóigh, b'annamh le lucht a bhfoilsithe a n-ainm féin a chur leis na liostaí sin ar eagla go ndíolfaí as.

Tuairiscíodh sa *Cork Examiner* go raibh duine amháin a raibh ‘Skellig List’ á scaipeadh aige i gCathair Chorcaí á bhabhtáil ar thicéid anraith ‘*It was a regular bank transaction*³.

Luaitear i Luacháil Uí Ghríofa go raibh Sceilg Mhichíl an tráth sin in ainm an

Ballast Board nó an Corporation for Preserving and Improving the Port of Dublin. Ar an gcomhlacht sin a leagadh cúram cothabhála na dtithe solais thart ar an oileán ó cuireadh an comhlacht ar bun sa bhliain 1810 ach leagadh an fheidhm sin ar Choimisínéirí Soilse na hÉireann ón mbliain 1867 amach. Thóg Trinity House dhá sholas faoi leith ar Sceilg Mhichíl i mblianta deiridh na 1830idí. Luann an tUasal Hall agus a Bhean: ‘*the effect has been almost to put an end to wrecks on the coast*⁴. Dá ainneoin sin, tharla longa a bhriseadh amach ó na Scealga ó am go chéile ina dhiaidh sin freisin, cé nach chomh minic céanna é agus a tharla i mBá na Scealg, níos gaire do thír mór.

Is ríbheag an trácht a dhéantar ar na Scealga i Leabhair Ainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis ná i sraith na Litreacha a ghabhann leo sin – is beag nach cinnte gur chinn ar fhear suirbhéireachta Pharóiste Chill Imleach dul amach ar na hoileáin, i bhfianaise a laghad a dhéantar tagairt do sheaniarsmaí (míle bliain d'aois faoin tráth sin) fhoirgnimh na manach ar Sceilg Mhichíl. Cuirtear sin ina cheart le Taifid Láithreán & Séadchomharthaí na linne seo lena n-áirítear trí cinn de leathanaigh ar a bhfuil tagairtí d'iarsmaí éagsúla seandálaíochta ar an oileán.⁵ Ó tharla an láthair chomh hiargúlta, is beag cur isteach a rinneadh ar chloigín foirgneamh Sceilg Mhichíl agus is ríshuntasach dá bharr sin an léargas a thugtar ar leagan amach na mainistreach ann. Tugtar cuntas sa suirbhéireacht seandálaíochta a rinne Ann O'Sullivan agus John Sheahan ar dheisceart Chiarraí ar chineál slán iltréitheach an chloigín agus ar an tábhacht atá leis maidir le léargas ar an leagan amach a bhíodh ar mhainistreacha den chineál luath atá i gceist⁶.

Paróiste ar oileán paróiste Dhairbhre atá tuairim is 4 mhíle siar ó dheas ó Chathair Saidhbhín. Is dócha go gceanglófaí an chéad chuid den ainm le crann nó coill darach agus luaitear an áit le Mogh Ruith, a mbíodh cáil na draíodóireachta air sa seanchas. Fad tuairim is cúig mhíle atá san oileán a shíneann comhthreomhar leis an míntír le caol domhain, Góilín Dairbhre, eatarthu agus an fharraige mhór an taobh eile den oileán. D'ordaigh Cromail dúnta a chur ag dhá cheann an oileáin chun teacht roimh fhoghlaithé mara as an Spáinn ag baint leasa as an áit; bhídís ar an oileán roimh aimsir Chromail agus ceaptar gur ón ré sin a tháinig Valentia mar mhalairt ar Dhairbhre. Chuaigh oirbheartaíocht Chromail chun leasa don namhaid le himeacht aimsire mar a luann Charles Smith maidir leis an oileán: ‘*was, in Queen Anne's wars, much frequented by French Privateers who, by keeping a watch on the island, lay very secure; for if any ship of war came to this place, the sentinel gave notice to what end of the harbour she directed her course and then the privateer sailed directly out at the other, and thereby escaped*⁷.

Bhíodh dhá bhealach bád farantóireachta idir an t-oileán agus tír mór tráth, ceangal idir an Rinn Aird agus an áit ar tógadh Baile an Ridire agus bealach níos giorra trasna ag an gCaladh san áit ar cuireadh droichead Phort Mhic Aoidh sa bhliain 1971.

B’ionann daonra an oileáin sa bhliain 1841 agus 2,920, an-chothrom leath agus leath fireann agus bainean. Faoin mbliain 1851, bhí ísliú 508 tagtha ar an líon sin, cé go raibh an baile nua, Baile an Ridire, curtha ar bun idir an dá linn, agus 165 duine ina gcónaí i 31 teach ansin. Bhí luaite ag Samuel Lewis sa bhliain 1849, *‘within these few years a town has been commenced, called in the Ordnance Survey “Knightstown”, contiguous to the eastern landing-place*⁸. Tá foscadh maith ag an gcaladh sin ó Bheiginis, díreach ó thuaidh den bhealach farantóireachta idir an Rinn Aird agus an t-oileán.

San ionad ina mbíodh dún Chromail i nGleann Laoim i dtuaisceart an oileáin (an Seithe an t-ainm atá ar an gceann tíre) a tógadh teach solais an oileáin i ndeireadh na 1830idí. Lasadh an solas den chéad uair ar an 1 Feabhra 1841.

Is cuid Dairbhre i gcónaí d’eastát Ridire Chiarraí agus tá teach cónaí ag Ridire na linne seo i nGleann Laoim. Talamh torthúil a bhí ar an oileán riamh agus le linn Smith: *‘was esteemed the granary of Ireland*⁹. Bhí an-rath ar thionscal chairéal slinne ann chomh maith ar feadh cuid mhór den 19ú céad. Bhí téagar agus fairsinge sna leaca slinne as Dairbhre agus ba mhinic iad a úsáid i mbun foirgnimh mhóra a thógáil i Londain, an Dánlann Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na Breataine san áireamh chomh maith le Teach na Parlaiminte. Luann Lewis go raibh 400 fear fostaithe i mbun obair slinne sa bhliain 1849 agus go raibh a dhá oiread pá ar fáil ag oibrí i nDairbhre seachas mar a bhí ag saothraí ar tír mór.¹⁰

Luann Lewis freisin, ó tharla é ar an bpointe ba ghaire do Mheiriceá, gur tháinig Dairbhre go mór i gceist maidir le stáisiún poist i ndáil le taisteal trasna an Atlantaigh. Ní fhéadfadh sé a thuar gurbh é a tharlódh gur i nDairbhre a bheadh ceann amháin den chábla teileagraif trasna an Atlantaigh. Chonacthas do dream a bhí i gceann an róid maidir le teicneolaíocht nua-thionscanta teileagraif faoi uisce gur mhaith an pointe leaschraolta Dairbhre maidir le teachtaireachtaí Mheiriceá a sheoladh ar aghaidh go hÉirinn agus don Bhreatain agus teachtaireachtaí na hEorpa a chur ar aghaidh siar go dtí an Domhan Nua.

Teicneolaíocht an-nua agus an-chasta a bhain le cáblaí teileagrafaíochta faoi uisce an tráth ar roghnaigh an Atlantic Telegraph Company Dairbhre agus Talamh an Éisc maidir le dhá cheann an chábla. Tá Bá Fhaill Sheamaram agus Heart’s Content (i dTalamh an Éisc) le lua go brách le stair na teileagrafaíochta ó seoladh an chéad teachtaireacht idir an

Bá Fhaill Sheamaram, Dairbhre, radharc amach ar an bhfarraige ón áit ar cuireadh an cábla i bhfarraige Léaráid le Robert Dudley, in Russell, Sir William Howard, 1866, *The Atlantic Telegraph* <https://www.metmuseum.org/art/collection/search/356571>



dá ionad. Cé nár éirigh leis an dá chábla tosaigh (1858 agus 1865), tosaíodh ag craoladh ar an tríú cábla i mí Iúil 1866. Cuireadh ó rath go sealadach é sa bhliain 1867, i rith Éirí Amach na bhFíníni, ach bhí sé ar ais ag obair tamall gairid ina dhiaidh sin.

De réir mar a tháinig an teileagrafaíocht thrasatlantaigh chun cinn, is dlúithe an ceangal a bhí leis an réimse sin i ndeisceart Chiarraí. Bhí scoil teileagrafaíochta ar bun i nDairbhre agus bhí oifigí ag comhlachtaí eile teileagrafaíochta ar an oileán chomh maith. Bhí buntáiste ina dhiaidh sin freisin sa Choireán as an tionsclaíocht a d’eascair ón mborradh faoi chúrsaí teileachumarsáide.

Leis an mborradh dá réir faoin éileamh ar oibrithe oilte i gcúrsaí cumarsáide, féachadh le taisteal go Dairbhre a dhéanamh i bhfad níos áisiúla ná mar a bhíodh go dtí sin. Cé go raibh aon phlean maidir leis an oileán a bheith ina stáisiún don taisteal trasna an Atlantaigh curtha de leataobh, cothaíodh fonn arís na pleananna eile a ghabh leis sin, maidir le ceangal idir an oileán agus córas na mbóithre iarainn, a chur chun cinn. Is é a bhí i gceist leis sin líne ceangail ón bhFearann Fuar (ionas go mbeadh ceangal ón oileán go díreach le Corcaigh agus le Baile Átha Cliath). Socraíodh síneadh a chur le líne an Great Southern & Western Railway Company idir Oileán Chiarraí agus Cill Orglan, líne a bhí in úsáid ón mbliain 1885, agus chuaigh an chéad traein as Baile Átha Cliath díreach go stáisiún Dhairbhre (ar an Rinn Aird) i mí Bealtaine 1893. I mí Eanáir 1960 a chuaigh an traein paisinéirí dheireanach ar an líne agus tugadh na ráillí chun bealaigh ar fad i mí Lúnasa. Tá i ndán go gcuirfear brí agus beocht nua sa líne nuair a osclaítear Glasbhealach Dheisceart Chiarraí ar an seanbhealach traenach.

Taobh amuigh de bheith cóngarach dá chéile, tá le rá faoi Dhairbhre agus faoi na Scealga freisin go bhfuil siad ar na suíomhanna in Éirinn is mó a bhfuil suntas leo maidir le hionad na hÉireann sa saol mór. Tá an láthair mainistreach ar Sceilg Mhichíl le háireamh ar shuíomhanna móra seandálaíochta an domhain agus luaitear ón mbliain 1996 é mar ionad ainmnithe faoi Choinbhinsiún UNESCO maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda. Is é tuairisc oifigiúil ar Sceilg Mhichíl ag UNESCO:

*Sceilg Mhichíl is an outstanding, and in many respects unique, example of an early religious settlement deliberately sited on a pyramidal rock in the ocean, preserved because of a remarkable environment. It illustrates, as no other property can, the extremes of a Christian monasticism characterizing much of North Africa, the Near East and Europe.*¹¹

Ar an gcuma chéanna, tá pleananna á mbeartú maidir le hairteantas don pháirt a bhí ag Dairbhre agus ag Talamh an Éisc i bhforbairt nateileachumarsáide agus a lua ar liosta sainiúil ar Choinbhinsiún UNESCO maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda.

Tugtar blas ar shaol oileáin, nach ionann agus an saol a chaith muintir an Bhlascaoid, in albam George Chambers de ghrianghraif na Scealg agus Dhairbhre 1938 (GP9/5). Léiríonn na pictiúir den chairéal go raibh tionsclaíocht ar bun (cairéalacht slinne agus obair ghaolmhar) a raibh oiread den rath air agus gur tógadh baile na



‘The Disused Slate Quarry’,
Dairbhre, Co. Chiarraí,
1938 (GP9/5)



Binsí, a bhaineadh tráth le heastát Collis Sandes i dTrá Lí, atá anois i gclós Leabharlann Thrá Lí (© Michael Lynch)



‘The Village of the Slate Quarry’, Dairbhre, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)

n-oibrithe agus gur cothaíodh dea-cháil ar an táirge. Ar na samplaí atá ar fáil, áirítear péire breá binsí a bhíodh in eastát Collis Sandes i dTrá Lí agus atá anois i gclós na Leabharlainne ar an mbaile sin. Tá armas mhuintir Sandes greanta ar gach aon cheann acu mar atá mana an teaghlaigh sin *‘Virtus Fortunae Victrix’* (Bíonn suáilceach rathúil).

Is léiriú an pictiúr d’ardán damhsa ar an gcrosbhóthar ar chaitheamh aimsire na ndaoine, cineál a thiocfadh go maith le haisling Éamon de Valera maidir le fir agus mná óga na hÉireann. Is fánach an tagairt atá ag Chambers do chúrsaí teileachumarsáide maidir le stair Dhairbhre – b’fhéidir dá mbeadh cuairt tugtha aige go Bá Fhail Sheamaram go mbeadh sé níos cinnte de thábhacht na beartaíochta agus den athrú a chuir sé, ní hamháin ar shaol an oileáin, ach ar shaol na hEorpa ar fad.



‘One of the Dancing-platforms found at the Cross-roads on Valentia’, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)

Is breá an léargas a thugtar ar chuairt Chambers go Sceilg Mhichíl agus is cosúil ó na pictiúir san albam go raibh an lá an-chóiriúil don turas. Tá sé ina chalm agus iad ag teacht i dtír as an mbád, rud is annamh.

Is léir ó na pictiúir den chosán an chontúirt a bhaineann leis an mbealach suas an t-oileán agus cuireann an pictiúr lena luaitear an ‘Weeping Woman’ i gcuimhne na clocha salainn is coitianta a fheiceáil ar na cnoic aníos ón Muir Mharbh ar a dtugann muintir na háite ‘Bean Lót’.

Is leis an Sceilg a bhaineann mórchuid an albaim agus cuirtear in iúl an saol crua uaigneach a bhíodh ag na manaigh sin a chuaigh ar an iargúil ar an oileán 1,200 bliain ó shin.



'The Cat Hole and Landing-place on Skellig Michael', Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)



'Our Launch at the Landing-stage', Sceilg Mhichíl, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)



‘The Pathway around Skellig Michael’, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)

‘The Pathway, showing the “Weeping Woman” and the Lesser Skellig’, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)

‘The “Weeping Woman”, Sceilg Mhichíl, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)



Endnotes

- 1 Lewis, Samuel, *A Topographical Dictionary of Ireland*, Imleabhar 2, l. 514 (1849 edition)
- 2 Nicholls, K. (ed.), *Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters*, Imleabhar I, (1990, De Búrca) A.D. 823, l. 435
- 3 *The Cork Examiner*, 15 Feabhra 1847, p2
- 4 Hall, Mr & Mrs S. C., *Hall’s Ireland*, Imleabhar 1, (An chéad eagrán 1841; an t-eagrán a ceadaiódh: Sphere Books, Londain, 1984), ll. 99-100
- 5 Oifig na nOibreacha Poiblí, Taifid Láithreán & Séadchomharthaí (SMR), Co. Chiarraí, Bileog 104A, ll. 1-3
- 6 O’Sullivan, Ann & Sheahan, John, 1996, *The Iveragh Peninsula: An Archaeological Survey of South Kerry*, Cork University Press, ll. 278-290
- 7 Smith, Charles, 1756, *The Ancient & Present State of the County of Kerry*, ll.105 - 106
- 8 Lewis, Samuel, 1849, p625
- 9 Smith, Charles, 1756, p105
- 10 Lewis, Samuel, 1849, p625
- 11 <https://whc.uunesco.org/en/list/757/>

‘The Lynch Children Do Their Homework’, Dairbhre, Co. Chiarraí, 1938 (GP9/5)



Na hÚdair



An Dr Niamh Brennan Is í an Dr Niamh Brennan Cartlannaí Chartlann Chontae Dhún na nGall, An Rannán Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall. Tá seirbhís na cartlainne bainistithe aici ó cuireadh tús léi sa bhliain 1999. D'oibrigh sí roimhe sin ina cartlannaí i Rannán na gCartlann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Foilsíodh ailt dá cuid in *Irish Historical Studies*, *Donegal Annual* agus *History Ireland*, i measc foilseachán eile. Áirítear ailt, leabhráin agus pacaí oideachais ar théamaí a bhaineann le stair agus cartlann Dhún na nGall ar a cuid foilseachán le Cartlann Chontae Dhún na nGall. Tá Ard-Diplóma iarchéime aici Sa Léann Cartlainne chomh maith le Ph.D. i Nua-Stair na hÉireann ó Ollscoil na hÉireann (Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath).



Rory Bunce an Leabharlannaí Feidhmiúcháin atá i gceannas ar Leabharlann Léann an Cheantair (Leabharlann agus Seirbhís Ealaíne Chomhairle Chontae Chorcaí). Tá spéis ag Rory sa stair ó bhí sé óg agus ghnóthaigh sé céim MA sa Stair Áitiúil sa bhliain 2018.



Dr Jim Higgins d'oibrigh ina shaorsheandálaí in Éirinn agus thar lear sular ceapadh ina Oifigeach Oidhreachta le Comhairle Cathrach na Gaillimhe é sa bhliain 1999, an chéad oifigeach dá leithéid sa Stát. Céimí de chuid OÉ, Gaillimh é a ghnóthaigh PhD sa bhliain 2011 le tráchtas maidir le dealbhadóireacht na meánaoise i nGaillimh. Tá cuid mhór foilsithe aige maidir le gnéithe den tseandálaíocht, den stair, de stair na healaíne, den bhéaloideas agus de shaol na tuaithe, den dealbhadóireacht agus den tsiombalachas. Is é an t-údar é ar dhá leabhar déag, agus an t-eagarthóir agus comhúdar ar shé cinn eile.



Michael Lynch, cartlannaí atá ar scor. Chaith sé tréimhsí na chartlannaí cúnta le Shropshire Record Office, leis an Institution of Electrical Engineers (Londain), agus le Reuters plc. Rinne sé fónamh freisin ina Chartlannaí Cathrach & Contae i Luimneach agus, le deireanas, ina Chartlannaí Contae i gCiarraí.



Patria McWalter, cartlannaí, d'oibrigh ar feadh roinnt blianta le Comhairle Chontae Mhaigh Eo sular tháinig ag obair le Comhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2000. Tá obair thaighde agus choimeádaíochta déanta aici maidir le taispeántais éagsúla, ar a n-áirítear *‘From Colonial State to Free State, What they said...’* (2016), agus is í údar an leabhráin teorach *For the Record, The Archives of Galway’s Rural District Councils* (2014), tiomsaitheoir an téacs maidir le *Collecting and Preserving Folklore and Oral History: Basic Techniques* (2006), agus údar ailt i bhfoilseacháin éagsúla.



Catherine Wright Is cartlannaí í Catherine atá ag fónamh do Chomhairle Chontae Chill Mhantáin i mbun bainistíochta ar Chartlann Chontae Chill Mhantáin agus ar an tSeirbhís Ginealais. Tá céim BA sa stair agus san antraipeolaíocht aici ó OÉ, Maigh Nuad agus céim MA sa chartlannaíocht agus i mbainistíocht taifead ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta de ghrúpa Chartlannaithe agus Bhainisteoirí Taifead an Rialtais Áitiúil (LGARM), d'Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin agus de Mheitheal Cultúir Chill Mhantáin.

*‘...cuimhne dhoiciméadach chontae na Gaillimhe a
shealbhú, a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana’*

Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**